2024/2746

30.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2746 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Deireadh Fómhair 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 ón gCoimisiún

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme ([1]), agus go háirithe Airteagal 4a(3), Airteagal 5(1), an tríú fomhír, Airteagal 5a(2) agus (4), Airteagal 5b(7), Airteagal 7(2), Airteagal 8(4), Airteagal 8a(2) agus Airteagal 19(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/2674 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009. Leis an leasú sin, déantar an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme (LSCF) a chlaochlú ina Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF). Chun feidhmiú cuí an chreata dhlíthiúil nua a eascraíonn as an leasú sin a áirithiú, ba cheart rialacha áirithe a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme.

(2) I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, is gá tairseacha a shocrú maidir le méid eacnamaíoch na ngabháltas. Is gá na tairseacha sin a bheith éagsúil de réir an Bhallstáit agus, i gcásanna áirithe, de réir an rannáin LSIF, chun a struchtúir feirmeoireachta éagsúla a chur san áireamh.

(3) Le hAirteagal 5a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 foráiltear go bhfuil gach Ballstát le plean a tharraingt suas maidir le roghnú na ngabháltas tuairisceáin ('plean roghnúcháin'), plean lena n-áiritheofar sampla ionadaíoch den réimse suirbhé. Chun an plean roghnúcháin a chruthú, ba cheart an réimse suirbhé a shrathú bunaithe ar na rannáin LSIF a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, agus bunaithe ar chineálacha feirmeoireachta agus ar mhéideanna eacnamaíocha chomh maith. Ba cheart an plean roghnúcháin a tharraingt suas roimh thús na bliana tuairiscithe ionas gur féidir leis an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil ann sular féidir é a úsáid chun gabháltais tuairisceáin a roghnú. Chun ionadaíochas an tsampla a roghnaíodh i ndáil leis na hathróga eacnamaíocha a choinneáil ar bun, agus gnéithe inbhuanaitheachta eile á n-ionchorprú, ba cheart na samhlacha agus na modhanna a bhaineann le foirm agus ábhar an phlean roghnúcháin a thabhairt cothrom le dáta. Agus na gabháltais atá á n-oibriú ag na Ballstáit á roghnú, ba cheart topaicí comhshaoil agus sóisialta a thugtar isteach leis an tiontú chuig LSIF a chur san áireamh.

(4) Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5b de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a chomhlíonadh, ar cuspóirí iad a bhfuil feidhm acu chun críocha LSIF, ba cheart rialacha cur chun feidhme maidir le tíopeolaíocht an Aontais a bhunú.

(5) Ba cheart an cineál feirmeoireachta agus méid eacnamaíoch an ghabháltais a chinneadh trí úsáid a bhaint as critéar eacnamaíoch. Is iomchuí an t-aschur caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 5b(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a úsáid chun na críche sin. Is gá na haschuir chaighdeánacha sin a bhunú de réir táirge agus ba cheart iad a ailíniú leis an liosta d'athróga na gcroí-shonraí struchtúracha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). I ndáil leis sin, ba cheart comhfhreagairt idir saintréithe na suirbhéanna ar struchtúr agus ceannteidil thuairisceán feirme LSIF a áirithiú.

([1]) IO L 328, 15.12.2009, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1217/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2674 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme a thiontú ina Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (IO L, 2023/2674, 29.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2674/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1091/oj).

(6) De réir mar a éiríonn gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta an ghabháltais níos tábhachtaí, ba cheart athróg aicmithe atá ina léiriú ar thábhacht na ngníomhaíochtaí sochracha sin a bhaineann go díreach leis an ngabháltas a chur san áireamh i dtíopeolaíocht an Aontais.

(7) Ós rud é gurb iomchuí an t-aschur caighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 5b(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a úsáid mar chritéar eacnamaíoch chun an cineál feirmeoireachta agus méid eacnamaíoch an ghabháltais a chinneadh, is gá freisin rialacha áirithe a leagan síos maidir le tarchur na n-aschur caighdeánach chuig an gCoimisiún agus maidir leis na sonraí is gá chun iad a ríomh.

(8) Chun cuspóirí LSIF a bhaint amach, ba cheart saintréithe an tuairisceáin feirme a mhodhnú, lena n-áirítear tús agus deireadh na bliana tuairiscithe, foirm agus leagan amach an tuairisceáin feirme, sainiú na n-athróg agus minicíocht an tarchuir sonraí. Ba cheart, go háirithe, na topaicí a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a chumhdach leis na hathróga nua a bhaineann le gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus inbhuanaitheachta sóisialta na feirmeoireachta. Ba cheart prionsabail ghinearálta a bhunú chun tuairisceáin feirme a thiomsú, lena n-áirítear an gá atá ann athróga comhshaoil agus sóisialta a bhailiú agus na féidearthachtaí nua a chuirtear ar fáil trí chomhroinnt sonraí le foinsí sonraí eile.

(9) Ba cheart athróga agus sainmhíniú ar athróga atá nasctha le ceann amháin nó níos mó de na topaicí a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a mhionsonrú, agus an fhaisnéis is gá a sholáthar chun a anailís shonrach a dhéanamh orthu. Ba cheart an sainmhíniú ar athróga nua a bheith comhsheasmhach leis na sonraí cuntasaíochta atá ann cheana, a áirítear i sonraí LSIF, bunaithe ar fhoirm agus ar leagan amach comhchosúil.

(10) Le hAirteagal 8(4), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 leagtar síos gur cheart modhanna agus sprioc-amanna a bhunú maidir le sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún, lena n-áirítear síntí a d'fhéadfaí a chur le sprioc-amanna agus díolúintí le haghaidh athróga sonracha a d'fhéadfaí a dheonú do Bhallstát. Agus an t-eagrú agus na modhanna éagsúla maidir le tiomsú sonraí ó Bhallstát go chéile á gcur san áireamh, is iomchuí sprioc-amanna ábhartha a bhunú le haghaidh athróga áirithe laistigh den tréimhse idir bliain tuairiscithe 2025 agus bliain tuairiscithe 2027. Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse sin maidir leis an tráthchlár a bhunú chun na sonraí a chur isteach agus chun an buiséad bliantúil a bhainistiú.

(11) An ghníomhaireacht idirchaidrimh arna ceapadh ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, ba cheart di tuairisceáin feirme arna gcomhlánú go cuí a chur chuig an gCoimisiún in am trátha chun bainistiú aonfhoirmeach tráthúil na sonraí arna seachadadh a áirithiú. Ba cheart próiseas seachadta na sonraí chuig an gCoimisiún a dhéanamh praiticiúil agus slán. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an ngníomhaireacht idirchaidrimh chun an fhaisnéis lena mbaineann a sheoladh go díreach chuig an gCoimisiún tríd an gcóras ríomhairithe arna bhunú ag an gCoimisiún chun críocha an Rialacháin sin agus maidir le módúlachtaí breise ina leith sin. Is iomchuí go gcuirfí san áireamh sna teorainneacha ama maidir leis na sonraí sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin taifead na mBallstát san am a chuaigh thart maidir leis na sonraí sin a sheachadadh.

(12) Ba cheart gach tuairisceán feirme a sheachadtar chuig an gCoimisiún a chomhlánú go cuí chun go measfar gur tuairisceán é atá incháilithe d'íoc an mhéid.

(13) Leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 an teorainn leis an líon iomlán tuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit agus in aghaidh an rannáin LSIF. Mar sin féin, chun athruithe struchtúracha a chur san áireamh, ba cheart solúbthacht i líon uasta na ngabháltas tuairisceáin atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontas in aghaidh an rannáin LSIF a cheadú chun tearcsheachadtaí i rannáin eile LSIF a chúiteamh, ar choinníoll go n-urramaítear líon uasta ghabháltais tuairisceáin an Bhallstáit lena mbaineann, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

(14) De réir Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, ba cheart méid a bheith iníoctha leis na Ballstáit chun na tuairisceáin feirme arna gcomhlánú go cuí a sheachadadh laistigh de sprioc-am a leagtar síos. Chun aistriú rianúil idir LSCF agus LSIF a áirithiú, ba cheart na rialacha lena rialaítear an méid iníoctha leis na Ballstáit a oiriúnú le haghaidh na n-íocaíochtaí laistigh den tréimhse idir bliain tuairiscithe 2025 agus bliain tuairiscithe 2027 agus, i dtaca leis na tuairisceáin feirme arna gcomhlánú go cuí a sheachadfar, ba cheart a chur san áireamh a mhéid a sholáthraítear leo an fhaisnéis uile is gá chun anailís a dhéanamh ar na topaicí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

(15) Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún, ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([4]), ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ag an gCúirt Iniúchóirí a n-inniúlachtaí féin a fheidhmiú, lena n-áirítear iniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus imscrúduithe a dhéanamh ar an gcaiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas faoin Rialachán seo.

(16) Chun na rialacha maidir le comhroinnt sonraí a áirítear in Airteagal 4a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a chur chun feidhme, is gá forálacha a leagan amach maidir leis na sonraí atá le asbhaint as na tacair sonraí éagsúla. Ba cheart sonraíochtaí teicniúla agus sprioc-amanna maidir le tarchur sonraí a leagan amach agus é d'aidhm acu an t-ualach riaracháin ar údaráis na mBallstát a laghdú, agus a indéanta atá sé sonraí a asbhaint, córais leictreonacha eile atá i bhfeidhm cheana féin agus bainistiú chóras ríomhairithe sonraí LSIF á gcur san áireamh. Chun ailíniú le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), go háirithe in Airteagal 67(3) de, is iomchuí sprioc-amanna a leagan síos maidir le tarchur sonraí lena bhféadfar sonraí LSIF a nascadh leis na hiarratais ar chabhair CBT arna gcur isteach ag na gabháltais chéanna. Ba cheart Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún ([8]) a chur san áireamh freisin maidir le sonraí spásúla dáileachtaí talmhaíochta a chomhroinnt.

(17) Chun na rialacha maidir le stóráil, próiseáil, athúsáid agus comhroinnt sonraí a áirítear in Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a chur chun feidhme, is gá forálacha maidir leis an gcóras ríomhairithe sonraí a leagan amach chun sonraí a tharchur agus anailís a dhéanamh orthu i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún ([9]).

(18) Maidir le líon, ábharthacht agus sainmhíniú na n-athróg, chomh maith le líon, ábharthacht agus sainmhíniú na bhforálacha airgeadais, lena n-áirítear an sainmhíniú ar thuairisceán feirme arna chomhlánú go cuí, agus na bhforálacha comhroinnte sonraí, ba cheart iad a bheith faoi réir athbhreithniú in 2027, agus an taithí a gheofar tar éis na sonraí a thiomsú le haghaidh na chéad bhliana tuairiscithe á cur san áireamh, agus ar bhonn anailís indéantachta ina gcuirtear san áireamh, i measc nithe eile, ionchur ó na Ballstáit, lena n-áirítear infhaighteacht agus cáilíocht foinsí sonraí nua agus foinsí sonraí atá ann cheana, cur chun feidhme féideartha modhanna nua, agus an t-ualach airgeadais ar na Ballstáit agus ar ghabháltais tuairisceáin.

(19) Cuirtear na rialacha nua a thugtar isteach leis an Rialachán seo in ionad na rialacha atá ann cheana a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 ón gCoimisiún ([10]). Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a aisghairm. Mar sin féin, chun a áirithiú gur féidir tarchur sonraí, fíorú sonraí agus íocaíochtaí le haghaidh na mblianta cuntasaíochta uile roimh 2025 a thabhairt chun críche, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán Cur Chun Feidhme sin fós tar éis an 1 Eanáir 2025.

([4]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

([7]) Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/2/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsiú agus lena n-athúsáid (IO L 19, 20.1.2023, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/138/oj).

([9]) Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/46/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/220 an 3 Feabhra 2015 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú (IO L 46, 19.2.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/220/oj).

(20) I bhfianaise an ghá atá ann go n-aistreoidh na Ballstáit ó LSCF go LSIF, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón mbliain tuairiscithe 2025 ar aghaidh.

(21) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann tús a chur le hullmhú an phlean roghnúcháin go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(22) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus thug sé barúlacha foirmiúla an 13 Meán Fómhair 2024.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

ROINN 1

RÉIMSE SUIRBHÉ AGUS PLEAN ROGHNÚCHÁIN

Airteagal 1

Tairseach na méide eacnamaíche

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo tairsí na méide eacnamaíche, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

Airteagal 2

An líon gabháltas tuairisceáin

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo an líon gabháltas tuairisceáin de réir an Bhallstáit agus de réir rannán an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF), dá dtagraítear in Airteagal 5a(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

Airteagal 3

Plean roghnúcháin

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo na samhlacha agus na modhanna a bhaineann le foirm agus le hábhar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, trí mheán leictreonach, maidir leis an bplean roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 agus a d'fhormheas an Coiste Náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) den Rialachán sin, tráth nach déanaí ná 2 mhí roimh thús na bliana tuairiscithe lena mbaineann an plean roghnúcháin sin.

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

ROINN 2

TÍOPEOLAÍOCHT AN AONTAIS LE hAGHAIDH GABHÁLTAS

Airteagal 4

Cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta

Leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo na modhanna chun cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta a ríomh, modhanna dá dtagraítear in Airteagal 5b(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, agus an chaoi a gcomhfhreagraíonn siad do na cineálacha ginearálta feirmeoireachta agus do na príomhchineálacha feirmeoireachta dá dtagraítear san Airteagal sin.

Airteagal 5

Méid eacnamaíoch an ghabháltais

Leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo an modh chun méid eacnamaíoch an ghabháltais a ríomh, dá dtagraítear in Airteagal 5b(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, agus na haicmí méide eacnamaíche, dá dtagraítear in Airteagal 5b(1) den Rialachán sin.

Airteagal 6

Comhéifeacht an aschuir chaighdeánaigh agus aschur caighdeánach iomlán gabháltais

1. Leagtar amach in Iarscríbhinní IV agus VI a ghabhann leis an Rialachán seo an modh ríofa chun cinneadh a dhéanamh ar chomhéifeacht an aschuir chaighdeánaigh le haghaidh gach saintréithe, dá dtagraítear in Airteagal 5b(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, agus an nós imeachta chun na sonraí comhfhreagracha a bhailiú.

Maidir le comhéifeacht an aschuir chaighdeánaigh le haghaidh na saintréithe éagsúla de ghabháltas, dá dtagraítear in Airteagal 5b(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, cinnfear í le haghaidh na n-athróg barr agus beostoic a liostaítear i gCuid 2.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo agus le haghaidh gach aonaid gheografaigh dá dtagraítear i bpointe 2(b) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Gheofar aschur caighdeánach iomlán an ghabháltais trí chomhéifeacht an aschuir chaighdeánaigh le haghaidh gach athróige barr agus beostoic a iolrú faoin líon aonad comhfhreagrach.

Airteagal 7

Gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas

Tugtar sainmhíniú ar na gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas dá dtagraítear in Airteagal 5b(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfar a dtábhacht eacnamaíoch don ghabháltas a shloinneadh mar bhanda céatadáin de láimhdeachas an ghabháltais.

Leagtar amach i gCodanna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo an modh chun tábhacht na ngníomhaíochtaí sochracha dá dtagraítear sa chéad mhír a mheas.

Leagtar amach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo na bandaí céatadáin dá dtagraítear sa chéad mhír.

Airteagal 8

Fógra a thabhairt faoi aschuir chaighdeánacha agus faoi shonraí chun iad a chinneadh

1. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) na haschuir chaighdeánacha, na sonraí chun iad a chinneadh agus na meiteashonraí comhfhreagracha, dá dtagraítear in Airteagal 5b(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, le haghaidh tréimhse thagartha bhliain N go dtí an 31 Nollaig de bhliain N+3.

2. Chun na sonraí agus na meiteashonraí dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh, úsáidfidh na Ballstáit na córais ríomhairithe arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún (Eurostat) chun na críche sin.

ROINN 3

SEACHADADH AN TUAIRISCEÁIN FEIRME AGUS NA SONRAÍ CHUIG AN gCOIMISIÚN

Airteagal 9

Tús agus deireadh na bliana tuairiscithe

I dtaca leis an mbliain tuairiscithe de 12 mhí as a chéile, dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, tiocfaidh deireadh léi le linn na tréimhse ón 31 Nollaig go dtí an 30 Meitheamh, agus an dá dháta sin san áireamh.

Airteagal 10

Na sainmhínithe ar athróga, foirm agus leagan amach an tuairisceáin feirme agus minicíocht an tarchuir sonraí

Leagtar síos in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo na sainmhínithe ar na hathróga a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na topaicí a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, foirm agus leagan amach chur i láthair na sonraí, agus minicíocht an tarchuir sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

Airteagal 11

Na modhanna agus na sprioc-amanna maidir le sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún

1. An ghníomhaireacht idirchaidrimh dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, cuirfidh sí na tuairisceáin feirme faoi bhráid an Choimisiúin trí chóras ríomhairithe sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009. Déanfar an fhaisnéis is gá a mhalartú go leictreonach ar bhonn samhlacha a chuirfear ar fáil don ghníomhaireacht idirchaidrimh tríd an gcóras ríomhairithe sonraí sin.

2. Cuirfear na Ballstáit ar an eolas faoi na coinníollacha ginearálta a bhaineann le cur chun feidhme an chórais ríomhairithe dá dtagraítear i mír 1 ag Coiste an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme.

3. Leagtar amach táblaí agus athróga LSIF in Iarscríbhinn IX. Tíolacfaidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10 ó na blianta tuairiscithe 2025 agus 2027 sna tuairisceáin feirme i gcomhréir leis an tráthchlár a leagtar amach in Iarscríbhinn IX. I gcás na bliana tuairiscithe 2026, beidh na hathróga atá le tíolacadh mar an gcéanna leis na hathróga le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025. Maidir leis na táblaí a léirítear in Iarscríbhinn IX, tíolacfar athróga nua LSIF a leagtar síos in Iarscríbhinn IX den chéad uair le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025 nó 2027. Tar éis na mblianta tuairiscithe sin, leanfar dá thíolacadh gach bliain.

Mar sin féin, féadfar sonraí is gá a thíolacadh le haghaidh na bliana tuairiscithe 2027 a thíolacadh i mbliain níos luaithe freisin.

4. Tarchuirfear na tuairisceáin feirme chuig an gCoimisiún faoin 15 Nollaig tar éis dheireadh na bliana tuairiscithe atá i gceist.

Mar sin féin, féadfaidh an Ghearmáin na tuairisceáin feirme a tharchur chuig an gCoimisiún laistigh de 15 seachtaine tar éis an sprioc-ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

5. Measfar tuairisceáin feirme a bheith seachadta chuig an gCoimisiún a luaithe a thabharfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10 isteach sa chóras ríomhairithe sonraí dá dtagraítear i mír 1, a luaithe a dhéanfar na seiceálacha ríomhairebhunaithe ina dhiaidh sin agus a luaithe a dheimhneoidh an ghníomhaireacht idirchaidrimh go bhfuil na sonraí réidh le lódáil sa chóras ríomhairithe sonraí sin.

Airteagal 12

Síntí le sprioc-amanna agus díolúintí le haghaidh athróga sonracha

1. I gcás na bliana tuairiscithe 2025, leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo na díolúintí ó shonraí a thíolacadh a bhaineann le hathróga sonracha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo arna ndeonú do Bhallstáit áirithe, dá dtagraítear in Airteagal 8(4), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

2. I gcás na mblianta tuairiscithe 2026 agus 2027, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an sprioc-am chun sonraí maidir le hathróga sonracha dá dtagraítear in Airteagal 11(4), an chéad fhomhír, a thíolacadh, má dhéanann an Ballstát iarraidh a bhfuil bonn cirt léi. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an iarraidh sin chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine den bhliain roimh an mbliain tuairiscithe atá i gceist.

3. I gcás na mblianta tuairiscithe 2026 agus 2027, féadfaidh an Coimisiún Ballstáit a dhíolmhú ó shonraí maidir le hathróga sonracha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII a thíolacadh le haghaidh bliain tuairiscithe ar leith má dhéanann an Ballstát iarraidh a bhfuil bonn cirt léi. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an iarraidh sin chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Bealtaine den bhliain roimh an mbliain tuairiscithe.

ROINN 4

AN MÉID IS INÍOCTHA LEIS NA BALLSTÁIT

Airteagal 13

Tuairisceáin feirme arna gcomhlánú go cuí

1. Chun críocha Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, comhlánaítear tuairisceán feirme go cuí nuair atá a ábhar cruinn ó thaobh fíricí de, iontaofa agus infhíoraithe, agus nuair a dhéantar na sonraí atá ann a thaifeadadh agus a chur i láthair i gcomhréir leis an bhfoirm agus leis an leagan amach a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, chun go measfar iad a bheith comhlánaithe go cuí, cuimseofar sonraí na dtáblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII sna sonraí maidir le tuairisceáin feirme le linn na tréimhse le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2025, 2026 agus 2027, agus cuirfear san áireamh na díolúintí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX.

Airteagal 14

An líon tuairisceán feirme atá incháilithe don íocaíocht

1. Maidir leis an líon iomlán tuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí agus arna dtíolacadh in aghaidh an Bhallstáit, dá dtagraítear in Airteagal 5a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, atá incháilithe d'íoc an mhéid atá iníoctha le gach Ballstát, ní sháróidh sé an líon iomlán gabháltas tuairisceáin a leagtar síos le haghaidh an Bhallstáit sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina bhfuil níos mó ná rannán LSIF amháin ag na Ballstáit, féadfaidh an líon iomlán tuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí agus arna dtíolacadh in aghaidh an rannáin LSIF atá incháilithe d'íocaíocht, féadfaidh sé a bheith suas le 20 % níos airde ná an líon a leagtar síos le haghaidh an rannáin LSIF lena mbaineann in Iarscríbhinn II, ar choinníoll nach mbeidh an líon iomlán tuairisceán feirme arna gcomhlánú agus arna dtíolacadh go cuí de chuid an Bhallstáit lena mbaineann níos airde ná an líon iomlán a leagtar síos le haghaidh an Bhallstáit sin in Iarscríbhinn II.

Mar sin féin, i dtaca le tuairisceáin feirme ó rannán LSIF ag a bhfuil líon níos airde tuairisceán feirme tíolactha ná mar a leagtar síos le haghaidh an rannáin LSIF sin in Iarscríbhinn II, ní mheasfar iad a bheith incháilithe don íocaíocht i rannán LSIF ar ina leith a thíolacann an Ballstát níos lú ná 80 % den líon gabháltas tuairisceáin is gá.

Airteagal 15

Íoc an mhéid

1. Íocfar an méid is iníoctha le gach Ballstát, dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, ina dhá thráthchuid:

(a) íocaíocht réamh-mhaoinithe a chomhfhreagraíonn do 50 % den mhéid iomlán a bhunaítear ar bhonn Airteagail 16 agus 17 den Rialachán seo, íocaíocht a dhéanfar ag tús gach bliana tuairiscithe;

(b) íocfar an t-iarmhéid tar éis na tuairisceáin feirme arna seachadadh a fhíorú agus tar éis don Choimisiún a mheas gur comhlánaíodh go cuí iad.

2. An méid a íocfar le gach Ballstát, rannchuideoidh sé le haon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas: comhlánú cuí na dtuairisceán feirme, feabhsuithe ar uainiú, próisis, córais agus nósanna imeacht an tseachadta sonraí agus cáilíocht fhoriomlán na dtuairisceán feirme.

3. Coimeádann an Coimisiún an ceart aige féin chun aon mhéid a íocadh go míchuí a aisghabháil.

Airteagal 16

An méid is iníoctha leis na Ballstáit

1. An méid is iníoctha le gach Ballstát, dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, socrófar é ag EUR 636 in aghaidh an tuairisceáin feirme.

2. Maidir leis na tairseacha 80 % dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, mura mbaintear amach iad ar leibhéal rannán LSCF ná ar leibhéal an Bhallstáit lena mbaineann, cuirfear an laghdú dá dtagraítear san fhoráil sin i bhfeidhm ar leibhéal an Bhallstáit agus ar an leibhéal sin amháin.

Airteagal 17

An méid is iníoctha leis na Ballstáit le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2025, 2026 agus 2027

1. De mhaolú ar Airteagal 16(1) den Rialachán seo, le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2025, 2026 agus 2027, is é an méid is iníoctha le gach Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 na huasmhéideanna a leagtar amach in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo. Is éard atá sa mhéid sin:

(a) méid a bhunaítear ar bhonn an ghá atá leis na sonraí a leagtar síos sna táblaí A go M in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo ('sonraí LSCF') a sheachadadh, cé is moite de na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) méid a bhunaítear ar bhonn an ghá atá le feabhsuithe ar uainiú, próisis, córais agus nósanna imeacht an tseachadta sonraí agus ar cháilíocht fhoriomlán na dtuairisceán feirme;

(c) méid a bhunaítear ar bhonn an ghá atá leis na sonraí LSIF uile a sheachadadh, cé is moite de shonraí LSCF, i gcomhréir leis na díolúintí a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás Ballstáit, i dtaca leis an líon iomlán tuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí agus arna seachadadh laistigh den sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 11, más rud é go bhfuil sé níos ísle ná líon uasta na ngabháltas tuairisceáin a leagtar síos le haghaidh an Bhallstáit sin in Iarscríbhinn II, déanfar na méideanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (c), a laghdú go comhréireach.

Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 19(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, i gcás ina bhfuil an líon iomlán tuairisceán feirme arna gcomhlánú go cuí agus arna seachadadh i ndáil le rannán LSIF nó Ballstát níos lú ná 80 % de na gabháltais tuairisceáin a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirfear laghdú i bhfeidhm ar na méideanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (c), den Airteagal seo.

3. I dtaca le sonraí LSIF, cé is moite de shonraí LSCF atá ann cheana, dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), má sheachadann Ballstát, mar chuid de thuairisceán feirme, tábla ina bhfuil sonraí ar iarraidh, measfar an tuairisceán feirme sin a bheith comhlánaithe go cuí, de mhaolú ar Airteagal 13(2). Mar sin féin, déanfar an méid dá bhforáiltear i mír 1, pointe (c), a laghdú faoi EUR 21 in aghaidh an tábla neamhiomláin, agus na díolúintí a leagtar amach in Iarscríbhinn IX á gcur san áireamh.

4. I dtaca le sonraí LSCF dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), má sheachadann Ballstát, mar chuid de thuairisceán feirme, tábla ina bhfuil sonraí ar iarraidh, ní leithdháilfear an méid is iníoctha le haghaidh an tuairisceáin feirme ina bhfuil an tábla neamhiomlán.

5. I gcás na mblianta tuairiscithe 2025 nó 2026, má sheachadann Ballstát, mar chuid de thuairisceán feirme, tábla ina bhfuil sonraí nach bhfuil gá leo ach amháin le haghaidh na bliana tuairiscithe 2027 i gcomhréir le hIarscríbhinn IX, íocfar méid breise de EUR 21 leis an mBallstát le haghaidh gach tábla a sheachadtar roimh ré.

Na huasmhéideanna bliantúla le haghaidh réamhsheachadtaí sonraí atá dlite de réir Iarscríbhinn IX le haghaidh na bliana tuairiscithe 2027, leagtar amach iad in Iarscríbhinn X faoin gceannteideal 'Cúlchiste le haghaidh réamhsheachadtaí'. I gcás ina bhfuil an méid iomlán a eascraíonn as cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre den mhír seo níos mó ná uasmhéid an chúlchiste le haghaidh réamhsheachadtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn X, déanfar an méid in aghaidh an tábla a laghdú go comhréireach chun a áirithiú nach sáróidh an méid iomlán an t-uasmhéid bliantúil a leagtar síos in Iarscríbhinn IX.

ROINN 5

SEACHADADH NA SONRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4a(1), POINTE (a) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 1217/2009 CHUIG AN gCOIMISIÚN

Airteagal 18

Na sonraí atá le hasbhaint as an tacar sonraí

Na sonraí atá le hasbhaint as an tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4a(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, leagtar síos iad in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 19

Na sonraíochtaí teicniúla agus na sprioc-amanna maidir le sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún

1. An ghníomhaireacht idirchaidrimh dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, cuirfidh sí na sonraí faoi bhráid an Choimisiúin trí chóras ríomhairithe sonraí, mar a leagtar síos in Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009. Leagtar síos foirm agus leagan amach na sonraí in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Is ag Coiste an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme a chuirfidh an Coimisiún na gníomhaireachtaí idirchaidrimh ar an eolas faoi na coinníollacha ginearálta a bhaineann le cur chun feidhme an chórais ríomhairithe sonraí dá dtagraítear i mír 1.

3. Na sonraí i ndáil le bliain tuairiscithe N, tarchuirfear iad chuig an gCoimisiún faoin 15 Nollaig de bhliain N+2.

4. I ndáil leis an mbliain tuairiscithe 2025, is é 2027 an chéad bhliain ina mbeidh tarchur sonraí ann. Mar sin féin, féadfaidh gníomhaireachtaí idirchaidrimh sonraí a tharchur i ndáil le blianta tuairiscithe roimhe sin. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaireachtaí idirchaidrimh a dhíolmhú ó shonraí a chur isteach le haghaidh bliain tuairiscithe ar leith ar iarraidh a bhfuil bonn cirt léi a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Deireadh Fómhair de bhliain tuairiscithe N+1.

5. Meastar na sonraí a bheith seachadta chuig an gCoimisiún a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo:

(a) cuireadh na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18 isteach sa chóras ríomhairithe sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(b) rinneadh na seiceálacha ríomhairebhunaithe ina dhiaidh sin; agus

(c) dheimhnigh an ghníomhaireacht idirchaidrimh go bhfuil na sonraí réidh le lódáil sa chóras ríomhairithe sonraí sin.

6. Soláthróidh na gníomhaireachtaí idirchaidrimh na sonraí atá sa tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4 a(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009. Ní cheanglaítear ar na gníomhaireachtaí idirchaidrimh comhsheasmhacht iomlán an tacair sonraí sin leis na sonraí LSIF a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a áirithiú.

ROINN 6

SEACHADADH NA SONRAÍ DÁ ḋTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4a(1), POINTE (b) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 1217/2009 CHUIG AN gCOIMISIÚN

Airteagal 20

Na sonraí atá le hasbhaint as an tacar sonraí

Na sonraí atá le hasbhaint as an tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4a(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, leagtar síos iad in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 21

Na sonraíochtaí teicniúla agus na sprioc-amanna maidir le sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún

1. An ghníomhaireacht idirchaidrimh dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, cuirfidh sí na sonraí faoi bhráid an Choimisiúin trí chóras ríomhairithe sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009. Leagtar síos foirm agus leagan amach na sonraí in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Is ag Coiste an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme a chuirfidh an Coimisiún an ghníomhaireacht idirchaidrimh ar an eolas faoi na coinníollacha ginearálta a bhaineann le cur chun feidhme an chórais ríomhairithe sonraí dá dtagraítear i mír 1.

3. Na sonraí i ndáil le bliain tuairiscithe N, tarchuirfear iad chuig an gCoimisiún faoin 15 Nollaig de bhliain N+1.

4. I ndáil leis an mbliain tuairiscithe 2027, is é 2028 an chéad bhliain ina mbeidh tarchur sonraí ann.

Mar sin féin, féadfaidh na gníomhaireachtaí idirchaidrimh sonraí a tharchur i ndáil le blianta tuairiscithe roimhe sin.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhaireachtaí idirchaidrimh a dhíolmhú, ó bhliain tuairiscithe 2027 ar aghaidh, ó shonraí a chur isteach le haghaidh bliain tuairiscithe ar leith ar iarraidh a bhfuil bonn cirt léi a bheith seolta faoin 31 Deireadh Fómhair de bhliain tuairiscithe N.

5. Meastar na sonraí a bheith seachadta chuig an gCoimisiún a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha seo:

(a) cuireadh na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 20 isteach sa chóras ríomhairithe sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(b) rinneadh na seiceálacha ríomhairebhunaithe ina dhiaidh sin; agus

(c) dheimhnigh an ghníomhaireacht idirchaidrimh go bhfuil na sonraí réidh le lódáil sa chóras ríomhairithe sonraí sin.

6. Soláthróidh na gníomhaireachtaí idirchaidrimh na sonraí atá sa tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4a(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009. Ní cheanglaítear ar na gníomhaireachtaí idirchaidrimh comhsheasmhacht iomlán an tacair sonraí sin leis na sonraí LSIF a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a áirithiú.

ROINN 7

RIALACHA MIONSONRAITHE MAIDIR LE STÓRÁIL, PRÓISEÁIL, ATHÚSÁID AGUS COMHROINNT NA SONRAÍ DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8a(2) DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 1217/2009

Airteagal 22

Córas ríomhairithe sonraí

Leis an gcóras ríomhairithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, arna bhunú ag an gCoimisiún, áiritheofar malartú slán faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

Leis an gcóras ríomhairithe sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, áiritheofar beartas slándála teicneolaíochta faisnéise is infheidhme maidir leis an bpearsanra a úsáideann an córas i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46.

Sonraí aonair a fuarthas le linn Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a chur chun feidhme, úsáidfear iad i gcomhréir le hAirteagal 16, Airteagal 16a agus Airteagal 16b den Rialachán sin.

ROINN 8

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 23

Clásal athbhreithnithe

1. I dtaca leis na sainmhínithe ar athróga mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo, na rialacha airgeadais a leagtar amach i Roinn 4 den Rialachán seo agus seachadadh na bhforálacha sonraí a leagtar amach i Roinn 5 den Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú orthu faoin 30 Meán Fómhair 2027 ar a dhéanaí, de réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 19b de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

2. Sula ndéanfar an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún anailís ar indéantacht na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán seo, anailís a bheidh bunaithe, i measc nithe eile, ar ionchur ó na Ballstáit.

Airteagal 24

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/220 ón gCoimisiún le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

Mar sin féin, leanfaidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige i leith na mblianta cuntasaíochta roimh 2025.

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón mbliain tuairiscithe 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Tairseach na méide eacnamaíche le haghaidh réimse an tsuirbhé dá dtagraítear in Airteagal 1

Ballstát/rannán LSIF	Tairseach (in EUR)
An Bheilg	25 000
An Bhulgáir	4 000
An tSeicia	15 000
An Danmhairg	25 000
An Ghearmáin	25 000
An Eastóin	8 000
Éire	8 000
An Ghréig	8 000
An Spáinn	8 000
An Fhrainc (cé is moite de La Réunion agus Antilles françaises)	25 000
An Fhrainc (La Réunion agus Antilles françaises amháin)	15 000
An Chróit	4 000
An Iodáil	8 000
An Chipir	4 000
An Laitvia	4 000
An Liotuáin	4 000
Lucsamburg	25 000
An Ungáir	8 000
Málta	4 000
An Ísiltír	25 000
An Ostair	15 000
An Pholainn	8 000
An Phortaingéil	4 000
An Rómáin	4 000
An tSlóivéin	4 000
An tSlóvaic	25 000
An Fhionlainn	15 000
An tSualainn	15 000

IARSCRÍBHINN II

Líon na ngabháltas tuairisceáin dá dtagraítear in Airteagal 2

Uimhir thagartha	Ainm an rannáin LSIF	Líon na ngabháltas tuairisceáin in aghaidh na bliana tuairiscithe
AN BHEILG		
341	Vlaanderen	650
342	Bruxelles-An Bhruiséil	—
343	Wallonie	450
Iomlán don Bheilg		1 100
AN BHULGÁIR		
831	Северозападен (an tIarthuaisceart)	393
832	Северен централен (an Lárthuaisceart)	377
833	Североизточен (an tOirthuaisceart)	347
834	Югозападен (an tIardheisceart)	222
835	Южен централен (an Lárdheisceart)	482
836	Югоизточен (an tOirdheisceart)	381
Iomlán don Bhulgáir		2 202
745	**AN tSEICIA**	1 282
370	**AN DANMHAIRG**	1 450
AN GHEARMÁIN		
015	Schleswig-Holstein/Hamburg	294
030	An tSacsain Íochtarach	660
040	Bremen	—
050	An Réin Thuaidh-Viostfáil	689
060	Hessen	317
070	Rheinland-Pfalz	543
080	Baden-Württemberg	438
090	An Bhaváir	1 164
100	An tSárlainn	64
110	Beirlín	—
112	Brandenburg	184
113	Mecklenburg-Vorpommern	106
114	An tSacsain	212
115	An tSacsain-Anhalt	225
116	An Túraing	215
Iomlán don Ghearmáin		5 111
755	**AN EASTÓIN**	580
380	**ÉIRE**	900

Uimhir thagartha	Ainm an rannáin LSIF	Líon na ngabháltas tuairisceáin in aghaidh na bliana tuairiscithe
AN GHRÉIG		
450	Μακεδονία — Θράκη (an Mhacadóin-Thrace)	1 050
460	Ήπειρος — Πελοπόννησος — Νήσοι Ιονίου (Epirus, an Pheilipinéis, na hOileáin Iónacha)	920
470	Θεσσαλία (an Teasáil)	370
480	Στερεά Ελλάς — Νήσοι Αιγαίου — Κρήτη (Sterea Ellas, na hOileáin Aeigéacha, an Chréit)	626
	Iomlán don Ghréig	2 966
AN SPÁINN		
500	An Ghailís	450
505	Asturias	190
510	Cantabria	150
515	Tír na mBascach	352
520	Navarra	316
525	Rioja	244
530	Aragón	676
535	An Chatalóin	664
540	Islas Baleares	180
545	An Chaistíl agus León	950
550	Maidrid	190
555	An Chaistíl-La Mancha	900
560	Valencia	638
565	Murcia	348
570	Extremadura	718
575	An Andalúis	1 504
580	Na hOileáin Chanáracha	230
Iomlán don Spáinn		8 700
AN FHRAINC		
121	Île-de-France	190
131	Champagne-Ardenne	370
132	Picardie	270
133	An Normainn Uachtarach	170
134	An Lár	410
135	An Normainn Íochtarach	240
136	An Bhurgúin	340
141	Nord-Pas de Calais	280
151	An Lorráin	230

Uimhir thagartha	Ainm an rannáin LSIF	Líon na ngabháltas tuairisceáin in aghaidh na bliana tuairiscithe
152	An Alsáis	200
153	Franche-Comté	210
162	Dúiche an Loire	460
163	An Bhriotáin	480
164	Poitou-Charentes	360
182	An Acatáin	550
183	Midi-Pyrénées	480
184	Limousin	220
192	Rhône-Alpes	480
193	Auvergne	360
201	Languedoc-Roussillon	430
203	Provence-Alpes-Côte d'Azur	420
204	An Chorsaic	170
207	La Réunion	160
208	Antilles françaises	120
Iomlán don Fhrainc		7 600
AN CHRÓIT		
861	An Chróit Aidriadach	329
862	Kontinentalna Hrvatska	922
Iomlán don Chróit		1 251
AN IODÁIL		
221	Valle d'Aosta	233
222	Píodmant	481
230	An Lombaird	588
241	Trentino	434
242	Alto Adige	418
243	Veneto	559
244	Giulia Friuli Venezia	374
250	Liguria	392
260	Emilia-Romagna	503
270	An Tuscáin	436
281	Marche	388
282	Umbria	426
291	Lazio	600
292	Abruzzo	490
301	Molise	355

Uimhir thagartha	Ainm an rannáin LSIF	Líon na ngabháltas tuairisceáin in aghaidh na bliana tuairiscithe
302	Campania	533
303	Calabria	460
311	Puglia	456
312	Basilicata	372
320	An tSicil	445
330	An tSairdín	475
Iomlán don Iodáil		9 418
740	**AN CHIPIR**	500
770	**AN LAITVIA**	1 000
775	**AN LIOTUÁIN**	1 000
350	**LUCSAMBURG**	450
AN UNGÁIR		
764	An Ungáir Thuaidh	170
767	Alföld	1 180
768	Dunántúl	550
	Iomlán don Ungáir	1 900
780	**MÁLTA**	536
360	**AN ÍSILTÍR**	1 500
660	**AN OSTAIR**	1 800
AN PHOLAINN		
785	Pomorze i Mazury	1 340
790	Wielkopolska i Śląsk	2 960
795	Mazowsze i Podlasie	3 600
800	Małopolska i Pogórze	1 100
Iomlán don Pholainn		9 000
AN PHORTAINGÉIL		
615	Norte e Centro	1 233
630	Ribatejo-Oeste	351
640	Alentejo e Algarve	399
650	Açores e Madeira	317
Iomlán don Phortaingéil		2 300
AN RÓMÁIN		
840	An tOirthuaisceart	724
841	An tOirdheisceart	913
842	Muntenia Theas	857
843	Oltenia Thiar Theas	519

Uimhir thagartha	Ainm an rannáin LSIF	Líon na ngabháltas tuairisceáin in aghaidh na bliana tuairiscithe
844	An tIarthar	598
845	An tIarthuaisceart	701
846	An Lár	709
847	Búcairist-Ilfov	79
	Iomlán don Rómáin	5 100
820	**AN tSLÓIVÉIN**	908
810	**AN tSLÓVAIC**	562
AN FHIONLAINN		
670	An Fhionlainn Theas	324
675	Pohjanmaa, Sisä- agus Pohjois-io Suomi	326
Iomlán don Fhionlainn		650
AN tSUALAINN		
710	Slättbyggdslän	637
720	Skogs- och mellanbygdslän	258
730	Län i norra Sverige	130
Iomlán don tSualainn		1 025

IARSCRÍBHINN III

Samhlacha agus modhanna chun an plean roghnúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a ullmhú

Le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ceanglaítear ar gach Ballstát plean a tharraingt suas maidir le roghnú na ngabháltas tuairisceáin, plean lena n-áiritheofar sampla ionadaíoch den réimse suirbhé. Chun a áirithiú go mbeidh na sonraí LSIF ionadaíoch maidir le réimse suirbhé an phlean ar leibhéal an rannáin, ní chuirfear aon bhraisle de rannáin LSIF i bhfeidhm sa phlean roghnúcháin.

Ar an gcaoi chéanna, gach cineál agus gach méid ábhartha feirmeoireachta a léirítear i ndaonáireamh nó i suirbhé an staidrimh chomhtháite feirme (IFS), tá siad le cumhdach ar leibhéal atá mionsonraithe go leor le torthaí ionadaíocha a sholáthar maidir le grúpaí tábhachtacha feirme, laistigh de theorainneacha mhéid an tsampla. I bhfianaise na réiteach eagraíochtúil agus teicniúil atá ar fáil faoi láthair ar leibhéal an Choimisiúin chun torthaí ualaithe a sholáthar do réimse suirbhé LSIF, níor cheart, le sampla LSIF a chuireann na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, gannionadaíocht ná ró-ionadaíocht a dhéanamh maidir le mór-shaintréithe feirmeacha i réimse an tsuirbhé. Cuimsítear leis sin freisin modhanna feirmeoireachta amhail feirmeoireacht orgánach agus saintréithe feirmeacha amhail cuid den ghníomhaíocht atá tiomnaithe don bheachaireacht. I gcásanna ina roghnaítear feirmeacha samplacha (gabháltais tuairisceáin) go neamhrandamach le haghaidh LSIF, is é an aidhm is ceart a bheith ag an nós imeachta roghnúcháin claonadh a sheachaint agus samplaí oiriúnacha a sholáthar chun críoch LSIF, go háirithe, chun measúnú cuí a dhéanamh ar ioncam na bhfeirmeacha a ndearnadh suirbhé orthu. Leis na braislí ar leithligh, tagrófar go soiléir do chineálacha ginearálta agus do phríomhchineálacha feirmeoireachta agus/nó do chineálacha ar leith speisialtóireachtaí feirmeoireachta chun gur féidir iad a shainaithint go soiléir bunaithe ar an aicmiú, agus aird ar leith á tabhairt ar chineálacha feirmeoireachta a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa Bhallstát.

Tabharfar fógra don Choimisiún faoi na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ar bhonn an struchtúir seo a leanas:

1. BILEOG EOLAIS

1.	Faisnéis ghinearálta
1.1.	Bliain tuairiscithe
1.2.	Ballstát
1.3.	Ainm na gníomhaireachta idirchaidrimh
1.4.	An cuid den riarachán poiblí í an ghníomhaireacht idirchaidrimh (is ea/ní hea)?
2.	Bunús an phlean roghnúcháin
2.1.	Foinse líon iomlán na ngabháltas
2.2.	Bliain an lín gabháltas a úsáideadh
2.3.	Bliain chomhéifeachtaí na n-aschur caighdeánach
3.	Nósanna imeachta chun an réimse suirbhé a shrathú
3.1.	Braisliú de réir cineál feirme
3.2.	Braisliú de réir aicme méide feirme
3.3.	Critéar náisiúnta breise a úsáidtear chun an réimse suirbhé a shrathú
3.3.1.	Tabhair míniú mionsonraithe ar an gcritéar náisiúnta a úsáidtear, más infheidhme:
3.3.2.	An úsáidtear an critéar náisiúnta breise i roghnú náisiúnta an tsampla?
3.3.3.	An úsáidtear an critéar náisiúnta breise in ualú náisiúnta an tsampla?
3.3.4.	Má úsáidtear an critéar náisiúnta le haghaidh roghnú an Aontais, mínigh do rogha agus sonraigh na himpleachtaí a bheidh ann maidir le hionadaíochas réimse suirbhé LSIF an Aontais.

4.	Na modhanna chun an ráta roghnúcháin agus méid an tsampla a roghnaítear le haghaidh gach sraithe a chinneadh
P17	Fréamhacha = SO_CLND017 (Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)) + SO_CLND018 (Biatas siúcra (cé is moite de shíol))

P151.		Gránaigh seachas rís = SO_CLND004 (Cruithneacht bhog agus speilt) + SO_CLND005 (Cruithneacht dúraim) + SO_CLND006 (Seagal agus meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)) + SO_CLND007 (Eorna) + SO_CLND008 (Coirce agus meascáin de ghránaigh earraigh (gráin mheasctha seachas maislín)) + SO_CLND009 (Arbhar Indiach agus meascán gráin agus cobaí arbhair) + SO_CLND010_011_012 (Triteacál, sorgum agus gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (ruán, muiléad., síolta éan, etc.))
P15.		Gránaigh = P151 (gránaigh gan rís) + SO_CLND013 (Rís)
P16.		Olashíolta = SO_CLND022 (Síolta ráibe agus ráibe tornapa) + SO_CLND023 (Síolta lus na gréine) + SO_CLND024 (Soighe) + SO_CLND025 (Líon ola (ros lín) + SO_CLND026 (Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile)
P51.		Muca = SO_CLVS018 (Muca ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan) + SO_CLVS019 (Cránacha pórúcháin ag a bhfuil beomheáchan 50 kg nó níos mó) + SO_CLVS020 (Muca eile)

P52.		Éanlaith chlóis = SO_CLVS021 (Sicíní lena ramhrú) + SO_CLVS022 (Béaróga) + SO_CLVS023 (Éanlaith chlóis eile)
P1.		Curaíocht ghinearálta = P15 (Gránaigh) + SO_CLND014 (Piseánaigh thirime agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síol agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánaigh)) + SO_CLND017 (Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)) + SO_CLND018 (Biatas siúcra (cé is moite de shíol)) + SO_CLND032 (Tobac) + SO_CLND033 (Leannlusanna) + SO_CLND030 (Cadás) + P16 (Síolta ola) + SO_CLND028 (Líon snáithín) + SO_CLND029 (Cnáib) + SO_CLND031 (Barraí snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile) + SO_CLND034 (Plandaí aramatacha, míochaine agus cócaireachta) + SO_CLND035_036 (Barra fuinnimh agus barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile) + SO_CLND045 (Glasraí úra) (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún - Páirc oscailte) + SO_CLND047 (Síolta agus síológa) + SO_CLND048_083 (Barraí talún arúla eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile, lena n-áirítear barra faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana) + SO_CLND049 (Talamh branair) + FCP1 (Foráiste le díol)
P2.		Gairneoireacht = SO_CLND044 (Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún - Garraíodóireacht mhargaidh) + SO_CLND081 (Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana) + SO_CLND046 (Bláthanna agus plandaí ornáideacha (cé is moite de phlandlanna) + SO_CLND082 (Bláthanna agus plandaí ornáideacha (cé is moite de phlandlanna) faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana) + SO_CLND079 (Beacáin shaothraithe) + SO_CLND070 (Plandlanna)
P3.		Barra buana = SO_CLND055 (Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún)) + SO_CLND061 (Torthaí citris) + SO_CLND069 (Ológa) + SO_CLND062 (Fíonchaora) + SO_CLND071 (Barra buana eile) + SO_CLND084 (Barra buana faoi ghloine)
P4.		Féaránaigh agus foráiste = GL (Féaránaigh) + FCP4 (Foráiste le haghaidh féaránach)
P5.		Gráiniteoirí = P51 (Muca) + P52 (Éanlaith chlóis) + SO_CLVS029 (Coiníní baineanna pórúcháin)

3. CINEÁLACHA FEIRMEOIREACHTA DÁ dTAGRAÍTEAR I gCUID 1

Sainghabháltais – barra

Cineál ginearálta feirmeoireachta	Príomhchineál feirmeoireachta	Cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta
1. Sainbharra páirce	15. Sainghránaigh, olashíolta agus barra próitéine	151. Sainghránaigh (seachas rís), olashíolta agus barra próitéine 152. Sainrís 153. Gránaigh, olashíolta, barra próitéine agus rís le chéile
	16. Curaíocht pháirce ghinearálta	161. Sainbharra fréimhe 162. Gránaigh, olashíolta, barra próitéine agus barra fréimhe le chéile 163. Sainghlasraí páirce 164. Saintobac 165. Sainchadás 166. Barra páirce éagsúla le chéile

Cineál ginearálta feirmeoireachta	Príomhchineál feirmeoireachta	Cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta
2. Sainghairneoireacht	21. Sainghairneoireacht faoi dhíon	211. Sainghlasraí faoi dhíon
		212. Sainbhláthanna agus sainchiumhaiseanna ornáideacha faoi dhíon
		213. Sainghairneoireacht mheasctha faoi dhíon
	22. Sainghairneoireacht faoin aer	221. Sainghlasraí faoin aer
		222. Sainbhláthanna agus sainchiumhaiseanna ornáideacha faoin aer
		223. Sainghairneoireacht mheasctha faoin aer
	23. Gairneoireacht eile	231. Sainbheacáin
		232. Sainphlandlanna
		233. Gairneoireacht ilchineálach
3. Sainbharra buana	35. Sainfhíonghoirt	351. Sainfhíon ar ardchaighdeán
		352. Sainfhíon seachas fíon ar ardchaighdeán
		353. Sainfhíonchaora boird
		354. Fíonghoirt eile
	36. Saintorthaí agus torthaí citris	361. Saintorthaí (cé is moite de thorthaí agus cnónna citris, trópaiceacha agus fothrópaiceacha)
		362. Saintorthaí citris
		363. Sainchnónna
		364. Saintorthaí trópaiceacha agus fothrópaiceacha
		365. Saintorthaí, torthaí agus cnónna citris, trópaiceacha agus fothrópaiceacha: táirgeadh measctha
	37. Sainológa	370. Sainológa
	38. Barra buana éagsúla le chéile	380. Barra buana éagsúla le chéile

Sainghabháltais – táirgeadh ainmhithe

Cineál ginearálta feirmeoireachta	Príomhchineál feirmeoireachta	Cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta
4. Sainfhéaránaigh	45. Saindéirí	450. Saindéirí
	46. Saineallach — tógáil agus ramhrú	460. Saineallach — tógáil agus ramhrú
	47. Eallach — déirí, tógáil agus ramhrú le chéile	470. Eallach — déirí, tógáil agus ramhrú le chéile
	48. Caoirigh, gabhair agus féaránaigh eile	481. Sainchaoirigh 482. Caoirigh agus eallach le chéile 483. Sainghabhair 484. Féaránaigh éagsúla
5. Sainghráiniteoirí	51. Sainmhuca	511. Saintógáil muc 512. Sainramhrú muc 513. Tógáil agus ramhrú muc le chéile
	52. Sainéanlaith chlóis	521. Sainbhéaróga 522. Sainfheoil éanlaithe clóis 523. Béaróga agus feoil éanlaithe clóis le chéile
	53. Gráiniteoirí éagsúla le chéile	530. Gráiniteoirí éagsúla le chéile

Gabháltais mheasctha

Cineál ginearálta feirmeoireachta	Príomhchineál feirmeoireachta	Cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta
6. Curaíocht mheasctha	61. Curaíocht mheasctha	611. Gairneoireacht agus barra buana le chéile 612. Barra páirce agus gairneoireacht le chéile 613. Barra páirce agus fíonghoirt le chéile

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2746/oj

Cineál ginearálta feirmeoireachta	Príomhchineál feirmeoireachta	Cineálacha áirithe speisialtóireachtaí feirmeoireachta
		614. Barra páirce agus barra buana le chéile
		615. Curaíocht mheasctha, barra páirce go príomha
		616. Curaíocht mheasctha eile
7. Beostoc measctha	73. Beostoc measctha, féaránaigh go príomha	731. Beostoc measctha, beostoc déiríochta go príomha
		732. Beostoc measctha, féaránaigh neamhdhéiríochta go príomha
	74. Beostoc measctha, gráiniteoirí go príomha	741. Beostoc measctha: gráiniteoirí agus beostoc déiríochta
		742. Beostoc measctha: gráiniteoirí agus féaránaigh neamhdhéiríochta
8. Barra measctha — beostoc	83. Barra páirce — féaránaigh le chéile	831. Barra páirce in éineacht le beostoc déiríochta
		832. Déiríocht agus barra páirce le chéile
		833. Barra páirce agus féaránaigh neamhdhéiríochta le chéile
		834. Féaránaigh neamhdhéiríochta agus barra páirce le chéile
	84. Barra éagsúla agus beostoc le chéile	841. Barra páirce agus gráiniteoirí le chéile
		842. Barra buana agus féaránaigh le chéile
		843. Beachaireacht
		844. Barra measctha éagsúla agus beostoc
9. Gabháltais neamhaicmithe	99. Gabháltais neamhaicmithe	999. Gabháltais neamhaicmithe

IARSCRÍBHINN V

Méid eacnamaíoch gabháltas agus aicmí méide eacnamaíche dá dtagraítear in Airteagal 5

1. MÉID EACNAMAÍOCH AN GHABHÁLTAIS

Déantar méid eacnamaíoch gabháltais a thomhas mar aschur caighdeánach iomlán an ghabháltais arna shloinneadh in EUR.

2. AICMÍ MÉIDE EACNAMAÍCHE NA nGABHÁLTAS

Déantar na gabháltais a aicmiú de réir aicmí méide, agus leagtar amach thíos teorainneacha na n-aicmí méide sin.

Aicmí	Teorainneacha in EUR
I	níos lú ná 2 000
II	ó 2 000 go 3 999
III	ó 4 000 go 7 999
IV	ó 8 000 go 14 999
V	ó 15 000 go 24 999
VI	ó 25 000 go 49 999
VII	ó 50 000 go 99 999
VIII	ó 100 000 go 249 999
IX	ó 250 000 go 499 999
X	ó 500 000 go 749 999
XI	ó 750 000 go 999 999
XII	ó 1 000 000 go 1 499 999
XIII	ó 1 500 000 go 2 999 999
XIV	3 000 000 agus níos mó

Aicmí méide II agus III; III agus IV; IV agus V; III go V; VI agus VII; VIII agus IX; X agus XI; XII go XIV; nó is féidir X go XIV a ghrúpáil le chéile.

IARSCRÍBHINN VI

Comhéifeachtaí an Aschuir Chaighdeánaigh (SOCanna) dá dtagraítear in Airteagal 6

1. SAINMHÍNIÚ AR SOCanna AGUS NA PRIONSABAIL A BHAINEANN LENA RÍOMH

(a) Sainmhínítear an t-aschur caighdeánach (SO), comhéifeacht an aschuir chaighdeánaigh (SOC) agus aschur caighdeánach iomlán gabháltais mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo.

(b) Tréimhse tháirgthe

Comhfhreagraíonn na SOCanna do thréimhse tháirgthe 12 mhí.

I gcás táirgí barr agus táirgí beostoic ar lú ná 12 mhí nó ar mó ná 12 mhí an tréimhse tháirgthe ina leith, ríomhtar SOC a chomhfhreagraíonn don fhás nó don táirgeadh i dtréimhse 12 mhí.

(c) Bunsonraí agus tréimhse thagartha

Cinntear na SOCanna ar bhonn an táirgthe in aghaidh an aonaid agus ar bhonn an phraghais ag geata na feirme dá dtagraítear sa sainmhíniú ar SOC in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo. Chuige sin, bailítear na bunsonraí sna Ballstáit le haghaidh tréimhse thagartha a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1417 ([1]).

(d) Aonaid

(1) Aonaid fhisiceacha:

(a) cinntear na SOCanna le haghaidh athróga barr ar bhonn an limistéir arna shloinneadh i heicteáir.

(b) i gcás beacán, cinntear na SOCanna ar bhonn an oll-aschuir maidir leis na tréimhsí buainte bliantúla uile as a chéile, agus sloinntear iad in aghaidh 100 m^2 den limistéar a bhfuil barra á saothrú air. Chun iad a úsáid i gcomhthéacs LSIF, roinntear na SOCanna sin le haghaidh beacán ar líon na dtréimhsí buainte bliantúla as a chéile, rud is gá a chur in iúl don Choimisiún de bhun Airteagal 8 den Rialachán seo.

(c) is de réir an chinn a chinntear na SOCanna a bhaineann le hathróga beostoic.

(d) tá feidhm ag eisceachtaí maidir le héanlaith chlóis, a gcinntear na SOCanna ina leith i dtéarmaí 100 ceann, agus maidir le beacha, a gcinntear na SOCanna in aghaidh na coirceoige ina leith.

(2) Aonaid airgeadaíochta agus slánú:

Na bunsonraí chun na SOCanna agus na SOnna ríofa a chinneadh, bunaítear iad in EUR. I gcás na mBallstát nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, déantar na SOCanna a thiontú go EUR trí úsáid a bhaint as na meánrátaí malairte le haghaidh na tréimhse tagartha mar a shainítear i bpointe 1(c) den Iarscríbhinn seo. Ríomhtar na meánrátaí malairte sin ar bhonn na rátaí malairte oifigiúla arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat).

Féadfar na SOCanna a shlánú go dtí an EUR 5 is gaire i gcás inarb iomchuí.

2. MOINDEALÚ NA SOCanna

(a) De réir athróg barr agus athróg beostoic

Cinntear na SOCanna le haghaidh na n-athróg talmhaíochta uile a chomhfhreagraíonn do na ceannteidil chun na SOCanna a liostaítear i dTábla 2.1. in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1417 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme le rialacha maidir le hioncam bliantúil a chinneadh, anailís ar inbhuanaitheacht gabháltas agus rochtain ar shonraí chun críoch taighde, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1198/2014 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1417, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1417/oj).

(b) Miondealú geografach

— Cinntear na SOCanna ar a laghad ar bhonn aonad geografach atá inúsáidte do IFS agus do LSIF. Tá na haonaid gheografacha sin go léir bunaithe ar Aicmiú Comhchoiteann na nAonad Críche maidir le Staidreamh (NUTS) mar a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Tuairiscítear na haonaid sin mar athghrúpáil réigiúin NUTS 3. Ní mheastar gur aonaid gheografacha iad limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu.

— Ní chinntear aon SOC maidir le hathróga nach bhfuil ábhartha sa réigiún lena mbaineann.

3. SONRAÍ A BHAILIÚ CHUN SOCanna A CHINNEADH

(a) Déantar na bunsonraí chun SOCanna a chinneadh a athnuachan gach uair a dhéantar suirbhé Eorpach ar struchtúr gabháltas talmhaíochta i bhfoirm daonáirimh dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(b) I gcás inar féidir IFS a dhéanamh mar shuirbhé samplach dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1091, déanfar na SOCanna a thabhairt cothrom le dáta ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) trí na bunsonraí a athnuachan ar bhealach atá cosúil leis an mbealach a shonraítear i bpointe (a),

(b) nó trí chomhéifeacht athraithe a chur i bhfeidhm lena dtugtar SOCanna cothrom le dáta chun athruithe a chur san áireamh, de réir mar a mheasann an Ballstát iad, i gcainníochtaí arna dtáirgeadh in aghaidh an aonaid agus i bpraghsanna i ndáil le gach athróg agus réigiún, ar athruithe iad a tharla ón tréimhse thagartha dheireanach, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1417.

4. FORGHNÍOMHÚ

Is iad na Ballstáit atá freagrach, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, as na bunsonraí a bhfuil gá leo a bhailiú chun na SOCanna a ríomh, as iad a thiontú go EUR agus as na sonraí a bhfuil gá leo chun an modh nuashonraithe a chur i bhfeidhm a bhailiú, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a tharchur chuig an gCoimisiún trí bhíthin formáid theicniúil arna sonrú ag an gCoimisiún (Eurostat). Cuirfear na sonraí agus na meiteashonraí ar fáil don Choimisiún (Eurostat) trí sheirbhísí an phointe iontrála aonair a úsáid. Arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tabharfaidh na Ballstáit mínithe ar ríomhanna an SOC atá le húsáid ag an gCoimisiún chun comhleanúnachas mhodheolaíocht ríofa an SOC a áirithiú ar fud an Aontais agus chun coigeartuithe ar an modheolaíocht ríofa sin a mholadh.

5. AN CHAOI A gCAITEAR LE CÁSANNA SPEISIALTA

Leagtar síos na rialacha sonracha seo a leanas chun SOCanna a ríomh le haghaidh athróga áirithe agus chun SO iomlán an ghabháltais a ríomh:

(a) Talamh branair

An SOC a bhaineann le talamh branair, ní chuirtear san áireamh é agus SO iomlán an ghabháltais á ríomh ach amháin nuair atá SOCanna dearfacha eile ann i ndáil leis an ngabháltas sin.

(b) Garraithe cistine

Ós rud é gur lena dtomhailt ag an sealbhóir féin seachas lena ndíol atá táirgí garraithe cistine beartaithe de ghnáth, meastar go bhfuil na SOCanna maidir le garraithe cistine cothrom le nialas.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche ar mhaithe le staidreamh a bhunú (NUTS) (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1091/oj).

(c) Beostoc

Maidir le beostoc, roinntear na hathróga de réir catagóire aoise. Comhfhreagraíonn an t-aschur do luach fhás an ainmhí le linn an ama a chaith sé sa chatagóir, is é sin, comhfhreagraíonn sé don difríocht idir luach an ainmhí nuair a fhágann sé an chatagóir agus a luach nuair a théann sé isteach sa chatagóir (luach ar a dtugtar an luach athsholáthair freisin).

(d) Ainmhithe den speiceas buaibheach atá faoi bhun 1 bhliain d'aois

Ní chuirtear SOCanna a bhaineann le hainmhithe den speiceas buaibheach atá faoi bhun aon bhliain d'aois san áireamh agus SO iomlán an ghabháltais á ríomh ach amháin i gcás inar mó an líon ainmhithe den speiceas buaibheach atá faoi bhun aon bhliain d'aois ar an ngabháltas ná an líon bó. Ní chuirtear san áireamh ach amháin na SOCanna a bhaineann leis an mbarrachais ainmhithe den speiceas buaibheach atá faoi bhun aon bhliain d'aois. Níl ach SOC amháin ann a bhaineann le hainmhithe den speiceas buaibheach atá níos óige ná aon bhliain d'aois, gan beann ar ghnéas an ainmhí.

(e) Caoirigh agus gabhair eile

SOCanna a bhaineann le caoirigh eile, ní chuirtear san áireamh iad agus SO iomlán an ghabháltais á ríomh ach amháin i gcás nach bhfuil aon chaora bhaineann phórúcháin ar an ngabháltas sin.

SOCanna a bhaineann le gabhair eile, ní chuirtear san áireamh iad agus SO iomlán an ghabháltais á ríomh ach amháin i gcás nach bhfuil aon ghabhar baineann pórúcháin ar an ngabháltas sin.

(f) Bainbh

SOCanna a bhaineann le bainbh, ní chuirtear san áireamh iad agus SO iomlán an ghabháltais á ríomh ach amháin i gcás nach bhfuil aon chráin phórúcháin ar an ngabháltas sin.

(g) Foráiste

Mura bhfuil aon fhéaránaigh (i.e. ainmhithe den speiceas buaibheach, caoirigh nó gabhair) ar an ngabháltas, meastar go bhfuil an foráiste (i.e. fréamhacha, plandaí a bhuantar agus iad glas, féarach agus móinéir) beartaithe lena dhíol, agus is cuid den aschur ginearálta curaíochta é.

Má tá féaránaigh ar an bhfeirm, meastar go bhfuil an foráiste beartaithe chun na féaránaigh a bheathú agus is cuid é d'aschur na bhféaránach agus an fhoráiste.

IARSCRÍBHINN VII

Gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas dá dtagraítear in Airteagal 7

1. SAINMHÍNIÚ AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ SOCHRACHA EILE (GSEnna) A BHAINEANN GO DÍREACH LEIS AN nGABHÁLTAS

Maidir leis na gníomhaíochtaí sochracha a bhaineann go díreach leis an ngabháltas seachas gníomhaíochtaí talmhaíochta an ghabháltais, cuimsítear leo gach gníomhaíocht seachas obair feirme, a bhaineann go díreach leis an ngabháltas agus a bhfuil tionchar eacnamaíoch aici ar an ngabháltas. Is gníomhaíochtaí iad sin lena n-úsáidtear acmhainní an ghabháltais (limistéar, foirgnimh, innealra, táirgí talmhaíochta, etc.) nó táirgí na ngabháltas.

Is obair ghníomhach an chiall atá le gníomhaíochtaí sochracha chun na gcríoch sin; eisiatar glan-infheistíochtaí airgeadais. Ní mheastar gur GSE é talamh nó acmhainní talmhaíochta eile na feirme a ligean ar cíos le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla gan bheith gafa a thuilleadh leis na gníomhaíochtaí sin, ach gur cuid de ghníomhaíocht talmhaíochta an ghabháltais é.

Meastar gach próiseáil ar tháirgí feirme a bheith ina GSE ach amháin má mheastar gur cuid de ghníomhaíocht talmhaíochta í an phróiseáil. Meastar gur gníomhaíochtaí talmhaíochta iad táirgeadh fíona agus ola olóige más beag an cion fíona nó ola olóige a cheannaítear isteach.

Meastar gur GSE í an phróiseáil uile ar tháirge príomhúil talmhaíochta lena dtiontaítear é ina tháirge próiseáilte tánaisteach ar an ngabháltas, gan beann ar cé acu a tháirgtear an t-amhábhar ar an ngabháltas nó a cheannaítear ó lasmuigh é. Áirítear leis sin feoil a phróiseáil, cáis a dhéanamh, etc.

2. MEASTACHÁN AR THÁBHACHT NA nGNÍOMHAÍOCHTAÍ SOCHRACHA EILE A BHAINEANN GO DÍREACH LEIS AN nGABHÁLTAS

An sciar den GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas in aschur an ghabháltais, déantar é a mheas mar an sciar den GSE a bhaineann go díreach le láimhdeachas an ghabháltais i suim láimhdeachas iomlán an ghabháltais agus íocaíochtaí díreacha an ghabháltais sin faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]):

$$RATIO = \frac{Turnover\ of\ OGA\ directly\ related\ to\ the\ holding}{Total\ holding\ turnover\ (agricultural + OGA\ directly\ realted\ to\ the\ holding) + direct\ payments}$$

3. AICMÍ LENA LÉIRÍTEAR TÁBHACHT AN GSE A BHAINEANN GO DÍREACH LEIS AN nGABHÁLTAS

Aicmítear gabháltais de réir aicmí lena léirítear an sciar den GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas in aschur an ghabháltais. Beidh feidhm ag na teorainneacha seo a leanas:

Aicmí	Bandaí céatadáin
I	Ó 0 % go 10 % (sciar imeallach)
II	Ó níos mó ná 10 % go 50 % (sciar meánach)
III	Ó níos mó ná 50 % go níos lú ná 100 % (sciar mór)

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1307/oj).

IARSCRÍBHINN VIII

Sainmhíniú ar na hathróga, ar fhoirm agus leagan amach an tuairisceáin feirme agus ar na minicíochtaí tarchuir dá dtagraítear in Airteagal 10

Déantar na sonraí atá le tiomsú a tharchur go bliantúil.

Tiomsófar na sonraí de réir prionsabal atá bunaithe ar an gcuntasaíocht, rud a chiallaíonn na sonraí LSIF a líonadh isteach leis an bhfaisnéis is nuashonraithe agus is iontaofa maidir le hathróg ar leith, a dhíorthaítear ar an gcéad dul síos ó thaifeadadh córasach rialta idirbhearta agus ghníomhaíochtaí na feirme, agus an méid sin bunaithe go príomha ar a doiciméid fhoinseacha (amhail sonraisc, nótaí seachadta/seolta, anailís ithreach nó anailís saotharlainne eile).

Mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, is féidir an fhaisnéis a thiomsú ó fhoinsí sonraí eile, agus is féidir úsáid a bhaint freisin as modhanna tiomsaithe sonraí nó cuir chuige nuálacha maidir le comhroinnt agus tiomsú sonraí.

I gcás nach bhfuil doiciméid fhoinseacha nó foinsí sonraí eile ar fáil, ba cheart an fhaisnéis a dhíorthú a mhéid is féidir ó chineálacha cainníochtaithe eile atá ar fáil, lenar féidir torthaí samhaltaithe a chur san áireamh.

Ba cheart faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil eile a thiomsú ar bhonn aicmithe caighdeánaithe.

Na sonraí atá le tiomsú, aicmítear iad de réir tábla agus déantar iad a mhiondealú ina ngrúpaí, ina gcatagóirí agus ina gcolúin. Is é seo a leanas an coinbhinsiún a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do réimse sonraí ar leith:

<cód tábla>.<grúpa>.<cód catagóire>(.<cóid chatagóire shonracha eile).colún

Leis an tiontú go LSIF, tugtar táblaí le fios trí chód atá bunaithe ar na rialacha seo a leanas:

— cóid táblaí ag a bhfuil digit amháin: táblaí LSCF a bhí ann roimh an mbliain tuairiscithe 2025.

— cóid táblaí ag a bhfuil dhá dhigit: táblaí LSIF nua a tugadh isteach ón mbliain tuairiscithe 2025 ar aghaidh.

— cóid táblaí ag a bhfuil trí dhigit: táblaí nua LSIF a tugadh isteach ón mbliain tuairiscithe 2025 ar aghaidh i ndáil leis an topaic chéanna.

Comhfhreagraíonn ord na dtáblaí in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo d'ord na dtopaicí a thugtar le fios in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

Déantar luachanna sonraí ar leith a ghabháil ar leibhéal an cholúin. Sna táblaí a leagtar amach thíos, is éard atá i gcealla folmha an áit ar féidir glacadh le luachanna sonraí; cealla a bhfuil dath liath agus an marc '—' orthu, níl aon chiall acu i gcomhthéacs an ghrúpa, mar sin ní ghlactar le haon sonraí iontu.

Samplaí:

— Is éard atá in B.UT.20.A (colún A de ghrúpa UT, catagóir 20, ó thábla B) 'Limistéar' an 'LTÚ ar cíos' atá le taifeadadh faoi 'LTÚ le haghaidh feirmeoireacht thionóntach' i dtábla B;

— Is éard atá in I.A.10110.1.0.TA (colún TA de ghrúpa A, catagóir 10110, ó thábla I) an limistéar iomlán a bhaineann le 'Cruithneacht bhog agus speilt' maidir le cineál barr 1 'Barra ar scála páirce – príomhbharr, barr goirt chomhroinnte' agus cód sonraí in easnamh 0 'Níl aon sonraí in easnamh';

— Is éard atá in M.S.1150.1.2.V (colún V de ghrúpa S, catagóir 1150 maille le cóid chatagóire shonracha eile 1 agus 2 ó thábla M) an luach fóirdheontais a bhaineann le 'Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta – bunaithe ar theidlíochtaí íocaíochta' a mhaoinítear as buiséad an Aontais amháin agus a dheonaítear in aghaidh an heicteáir.

Nuair nach luach ábhartha é an luach nó nuair atá luach in easnamh i gcás aon ghabháltas ar leith, ná cuirtear isteach an luach '0'.

I gcás táblaí, léirítear sa chéad tábla an mhaitrís ardleibhéil le haghaidh grúpaí agus colún. Leagtar amach sa dara tábla an miondealú maidir le catagóirí, agus tugtar gach catagóir le fios trí chód agus thrí fhochód amháin nó níos mó.

Déanfar na sonraí i dtuairisceán feirme a sholáthar i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

— luachanna airgeadais: sloinntear iad i dtéarmaí airgeadaíochta gan CBL agus gan deontais agus fóirdheontais a chur san áireamh ([1]), toisc go dtaifeadtar iad sin ar leithligh, in EUR nó in aonaid airgeadaíochta náisiúnta. Mar sin féin, i gcás airgeadraí náisiúnta inar luach coibhneasta íseal é an t aonad i gcomparáid le EUR, féadfaidh gníomhaireacht idirchaidrimh an Bhallstáit lena mbaineann agus an Coimisiún teacht ar chomhaontú na luachanna a shloinneadh ina gcéadta nó ina mílte d'aonaid an airgeadra náisiúnta;

— cainníochtaí fisiceacha: i gcéadta cileagram (1 q = 100 kg), cé is moite d'uibheacha, a shloinnfear ina mílte agus d'fhíon agus táirgí gaolmhara, a shloinnfear ina heictilítir;

— limistéir: in áir (1 a = 100 m^2), cé is moite de bheacáin, a shloinnfear ina méadair chearnacha den limistéar iomlán faoi bharr agus cé is moite de Thábla M 'Fóirdheontais', áit a bhfuil aonaid bhunúsacha le clárú ina heicteáir;

— meánlíon beostoic: go dtí dhá ionad de dheachúlacha ar a laghad, cé is moite d'éanlaith chlóis agus coiníní, a bhfuil slánuimhreacha le tabhairt ina leith, agus de bheacha atá le sloinneadh de réir líon na gcoirceog áitithe;

— aonaid lucht saothair: go dtí dhá ionad de dheachúlacha ar a laghad.

Maidir le gach catagóir thábla agus luach colúin, leagtar amach tuilleadh sainmhínithe agus treoracha faoi bhun an tábla lena mbaineann.

([1]) Tuigtear gurb é atá i ndeontais agus i bhfóirdheontais gach cineál cabhrach dírí ó chistí poiblí a bhfuarthas admháil shonrach mar thoradh orthu.

Tábla A

Faisnéis ghinearálta maidir leis an ngabháltas

Catagóir faisnéise ginearálta	Cód (*)

		Colúin									
Grúpaí faisnéise		Rannán LSIF	Forannán	Sraith-uimhir an ghabháltais	Greille	NUTS	Dáta	Ualú na feirme	Cineál feirmeoir-eachta	Aicme méide eacnamaí-che	Cód
		R	**S**	**H**	**GR**	**N**	**DT**	**W**	**TF**	**ES**	**C**
ID	Aitheantas an ghabháltais				—	—	—	—	—	—	—
LO	Suíomh an ghabháltais	—	—	—			—	—	—	—	
AI	Faisnéis chuntasaíochta	—	—	—	—	—		—	—	—	
TY	Tíopeolaíocht	—	—	—	—	—	—				—
CL	Aicmí	—	—	—	—	—		—	—	—	
OT	Sonraí eile maidir leis an ngabháltas	—	—	—	—	—	—	—	—	—	

Cód (*)	Tuairisc	Grúpa	**R**	**S**	**H**	**GR**	**N**	**DT**	**W**	**TF**	**ES**	**C**
10	Uimhir an ghabháltais	**ID**				—	—	—	—	—	—	—
25	Cód greille INSPIRE	**LO**	—	—	—		—	—	—	—	—	—
40	NUTS3	**LO**	—	—	—	—		—	—	—	—	—
60	Cineál cuntasaíochta	**AI**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
70	Dáta dúnta cuntas	**AI**	—	—	—	—	—		—	—	—	—
80	Ualú náisiúnta arna ríomh ag an mBallstát	**TY**	—	—	—	—	—	—		—	—	—
90	Aicmiú tráth an roghnaithe	**TY**	—	—	—	—	—	—	—			—

Cód (*)	Tuairisc	Grúpa	R	S	H	GR	N	DT	W	TF	ES	C
100	Gníomhaíochtaí sochracha eile (GSEnna) a bhaineann go díreach leis an ngabháltas	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
110	Cineál úinéireachta / cuspóir eacnamaíoch	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
120	Stádas dlíthiúil	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
130	Leibhéal dliteanais an tsealbhóra/na sealbhóirí	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
140	Feirmeoireacht orgánach	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
142	An bhliain inar thosaigh an fheirm ag tiontú go feirmeoireacht orgánach	**CL**	—	—	—	—	—		—	—	—	—
145	Sciar de tháirgí feirmeoireachta orgánaí	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
150	Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC) / Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC) / Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR) / táirge sléibhe	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
151	Earnálacha ina bhfuil ATFC/TGFC/ STR/táirge sléibhe	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
160	Limistéir a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag bagairt orthu	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
170	Airde	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
190	Limistéar NATURA 2000	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
200	Limistéar ina bhfuil feidhm ag an Treoir Réime maidir le hUisce (2000/60/CE)	**CL**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
210	Córas uisciúcháin	**OT**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
220	Laethanta féaraigh d'aonaid bheostoic ar thalamh coimín	**OT**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	

Cód (*)	Tuairisc	Grúpa	R	S	H	GR	N	DT	W	TF	ES	C
230	Ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETanna)	**OT**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
231	Ábharthacht eacnamaíoch Eagraíochtaí Táirgeoirí maidir leis an bhfeirm	**OT**										
232	An líon ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí	**OT**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
240	Rannpháirtíocht i gcistí frithpháirteacha	**OT**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	
241	Cúiteamh as caillteanais	**OT**	—	—	—	—	—	—	—	—	—	

A.ID. *Aitheantas an ghabháltais*

Sanntar uimhir do gach gabháltas tuairisceáin nuair a roghnaítear den chéad uair é. Coinníonn an gabháltas an uimhir sin ar feadh thréimhse a chuimsithe i líonra LSIF. A luaithe a shannfar uimhir, ní dhéanfar í a shannadh do ghabháltas eile.

Mar sin féin, i gcás ina dtagann athrú ó bhonn ar an ngabháltas, agus go háirithe, i gcás inar toradh é an t-athrú sin ar fhoroinnt an ghabháltais ina dhá ghabháltas ar leith, nó inar toradh é ar chumasc an ghabháltais le gabháltas eile, féadfar é a mheas mar ghabháltas nua. Sa chás sin, sannfar uimhir nua dó. Ní gá uimhir nua a shannadh i gcás ina dtagann athrú ar an gcineál feirmeoireachta a dhéantar ar an ngabháltas. I gcás ina bhféadfaí an gabháltas a mheascadh le haon gabháltas tuairisceáin eile de thoradh an uimhir atá aige a choinneáil (e.g. nuair a chruthaítear forannáin réigiúnacha nua), athrófar an uimhir. Ní mór don Bhallstát lena mbaineann tábla a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoimisiún, tábla ina léirítear coibhéis na seanuimhreacha agus na n-uimhreacha nua.

Tá na trí ghrúpa tásc seo a leanas san áireamh in uimhir an ghabháltais:

A.ID.10.R. *Rannán LSIF*: tá códuimhir le tabhairt, a chomhfhreagróidh don chód a shocraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

A.ID.10.S. *Forannán*: tá códuimhir le tabhairt.

Na forannáin a roghnófar, beidh siad bunaithe ar chóras coiteann aicmithe na réigiún, ar a dtugtar ainmníocht na n-aonad staidrimh críche (NUTS) arna bunú ag an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhar leis na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh.

I gcás ar bith, tarchuirfidh an Ballstát lena mbaineann tábla chuig an gCoimisiún ina dtabharfar le fios, maidir le gach cód forannáin a úsáidtear, na réigiúin chomhfhreagracha NUTS, mar aon leis an réigiún comhfhreagrach a ndéantar luachanna sonracha an aschuir chaighdeánaigh a ríomh ina leith.

A.ID.10.H. *Sraithuimhir an ghabháltais*.

A.LO. *Suíomh an ghabháltais*

Tugtar suíomh an ghabháltais le fios trí dhá thásc: cód greille INSPIRE agus cód aonaid chríochacha leibhéal NUTS 3.

A.LO.25.GR. Cód cille Ghreille Aonad Staidrimh INSPIRE 1 km le haghaidh úsáid uile-Eorpach, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ([2]) ón gCoimisiún san áit ina bhfuil an fheirm suite. Ní úsáidfear an cód sin ach amháin chun críoch tarchurtha.

Chun sonraí a scaipeadh, anuas ar na gnáthshásraí rialúcháin um nochtadh le haghaidh sonraí i bhfoirm táblaí, úsáidfear greillí neadaithe chun a áirithiú go bhfuil níos mó ná 15 ghabháltas talmhaíochta sa ghreille nó laistigh d'aonad riaracháin NUTS.

A.LO.40.N. Ciallaíonn cód NUTS3 an cód aonaid chríochaigh de leibhéal NUTS 3 ina bhfuil an gabháltas suite. Sonrófar an leagan is déanaí den chód mar a thuairiscítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003.

A.AI. *Faisnéis chuntasaíochta*

A.AI.60.C. *Cineál cuntasaíochta:* tabharfar le fios cén cineál cuntasaíochta atá in úsáid ag an bhfeirm. Úsáidfear na códuimhreacha seo a leanas:

1 Cuntasaíocht iontrála dúbailte

2 Cuntasaíocht iontrála singile

3 Níl aon chineál acu

A.AI.70.DT. *Dáta dúnta na gcuntas*: le taifeadadh san fhormáid 'BBBB-MM-LL', mar shampla, 2009-06-30 nó 2009-12-31

A.TY. *Tíopeolaíocht*

A.TY.80.W. *Ualú náisiúnta na feirme:* tabharfar luach an fhachtóra eachtarshuímh arna ríomh ag an mBallstát.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla. (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1089/oj).

A.TY.90.TF. *Cineál feirmeoireachta tráth an roghnaithe:* cineál gabháltais an chóid feirmeoireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo tráth an roghnaithe don bhliain chuntasaíochta atá i gceist.

A.TY.90.ES. *Méid eacnamaíoch tráth an roghnaithe:* cód aicme méide eacnamaíche an ghabháltais i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo tráth an roghnaithe don bhliain chuntasaíochta atá i gceist.

A.CL. *Aicmí*

A.CL.100.C. *Gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas*: le soláthar mar bhanda céatadáin lena léirítear sciar an láimhdeachais ([3]) a thagann ó na gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas i láimhdeachas iomlán na feirme. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 ≥ 0 to ≤ 10 % (sciar imeallach)

2 > 10 % to ≤ 50 % (sciar meánach)

3 > 50 % to < 100 % (sciar mór)

A.CL.110.C. *Cineál úinéireachta / cuspóir eacnamaíoch*: léiriú ar úinéireacht agus ar chuspóirí eacnamaíocha an ghabháltais. Úsáidfear na códuimhreacha seo a leanas:

1 feirm theaghlaigh: úsáideann an gabháltas saothar agus caipiteal an tsealbhóra/na sealbhóirí/an bhainisteora/na mbainisteoirí agus a theaghlach/a dteaghlach, agus is tairbhithe na gníomhaíochta eacnamaíche iad

2 comhpháirtíocht: tosca táirgeachta an ghabháltais, bíonn siad á soláthar ag roinnt comhpháirtithe, a nglacann cuid díobh ar a laghad páirt in obair na feirme i bhfoirm saothair gan íocaíocht. Is í an chomhpháirtíocht a fhaigheann na sochair

3 cuideachta ag a bhfuil sé de chuspóir brabús a dhéanamh: úsáidtear na sochair chun luach saothair a thabhairt do scairshealbhóirí i bhfoirm díbhinní/brabús. Tá an gabháltas faoi úinéireacht na cuideachta

4 cuideachta ag a bhfuil cuspóir neamhbhrabúsach: úsáidtear na sochair go príomha chun fostaíocht a choinneáil ar bun nó chun cuspóir sóisialta comhchosúil a bhaint amach. Tá an gabháltas faoi úinéireacht na cuideachta

A.CL.120.C. *Stádas dlíthiúil:* tabharfar le fios cibé acu an duine dlítheanach é an gabháltas nó nach ea. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Bréagach

1 Fíor

A.CL.130.C. *Leibhéal dliteanais an tsealbhóra/na sealbhóirí:* tabharfar leibhéal dliteanais (freagracht eacnamaíoch) an (phríomh) shealbhóra le fios. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 Iomlán.

2 Páirteach.

A.CL.140.C. *feirmeoireacht orgánach*: tabharfar le fios cé acu a chuireann nó nach gcuireann an gabháltas modhanna táirgthe orgánaigh i bhfeidhm, de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), go háirithe Airteagail 4 agus 5 de. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 ní chuireann an gabháltas modhanna táirgthe orgánaigh i bhfeidhm

2 is modhanna táirgthe orgánaigh amháin a chuireann an gabháltas i bhfeidhm maidir lena tháirgí go léir

3 cuireann an gabháltas idir mhodhanna táirgthe orgánaigh agus mhodhanna táirgthe eile i bhfeidhm

4 tá an gabháltas ag tiontú go modhanna táirgthe orgánaigh

([3]) Féach Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

A.CL.142.DT. *An bhliain inar thosaigh an fheirm ag tiontú go feirmeoireacht orgánach:* tá an bhliain le tabhairt san fhormáid 'BBBB'.

A.CL.145.C. *An sciar de tháirgí feirmeoireachta orgánaí a dhíoltar mar tháirgí orgánacha i bhfeirmeacha deimhnithe*: i gcás ina bhfuil gabháltas deimhnithe don fheirmeoireacht orgánach, tá sé seo le soláthar mar bhanda céatadáin lena léirítear sciar an díolacháin táirgí, i luach airgeadaíochta, a dhíoltar mar tháirgí orgánacha ó dhíolachán iomlán na feirme. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 0 %

2 > 0 to ≤ 25 %

3 > 25 % to ≤ 50 %

4 > 50 % to ≤ 75 %

5 > 75 % to < 100 %

6 100 %

A.CL.150.C. *'Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint' / 'Tásc Geografach faoi Chosaint' / 'Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht' / 'táirge sléibhe':* tá sé le sonrú cé acu a tháirgeann nó nach dtáirgeann an gabháltas táirgí talmhaíochta agus/nó earraí bia atá faoi chosaint ag Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC), ag Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC), ag Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht (STR) nó ag tásc táirge sléibhe, nó cé acu a tháirgeann nó nach dtáirgeann sé táirgí talmhaíochta arb eol go n-úsáidtear iad chun earraí bia atá faoi chosaint ag ATFC/TGFC/STR/'táirge sléibhe' a tháirgeadh, de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 ní tháirgeann an gabháltas aon táirge ná earra bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe', ná aon táirge arb eol go n-úsáidtear é chun earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' a tháirgeadh;

2 ní tháirgeann an gabháltas ach amháin táirgí nó earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe', agus/nó táirgí arb eol go n-úsáidtear iad chun earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' a tháirgeadh;

3 táirgeann an gabháltas roinnt táirgí nó earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe', agus/nó roinnt táirgí arb eol go n-úsáidtear iad chun earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' a tháirgeadh.

A.CL.151.C. *Earnálacha ag a bhfuil Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint / Tásc Geografach faoi Chosaint / Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht / táirge sléibhe: formhór an táirgthe* a bhaineann le roinnt earnálacha sonracha, más é atá ann táirgí nó earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' agus/nó táirgí arb eol go n-úsáidtear iad chun earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' a tháirgeadh, ba cheart na hearnálacha táirgthe a thabhairt le fios (ceadaítear roinnt roghanna). Tá na códuimhreacha a liostaítear thíos le húsáid. I gcás ina dtáirgeann an gabháltas roinnt táirgí nó earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' nó roinnt táirgí arb eol go n-úsáidtear iad chun earraí bia atá faoi chosaint ag tásca ATFC, TGFC, STR nó 'táirge sléibhe' a tháirgeadh, ach nach é an táirgeadh sin formhór an táirgthe san earnáil áirithe sin, tá an cód le haghaidh 'neamhbhainteach' le húsáid. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 neamhbhainteach

31 gránaigh

32 olashíolta agus barra próitéine

33 torthaí agus glasraí (lena n-áirítear torthaí citris, ach cé is moite d'ológa)

34 ológa

35 fíonghoirt

36 mairteoil

([5]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

37 bainne bó

38 muiceoil

39 caoirigh agus gabhair (bainne agus feoil)

40 feoil éanlaithe clois

41 uibheacha

42 earnáil eile

Ítimí A.CL.150.C. Tá *Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint / Tásc Geografach faoi Chosaint / Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht / táirge sléibhe* agus A.CL.151.C roghnach le haghaidh na mBallstát. Má chuireann an Ballstát i bhfeidhm iad, líonfar isteach iad le haghaidh fheirmeacha samplacha uile an Bhallstáit. Má chuirtear A.CL.150.C i bhfeidhm, cuirfear A.CL.151.C i bhfeidhm freisin.

A.CL.160.C. *Limistéir a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag bagairt orthu*: Tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéar a chumhdaítear le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 níl formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéar a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag bagairt air, de réir bhrí Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

21 tá formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéar a bhfuil srianta nádúrtha agus srianta sonracha eile ag bagairt air, de réir bhrí Airteagal 32(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

22 tá formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéar a bhfuil srianta sonracha ag déanamh difir dó, de réir bhrí Airteagal 32(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013;

3 tá formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéar sléibhe de réir bhrí Airteagal 32(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

A.CL.170.C. *Airde*: Tá an airde le léiriú leis an gcóduimhir chomhfhreagrach:

1 tá an chuid is mó den ghabháltas suite ag airde < 300 m;

2 tá an chuid is mó den ghabháltas suite ag airde 300 go 600 m;

3 tá an chuid is mó den ghabháltas suite ag airde < 600 m.

A.CL.190.C. *Limistéar NATURA 2000:* tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéar a bhaineann le cur chum feidhme Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ([8]) (Natura 2000). Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear, níl sé suite i limistéar Natura 2000;

2 formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear, tá sé suite i limistéar Natura 2000.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj).

([7]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

([8]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

A.CL.200.C. *Limistéir ina bhfuil feidhm ag an Treoir Réime maidir le hUisce (Treoir 2000/60/CE):* tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear suite i limistéir atá incháilithe d'íocaíochtaí chun míbhuntáistí a chúiteamh, ar míbhuntáistí iad a fhorchuirtear le ceanglais a eascraíonn as cur chun feidhme Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), mar a bhunaítear le Pleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT de bhun Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2115 ([10]). Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear, níl sé suite i limistéar atá incháilithe d'íocaíochtaí chun míbhuntáistí a chúiteamh, ar míbhuntáistí iad a fhorchuirtear le ceanglais a eascraíonn as cur chun feidhme Threoir 2000/60/CE;

2 formhór limistéar talmhaíochta an ghabháltais a úsáidtear, tá sé suite i limistéar atá incháilithe d'íocaíochtaí chun míbhuntáistí a chúiteamh, ar míbhuntáistí iad a fhorchuirtear le ceanglais a eascraíonn as cur chun feidhme Threoir 2000/60/CE.

A.OT. *Sonraí eile faoin ngabháltas*

A.OT.210.C. *Córas uisciúcháin*: tá an príomhchóras uisciúcháin a úsáideadh ar an bhfeirm sa bhliain tuairiscithe le sonrú:

0 neamhbhainteach (i gcás nach ndearnadh aon uisciú ar an bhfeirm)

1 dromchla

2 aisréadóir

3 sileadh

4 eile

A.OT.220.C. *Laethanta féaraigh d'aonaid bheostoic ar thalamh coimín*: Líon na laethanta féaraigh d'aonaid bheostoic de réir ainmhithe feirme ar thalamh coimín atá á úsáid ag an ngabháltas.

A.OT.230.C *Ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETanna)*: A shonrú cé acu atá nó nach bhfuil an fheirm (sealbhóir(í) nó bainisteoir(í) na feirme) ina ball d'eagraíocht táirgeoirí a chomhroinneann costais agus/nó a chuireann margaíocht táirgí talmhaíochta chun cinn, agus má tá, a shonrú cé acu de tháirgí na feirme a bhíonn á margú ag an eagraíocht táirgeoirí (roghnaigh na hearnálacha go léir arna gcumhdach ag eagraíochtaí táirgeoirí ar ball díobh an fheirm). Chun críoch an tsuirbhé seo, ciallaíonn 'eagraíochtaí táirgeoirí' aon chineál eintitis a bunaíodh ar thionscnamh táirgeoirí chun gabháil do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha in earnáil shonrach (comhar cothrománach). Ní mór eagraíochtaí táirgeoirí a bheith á rialú ag táirgeoirí, agus is féidir iad a bheith i bhfoirmeacha dlíthiúla éagsúla e.g. comharchumainn talmhaíochta, comhlachais feirmeoirí, nó cuideachtaí príobháideacha ina bhfuil na táirgeoirí ina scairshealbhóirí.

0 ní ball d'eagraíocht táirgeoirí í an fheirm

Is ball d'eagraíocht táirgeoirí í an fheirm chun costais táirgeachta, riaracháin agus infheistíochta a chomhroinnt agus/nó is ball í d'eagraíocht táirgeoirí chun táirgí na feirme a mhargú, cuir i gcás:

31 Gránaigh

32 olashíolta agus barra próitéine

33 torthaí agus glasraí (lena n-áirítear torthaí citris, ach cé is moite d'ológa)

34 ológa

35 fíonghoirt

36 mairteoil

37 bainne bó

([9]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

38 muiceoil

39 caoirigh agus gabhair (bainne agus feoil)

40 feoil éanlaithe clois

41 uibheacha

42 earnáil eile.

A.OT.231.C *Ábharthacht eacnamaíoch Eagraíochtaí Táirgeoirí maidir leis an bhfeirm*: Léiriú sciar tháirgeacht fhoriomlán na feirme (díolachán iomlán), i dtéarmaí luacha, a mhargaítear trí na heagraíochtaí táirgeoirí.

1 ≥ 0 to ≤ 10 % (sciar imeallach)

2 > 10 % to ≤ 50 % (sciar meánach)

3 > 50 % go < 100 % (sciar mór)

A.OT.232.C *An líon ball d'Eagraíochtaí Táirgeoirí (ETnna)*: Léiriú ar mhéid an phríomh-ET a bhfuil an fheirm ina ball de (sealbhóir(í) nó bainisteoir(í) feirme). Is é an 'príomh-ET' an ET a dhéanann an chuid is mó de tháirgeadh na feirme a mhargú (ó thaobh luacha de).

1 Tá níos lú ná 10 mball in ET

2 Tá idir 10 agus 19 mball in ET

3 Tá idir 20 agus 49 mball in ET

4 Tá idir 50 agus 99 mball in ET

5 Tá idir 100 agus 499 mball in ET

6 Tá idir 500 agus 999 mball in ET

7 Tá 1 000 ball (nó níos mó) in ET

Tá an Ghearmáin díolmhaithe ó shonraí a thíolacadh a bhaineann le hathróga A.OT.230.C, A.OT.231.C agus A.OT.232.C le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025.

A.OT.240.C *Rannpháirtíocht i gcistí frithpháirteacha:* Tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil an feirmeoir rannpháirteach i gciste frithpháirteach. Is éard is ciste frithpháirteach ann scéim arna creidiúnú ag Ballstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta lenar féidir le feirmeoirí cleamhnaithe iad féin a chur faoi árachas, trína ndéantar íocaíochtaí cúitimh le feirmeoirí cleamhnaithe in aghaidh caillteanais eacnamaíocha a bhaineann dóibh. Féadtar bunú cistí frithpháirteacha a spreagadh trí chineálacha éagsúla tacaíochta poiblí, ina measc: i) ranníocaíocht le caipiteal tionscnaimh; ii) lamháltais rialtais i leith ranníocaíochtaí bliantúla leis an gciste, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fheirmeoirí; iii) íocaíochtaí a dhéantar le feirmeoirí a chúiteamh; iv) dreasachtaí cánach maidir le taiscí cistí. Tá sampla de thacaíocht phoiblí le haghaidh cistí frithpháirteacha le fáil in Airteagal 76(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115; ar dá réir a fhéadfaidh na Ballstáit ranníocaíochtaí airgeadais a dheonú le cistí frithpháirteacha, lena n-áirítear ranníocaíochtaí leis an gcostas riaracháin a bhaineann lena mbunú.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Ní hea, níl an feirmeoir rannpháirteach in aon chiste frithpháirteach.

1 Is ea, tá an feirmeoir rannpháirteach i gciste frithpháirteach.

A.OT.241.C *Cúiteamh as caillteanais:* Tá tásc le tabhairt faoi cé acu a chomhdaigh nó nár chomhdaigh an feirmeoir iarratas ar chúiteamh i leith caillteanais mar gheall ar theagmhais fhoircneacha laistigh nó lasmuigh de na scéimeanna árachais a ndéantar costais na bpréimheanna árachais a thaifeadadh ina leith i dTábla H faoi chóid 5051 agus/nó 5055. D'fhéadfadh cúiteamh lasmuigh de na scéimeanna árachais a bheith ábhartha toisc nach bhfuil an feirmeoir faoi árachas nó toisc nach gcumhdaítear an damáiste le hárachas an fheirmeora. Mura ndéantar aon chostas den chineál sin a thaifeadadh i dTábla H, ciallaíonn sé gur comhdaíodh an t-iarratas ar chúiteamh as caillteanais mar gheall ar theagmhais fhoircneacha faoi scéimeanna tacaíochta géarchéime *ex post* amhail cúlchiste talmhaíochta CBT, Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, Státchabhair, etc.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Níor chomhdaigh

1 Chomhdaigh, faoi chonradh árachais

2 Chomhdaigh, faoi scéimeanna tacaíochta géarchéime poiblí *ex post*

3 Chomhdaigh, faoin dá cheann.

COLÚIN I dTÁBLA A

Tagraíonn Colún R don rannán LSIF, colún S don fhorannán, colún H do shraithuimhir an ghabháltais, colún GR do Ghreille Aonad Staidrimh INSPIRE, colún N do NUTS, colún AO d'uimhir na hoifige cuntasaíochta, colún DT don dáta, colún W d'ualú na feirme, colún TF don chineál feirmeoireachta, colún ES don aicme méide eacnamaíche, agus colún C don chód.

Tábla B

Cineál slí beatha

Catagóir an limistéir talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ)		Cód (*)
Grúpaí faisnéise		Limistéar talmhaíochta a úsáidtear
		A
UO	LTÚ le haghaidh feirmeoireacht úinéara	
UT	LTÚ le haghaidh feirmeoireacht thionóntach	
US	LTÚ le haghaidh méiteagáiste nó modhanna eile	

Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	Grúpa	A
10	LTÚ le haghaidh feirmeoireacht úinéara	**UO**	
20	LTÚ ar cíos	**UT**	
30	LTÚ faoi mhéiteagáiste	**US**	

Déanfar talamh gabháltas atá á sealbhú i gcomhpháirt ag dhá chomhpháirtí nó níos mó a thaifeadadh mar thalamh úinéir-áitithe, mar thalamh ar cíos nó mar thalamh faoi mhéiteagáiste de réir an tsocraithe atá i bhfeidhm idir na comhpháirtithe.

Is éard atá sa limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) an limistéar iomlán ina bhfuil talamh arúil, féarthailte buana, barra buana agus garraithe cistine a bhíonn á n-úsáid ag an ngabháltas, gan beann ar an gcineál tionachta. Ní chuirfear san áireamh talamh coimín a bhíonn á úsáid ag an ngabháltas.

Úsáidfear na grúpaí faisnéise agus na catagóirí seo a leanas:

B.UO. *LTÚ le haghaidh feirmeoireacht úinéara*

B.UO.10.A LTÚ (talamh arúil, féarthalamh buan, barra buana agus garraithe cistine), arb é an feirmeoir atá ina úinéir, ina thionónta saoil nó ina léas-sealbhóir air, agus/nó LTÚ a shealbhaítear ar théarmaí comhchosúla.

B.UT. *LTÚ le haghaidh feirmeoireacht thionóntach*

B.UT.20.A LTÚ (talamh arúil, féarthalamh buan, barra buana agus garraithe cistine) arna oibriú ag duine seachas an t-úinéir, an tionónta saoil nó an léas-sealbhóir, a bhfuil tionóntacht aige ar an limistéar sin (tá an cíos iníoctha in airgead tirim agus/nó mar íocaíocht chomhchineáil; toisc gurb iondúil é a bheith socraithe roimh ré, ní gnách go n-athraíonn sé de réir na dtorthaí feirmeoireachta), agus/nó LTÚ a shaothraítear ar théarmaí tionachta comhchosúla.

Ní áirítear le limistéar ar cíos talamh a gceannaítear a bhuaint mar bharr ar a chois. Na suimeanna a íoctar as barra ar a gcois a cheannach, tá siad le soláthar i dtábla H faoi chóid 2020 go 2040 (beatha ainmhithe ceannaithe) i gcás barra féarthalún nó farae agus faoi chód 3090 (costais barr shonracha eile) i gcás barra inmhargaidh (táirgí a mhargaítear de ghnáth). Barra inmhargaidh a cheannaítear ar a gcois, ní mór iad a sholáthar gan an limistéar atá i gceist a shonrú (tábla H).

Talamh a ligtear ar cíos ar feadh níos lú ná bliain amháin ó am go chéile agus táirgeadh na talún sin, ní mór caitheamh leis ar an gcaoi chéanna le talamh a gceannaítear a bhuaint mar bharr ar a chois.

B.US. *LTÚ le haghaidh méiteagáiste nó modhanna eile*

B.US.30.A LTÚ (talamh arúil, féarthalamh agus féarach buan, barra buana agus garraithe cistine) a shaothraíonn an deontóir agus an méiteagáisteoir i gcomhpháirt ar bhonn comhaontú méiteagáiste agus/nó UAA a shaothraítear ar théarmaí comhchosúla.

COLÚIN I dTÁBLA B

Tagraíonn Colún A do LTÚ.

Tábla C

Lucht saothair

Struchtúr an tábla

Tábla C	
Lucht saothair	
Catagóir lucht saothair	Cód (*)

Grúpaí faisnéise		Colúin											
		Ginearálta						Iomlán na hoibre ar an ngabháltas (obair thalmhaíochta agus obair maidir le GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas)		Sciar den obair le haghaidh GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas	Meánphá		Slándáil shóisialta
		Líon daoine	Inscne			Bliain bhreithe	Oiliúint talmhaíochta an bhainisteora	An méid ama bliantúil a oibríodh	Aonaid Oibrithe Bhliantúla (AWU)	% den mhéid ama bhliantúil a oibríodh	Pá in aghaidh na bliana	Pá in aghaidh na huaire	Scor
		P	G	G1	G2	B	T	Y1	W1	Y2	AW	AW1	R
		Slánuimhir	Cód	Slán-uimhir	Slánuimhir	Ceithre dhigit	Cód	uaireanta an chloig	AWU	%	Airgeadra náisiúnta	Airgeadra náisiúnta	Cód
UR	Obair rialta gan íocaíocht										—	—	
UC	Obair neamhrialta gan íocaíocht		—			—	—		—		—	—	—
PR	Obair rialta ar íocaíocht											—	—
PC	Obair neamhrialta ar íocaíocht	—	—	—	—	—	—		—		—		—
EX	Oibrithe seachtracha		—			—	—		—		—	—	—

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2746/oj

Cód (*)	Tuairisc	Grúpa	P	G	G1	G2	B	T	Y1	W1	Y2	AW	AW1	R
10	Sealbhóir(í)/bainisteoir(í)	**UR**	—		—	—						—	—	
		PR	—		—	—							—	—
20	Sealbhóir(í)/nach bainisteoir(í) iad	**UR**	—		—	—		—				—	—	
		PR	—		—	—		—					—	—
30	Bainisteoir(í)/nach sealbhóir(í) iad	**UR**	—		—	—						—	—	
50	Eile	**UR**		—			—	—				—	—	—
		PR		—			—	—					—	—
60	Obair neamhrialta	**UC**		—			—	—		—		—	—	—
		PC		—			—	—		—		—		—
70	Bainisteoir a íoctar	**PR**	—		—	—							—	—
80	Oibrithe seachtracha	**EX**		—			—	—		—		—	—	—

Cuimsítear sa téarma 'lucht saothair' gach duine a bhí i mbun oibre ar an bhfeirm le linn na bliana tuairiscithe. Mar sin féin, tá roinnt sonraí le soláthar freisin maidir le daoine a rinne an obair sin thar ceann duine nó gnóthais eile (oibrithe seachtracha a bhfuil a gcostais san áireamh i dtábla H faoi chód 1020).

I gcás cúnamh frithpháirteach idir gabháltais, i gcás inar malartú oibre atá sa chúnamh sin, agus an cúnamh a fhaightear coibhéiseach i bprionsabal leis an gcúnamh a thugtar, sonraítear sa tuairisceán feirme an t-am a d'oibrigh lucht saothair na feirme, mar aon leis an bpá gaolmhar.

Uaireanta déantar cúnamh a fhaightear a fhritháireamh trí chúnamh de chineál eile (e.g. déantar cúnamh a fhaightear i bhfoirm oibre a fhritháireamh trí sholáthar innealra). Nuair a dhéantar seirbhísí a mhalartú ar scála teoranta, níl aon rud le tabhairt le fios sa tuairisceán feirme (sa sampla thuas, níl an chabhair a fuarthas ar taispeáint faoi lucht saothair; áirítear i gcostais innealra, áfach, na costais a bhaineann leis an trealamh a chur ar fáil). I gcásanna eisceachtúla, nuair atá an malartú seirbhísí ar mórscála, tá feidhm ag ceann de na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) déantar an cúnamh a fhaightear i bhfoirm oibre a fhritháireamh trí sheirbhís de chineál eile (e.g. soláthar innealra): déantar an t-am oibre a fhaightear a thaifeadadh mar obair feirme ar íocaíocht (grúpaí PR nó PC ag brath ar cé acu go tráthrialta nó ar bhealach eile a fhostaítear an lucht saothair ar an bhfeirm); déantar luach an chúnaimh a tugadh a thaifeadadh mar tháirgeadh faoin gcatagóir chomhfhreagrach i dtáblaí eile (sa sampla seo, tábla L, cód 2010 'Obair chonarthach') agus mar chostas (tábla H, cód 1010 'Pá agus slándáil shóisialta');

(b) déantar an cúnamh a tugadh i bhfoirm oibre a fhritháireamh trí sheirbhís de chineál eile (e.g. soláthar innealra): sa chás sin, ní chuirtear san áireamh an t-am oibre a soláthraíodh ná aon phá gaolmhar; déantar luach na seirbhíse a fuarthas a thaifeadadh mar ionchur faoin ngrúpa comhfhreagrach i dtábla eile (sa sampla seo, tábla H, cód 1020 'Obair chonarthach agus fruiliú innealra').

Tá na grúpaí faisnéise agus na catagóirí lucht saothair seo a leanas le hidirdhealú:

C.UR. *Lucht saothair rialta gan íocaíocht*

Lucht saothair gan íocaíocht nó lucht saothair a fhaigheann luach saothair níos lú (in airgead tirim nó mar íocaíocht chomhchineáil) ná an méid a íoctar de ghnáth as na seirbhísí a tugadh (níor cheart an íocaíocht sin a bheith le feiceáil i gcostais feirme) agus a bhí rannpháirteach (lasmuigh de ghnáthlaethanta saoire) le linn na bliana tuairiscithe ar feadh lá iomlán de gach seachtain ar a laghad.

Mar sin féin, duine atá fostaithe go rialta ar fheirm, ach a bhí fostaithe ar feadh tréimhse theoranta sa bhliain tuairiscithe mar gheall ar chúiseanna speisialta, déantar an duine sin a iontráil (don líon uaireanta an chloig a d'oibrigh sé) mar lucht saothair rialta.

D'fhéadfadh na cásanna seo a leanas nó cásanna comhchosúla teacht chun cinn:

(a) saindálaí táirgthe ar an bhfeirm nach bhfuil lucht saothair ag teastáil ina leith i rith na bliana: e.g. gabháltais ológ nó fíona, agus feirmeacha ar speisialtóireacht dá gcuid é ramhrú séasúrach ainmhithe nó táirgeadh torthaí agus glasraí faoin aer;

(b) neamhláithreacht ón obair seachas le haghaidh gnáthlaethanta saoire, e.g. seirbhís mhíleata, breoiteacht, timpiste, máithreachas, saoire fhadaithe, etc.;

(c) dul isteach sa ghabháltas nó é a fhágáil;

(d) stad iomlán den obair sa ghabháltas ar chúiseanna tionóisceacha (tuilte, tine, etc.).

Tá na catagóirí seo a leanas ann:

C.UR.10. *Sealbhóir(í)/bainisteoir(í)*

Duine a ghlacann freagracht eacnamaíoch agus dhlíthiúil as an ngabháltas agus a bhainistíonn é ó lá go lá. I gcás méiteagáiste, tugtar le fios gurb é an méiteagáisteoir an sealbhóir/bainisteoir.

C.UR.20. *Sealbhóir(í)/nach bainisteoir(í) iad*

Duine a ghlacann freagracht eacnamaíoch agus dhlíthiúil as an ngabháltas gan bheith i mbun a bhainistithe ó lá go lá.

C.UR.30. *Bainisteoir(í)/nach sealbhóir(í) iad*

Duine a bhainistíonn an gabháltas ó lá go lá gan freagracht eacnamaíoch agus dhlíthiúil as a thógáil ar láimh.

C.UR.50. *Lucht saothair rialta eile gan íocaíocht*

Cuimsítear le lucht saothair rialta gan íocaíocht nach n-áirítear sna catagóirí roimhe seo maoir agus fobhainisteoirí nach bhfuil freagrach as bainistiú na feirme ina hiomláine.

C.UC. *Lucht saothair neamhrialta gan íocaíocht*

C.UC.60. Lucht saothair gan íocaíocht nár oibrigh go rialta ar an ngabháltas le linn na bliana cuntasaíochta, déantar iad a chomhiomlánú faoin gcatagóir seo.

C.PR. *Lucht saothair rialta ar íocaíocht*

Lucht saothair a íocadh (in airgead tirim agus/nó in íocaíocht chomhchineáil) ar an ngnáthscála as seirbhísí arna soláthar agus a d'oibrigh lá iomlán in aghaidh na seachtaine don ghabháltas (cé is moite de laethanta saoire) le linn na bliana cuntasaíochta.

Tá na catagóirí seo a leanas le taispeáint:

C.PR.10. *Sealbhóir(í)/bainisteoir(í)*

Duine a ghlacann freagracht eacnamaíoch agus dhlíthiúil as an ngabháltas agus a bhainistíonn é ó lá go lá. I gcás méiteagáiste, tugtar le fios gurb é an méiteagáisteoir an sealbhóir/bainisteoir.

C.PR.20. *Sealbhóir(í)/nach bainisteoir(í) iad*

Duine a ghlacann freagracht eacnamaíoch agus dhlíthiúil as an ngabháltas gan bheith i mbun a bhainistithe ó lá go lá.

C.PR.70. *Bainisteoir a íoctar*

Duine faoi thuarastal atá freagrach as an ngabháltas a bhainistiú ó lá go lá.

C.PR.50. *Eile*

Déantar an lucht saothair uile ar íocaíocht (cé is moite de bhainisteoir faoi thuarastal an ghabháltais) a chomhiomlánú faoin ngrúpa seo. Cuimsítear freisin maoir agus fobhainisteoirí nach bhfuil freagrach as an bhfeirm a bhainistiú ina hiomláine

C.PC. *Lucht saothair neamhrialta ar íocaíocht*

C.PC.60. Lucht saothair ar íocaíocht nár oibrigh go rialta ar an ngabháltas le linn na bliana cuntasaíochta (lena n-áirítear tascoibrithe), déantar iad a chomhiomlánú faoin gcatagóir seo.

C.EX *Oibrithe seachtracha*

C.EX.80. *Oibrithe seachtracha*

Tagraíonn an grúpa seo d'oibrithe a earcaítear trí thríú páirtithe (e.g. gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí). Ní cuid de phárolla na feirme iad oibrithe seachtracha; mar sin féin, is é an sealbhóir/bainisteoir a bhainistíonn iad. Féadfaidh na hoibrithe sin a bheith rialta nó neamhrialta.

COLÚIN I dTÁBLA C

Líon daoine (colún P)

Tabharfar an líon daoine le fios sna catagóirí inar féidir leo a bheith i láthair (catagóirí 50 agus 60 ó na grúpaí UR 'lucht saothair rialta gan íocaíocht' agus PR 'lucht saothair rialta ar íocaíocht', agus catagóir 80 ón ngrúpa EX 'oibrithe seachtracha').

Inscne (colún G)

Sonrófar inscne don sealbhóir/do na sealbhóirí, don bhainisteoir/do na bainisteoirí sna catagóirí inar féidir leo a bheith i láthair (catagóirí 10 go 30 agus 70 ó ghrúpaí UR 'lucht saothair rialta gan íocaíocht' nó PR 'lucht saothair rialta ar íocaíocht'). Léirítear an inscne le códuimhir, i.e.:

1 fear

2 bean

Ballstáit a bhfuil forálacha dlíthiúla nó cleachtais dhlíthiúla acu lena n-aithnítear go bhféadfadh sé nach dtagann daoine aonair faoi na catagóirí fireann agus baineann nó go bhféadfadh sé nach mian le daoine a bheith bainteach le ceann de na catagóirí sin, féadfaidh siad cóid bhreise a úsáid.

Fir, Mná (colúin G1 agus G2)

Ní thabharfar líon na bhfear agus na mban ach amháin maidir le catagóirí 50 agus 60 ó na grúpaí UR 'lucht saothair rialta gan íocaíocht' agus PR 'lucht saothair rialta ar íocaíocht', agus catagóir 80 ón ngrúpa EX 'oibrithe seachtracha'. I gcás chatagóir 80 'oibrithe seachtracha', tá an fhaisnéis sin roghnach.

Ballstáit a bhfuil forálacha dlíthiúla nó cleachtais dhlíthiúla acu lena n-aithnítear go bhféadfadh sé nach dtagann daoine aonair faoi na catagóirí fireann agus baineann nó go bhféadfadh sé nach mian le daoine a bheith bainteach le ceann de na catagóirí sin, féadfaidh siad cóid bhreise a úsáid.

Bliain bhreithe (colún B)

Ní thabharfar an bhliain bhreithe ach amháin maidir leis an sealbhóir/na sealbhóirí agus/nó bainisteoir/bainisteoirí, (catagóirí 10 go 30 agus 70 ó na grúpaí UR 'lucht saothair rialta gan íocaíocht' nó PR 'lucht saothair rialta ar íocaíocht'), agus ceithre fhigiúr na bliana breithe á n-úsáid.

Oiliúint talmhaíochta an bhainisteora (colún T)

Ní thabharfar an oiliúint talmhaíochta ach amháin maidir leis an mbainisteoir/na bainisteoirí(catagóirí 10, 30 agus 70 ó na grúpaí UR 'lucht saothair rialta gan íocaíocht' nó PR 'lucht saothair rialta ar íocaíocht'). Léirítear an oiliúint talmhaíochta le códuimhir, i.e.:

1 taithí talmhaíochta phraiticiúil amháin

2 bunoiliúint talmhaíochta

3 oiliúint talmhaíochta iomlán

Iomlán na hoibre ar an ngabháltas (obair thalmhaíochta agus obair maidir le GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas)

Áirítear leis an obair ar an ngabháltas an obair uile a bhaineann le heagrú, maoirseacht agus cur i gcrích, idir obair láimhe agus obair riaracháin, a dhéantar i ndáil le hobair thalmhaíochta na feirme, mar aon le hobair maidir le GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas:

Obair thalmhaíochta na feirme:

— eagrú agus bainistíocht airgeadais (díolachán agus ceannachán feirme, leabharchoimeád, etc.),

— obair allamuigh (treabhadh, cur, buaint, cothabháil úlloird, etc.),

— feirmeoireacht beostoic (ullmhú beatha, beathú ainmhithe, bleán, aire a thabhairt do bheostoc, etc.),

— táirgí a ullmhú don mhargadh, stóráil, díolachán díreach táirgí feirme, próiseáil táirgí feirme lena bhféintomhailt, táirgeadh fíona agus ola olóige,

— cothabháil foirgneamh, innealra, trealaimh, fálta, díog, etc.,

— iompar don ghabháltas arna dhéanamh ag lucht saothair an ghabháltais.

Obair don GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas

— obair chonarthach (ina mbaintear úsáid as modhanna táirgeachta an ghabháltais),

— turasóireacht, cóiríocht agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile,

— próiseáil táirgí feirme(gan beann ar cé acu a tháirgtear an t-amhábhar ar an ngabháltas nó a cheannaítear ón taobh amuigh é), e.g. cáis, im, feoil phróiseáilte…,

— táirgeadh fuinnimh in-athnuaite,

— foraoiseacht agus próiseáil adhmaid,

— GSE eile (feirmeoireacht theiripeach, lámhcheardaíocht, dobharshaothrú, …).

Ní áirítear na nithe seo a leanas in obair an ghabháltais:

— obair i dtáirgeadh sócmhainní dochta (foirgníocht nó móroibríochtaí deisiúcháin ar fhoirgnimh nó innealra, úlloird a phlandú, foirgnimh a scartáil, úlloird a ghrafadh, etc.),

— obair a dhéantar le haghaidh theaghlach an tsealbhóra/na sealbhóirí nó an bhainisteora/na mbainisteoirí.

Méid ama bliantúil a oibríodh (colún Y1)

Tabharfar an t-am a oibríodh le fios in uaireanta an chloig i gcás na ngrúpaí agus na gcatagóirí uile. Tagróidh sé don am a caitheadh ar obair an ghabháltais. I gcás oibrithe ar lú a gcumas, déanfar an t-am a oibríodh a laghdú i gcomhréir lena gcumas. Déantar an t-am a d'oibrigh lucht saothair tascoibre a mheas tríd an méid iomlán a íocadh as an obair a roinnt ar phá in aghaidh na huaire oibrí atá fostaithe ar bhonn ama.

Aonaid oibrithe bhliantúla (colún W1)

Tiontaítear an lucht saothair a fhostaítear go rialta ina aonaid oibrithe bhliantúla. Ní thaifeadtar líon na n-aonad oibrithe bliantúil i gcás lucht saothair neamhrialta (catagóir 50 de lucht saothair UC gan íocaíocht agus lucht saothair PC ar íocaíocht araon) agus i gcás chatagóir 80, EX oibrithe seachtracha. Is ionann aonad oibrithe bliantúil amháin agus duine amháin atá ag obair go lánaimseartha ar an ngabháltas. Ní féidir le duine amháin coibhéis aonaid oibre amháin a shárú, fiú má sháraíonn a am oibre iarbhír an t-am caighdeánach don réigiún agus don chineál gabháltais. Duine nach n-oibríonn don bhliain iomlán ar an ngabháltas, is codán é 'd'aonad bliantúil'. Ríomhtar 'aonad oibrithe bliantúil' gach duine den chineál sin trína am oibrithe bliantúil iarbhír a roinnt ar am oibrithe bliantúil caighdeánach oibrí lánaimseartha sa réigiún faoi bhreithniú atá sa chineál céanna gabháltais.

I gcás oibrithe ar lú a gcumas, déanfar an choibhéis aonaid oibre bhliantúil a laghdú i gcomhréir lena gcumas.

Sciar den obair maidir le GSE mar % den am bliantúil a oibríodh (colún Y2)

An sciar den obair maidir le GSE i dtéarmaí an ama a oibríodh, tá sé éigeantach le haghaidh gach catagóire. Tugtar le fios é mar % de na huaireanta a oibríodh le linn na bliana tuairiscithe.

Pá agus costais slándála sóisialta in aghaidh na bliana (colún AW)

Pá agus costais slándála sóisialta le haghaidh lucht saothair ar íocaíocht in aghaidh na bliana (tugtar mínithe i dtábla H faoi chód 1010), soláthrófar iad le haghaidh chatagóirí 10, 20, 50 agus 70 faoin ngrúpa PR 'lucht saothair rialta ar íocaíocht'. Maidir le catagóirí 10, 20, 70, tagraíonn sé seo do gach duine, ach i gcás chatagóir 50, ba cheart meánluach a bheith ann.

Pá agus costais slándála sóisialta in aghaidh na huaire (colún AW!)

Meánphá agus meánchostais slándála sóisialta le haghaidh lucht saothair ar íocaíocht in aghaidh na huaire (tugtar mínithe i dtábla H faoi chód 1010), soláthrófar iad le haghaidh chatagóir 60 faoin ngrúpa PC 'lucht saothair neamhrialta ar íocaíocht'.

Scor (colún R)

Sonrófar cé acu a bheidh nó nach mbeidh sealbhóirí agus/nó bainisteoirí i dteideal pinsin scoir (éigeantach agus/nó comhlántach, le haghaidh a gcuid oibre sa talmhaíocht agus/nó in earnálacha eile). Ní thabharfar an fhaisnéis sin ach amháin i gcás lucht saothair rialta gan íocaíocht (UR) le haghaidh chatagóirí 10, 20 agus 30.

Tugtar cumhdach na scéime scoir le fios le códuimhir, i.e.:

1 beidh (beidh an duine i dteideal pinsin scoir)

2 ní bheidh (ní bheidh an duine i dteideal pinsin scoir)

Tábla D

Sócmhainní agus infheistíochtaí

Struchtúr an tábla

Catagóir sócmhainní		Cód (*)
		Colún
Grúpaí faisnéise		Luach
		V
OV	Luacháil tosaigh	
AD	Dímheas carntha	
DY	Dímheas na bliana reatha	
IP	Infheistíocht/Ceannach, roimh asbhaint fóirdheontas	
S	Fóirdheontais	
SA	Díolachán	
CV	Luacháil deiridh	

'Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	OV	AD	DY	IP	S	SA	CV
1005	Airgead, infháltais, sócmhainní reatha eile agus coibhéisí		—	—	—	—	—	
1040	Fardail		—	—				
2010	Sócmhainní bitheolaíocha - plandaí							
3010	Talamh talmhaíochta		—	—				
3020	Feabhsuithe talún							
3030	Foirgnimh feirme							

‘Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	OV	AD	DY	IP	S	SA	CV
4010	Innealra agus trealamh							
5010	Talamh foraoise, lena n-áirítear stoc fáis		—	—				
7005	Sócmhainní doláimhsithe							
8010	Sócmhainní neamhreatha eile							

Úsáidfear na catagóirí sócmhainní seo a leanas:

1005. *Airgead, infháltais, sócmhainní reatha eile agus coibhéisí*

Airgead tirim agus sócmhainní eile is féidir a chomhshó go héasca ina n-airgead tirim. Sócmhainní gearrthéarmacha, méideanna atá dlite don ghabháltas, a eascraíonn as gníomhaíochtaí gnó de ghnáth. Aon sócmhainn eile a dhíoltar go héasca nó a bhfuil coinne leis go n íocfar aisti laistigh de bhliain.

1040. *Fardail*

Stoic táirgí atá faoi úinéireacht an ghabháltais agus is féidir a úsáid mar ionchuir nó a shealbhaítear lena ndíol, gan beann ar cé acu a tháirgeann an gabháltas iad nó a cheannaítear iad.

2010. *Sócmhainní bitheolaíocha — plandaí*

Luachanna na bplandaí uile nár buaineadh go fóill (gach barr buan agus barr ar a chois). Dímheas carntha (D.AD) agus Dímheas na bliana reatha (D.DY.), níl siad le tuairisciú ach amháin le haghaidh barra buana.

3010. *Talamh talmhaíochta*

Talamh talmhaíochta ar leis an ngabháltas é.

3020. *Feabhsuithe talún*

Feabhsuithe talún (e.g. fálú, draenáil, trealamh uiscithe seasta) ar leis an sealbhóir iad, gan beann ar chineál áitíochta na talún. Tá na méideanna a iontráiltear faoi réir dímheasa ag colún DY.

3030. *Foirgnimh feirme*

Foirgnimh de chuid an tsealbhóra, gan beann ar chineál áitíochta na talún. Tá an ceannteideal le líonadh isteach agus tá na méideanna a iontráiltear faoi réir dímheasa i gcolún DY.

4010. *Innealra agus trealamh*

Tarracóirí, saothraithe mótair, leoraithe, veaineanna, gluaisteáin, mórthrealamh feirmeoireachta agus miontrealamh feirmeoireachta. Ní mór an ceannteideal a líonadh isteach agus tá na méideanna a iontráiltear faoi réir dímheasa i gcolún DY.

5010. *Talamh foraoise, lena n-áirítear stoc fáis*

Talamh foraoise úinéir-áitithe atá san áireamh sa ghabháltas talmhaíochta.

7005. *Sócmhainní doláimhsithe*

Gach sócmhainn dholáimhsithe is féidir a cheannach nó a dhíol go héasca (e.g. cuótaí agus cearta i gcás inar cuótaí agus cearta intrádála iad gan talamh agus nuair is ann do mhargadh gníomhach), mar aon le sócmhainní doláimhsithe nach féidir a cheannach ná a dhíol go héasca (e.g. bogearraí, ceadúnais, etc.). Ní mór an ceannteideal a líonadh isteach agus tá na méideanna a iontráiltear faoi réir dímheasa i gcolún DY.

Gach sócmhainn dholáimhsithe eile nach féidir a cheannach ná a dhíol go héasca (e.g. bogearraí, ceadúnais, etc.). Ní mór an ceannteideal a líonadh isteach agus tá na méideanna a iontráiltear faoi réir dímheasa i gcolún DY.

8010. *Sócmhainní neamhreatha eile*

Sócmhainní fadtéarmacha eile. Tá an ceannteideal le líonadh isteach agus, más infheidhme, taifeadfar na méideanna dímheasa i gcolún DY.

Grúpaí faisnéise i dTábla D

Is iad seo a leanas na grúpaí faisnéise: (OV) luacháil tosaigh, (AD) dímheas carntha, (DY) dímheas na bliana reatha, (IP) infheistíocht nó ceannach roimh asbhaint fóirdheontas, (S) fóirdheontais, (SA) díolachán, (CV) luacháil deiridh. Mínítear iad thíos.

Níl ann ach luach cholún (V) amháin.

Modhanna luachála

Úsáidtear na modhanna luachála seo a leanas:

An luach cóir lúide na costais mheasta díolphointe	an méid lena bhféadfaí sócmhainn a mhalartú, nó an méid lena bhféadfaí dliteanas a shocrú, idir páirtithe eolasacha toilteanacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí lúide an costas a mheastar a thabhófaí i ndáil leis an díol	3010, 5010, 7005 más intrádála
Costas stairiúil	costas ainmniúil nó costas bunaidh sócmhainne nuair a fuarthas í	2010, 3020, 3030, 4010, 7005 más neamh-intrádála
Luach de réir na leabhar	an luach ar a iompraítear sócmhainn ar chlár comhardaithe	1005, 1040, 8010

D.OV. *Luacháil tosaigh*

Is é is luacháil tosaigh ann luach na sócmhainní ag tús na bliana cuntasaíochta. I gcás na bhfeirmeacha a bhí i láthair sa sampla an bhliain roimhe sin freisin, ní mór an luacháil tosaigh a bheith cothrom le luacháil deiridh na bliana roimhe sin.

D.AD. *Dímheas carntha*

Is é is dímheas carntha ann suim dhímheas na sócmhainne ó thús a saolré go dtí deireadh na tréimhse roimhe sin.

D.DY. *Dímheas na bliana reatha*

Leithdháileadh córasach mhéid in-dímheasa na sócmhainne le linn a saolré úsáide.

Déanfar tábla ina mbeidh na rátaí bliantúla dímheasa arna gcur i bhfeidhm ag gach Ballstát a chur in iúl don Choimisiún in am trátha chun an córas ríomhairithe seachadta agus rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán seo a chur ar bun.

D.IP. *Infheistíochtaí/Ceannacháin*

Caiteachas iomlán ar cheannacháin, ar mhóroibríochtaí deisiúcháin agus ar tháirgeadh sócmhainní seasta le linn na bliana cuntasaíochta. I gcás ina bhfuarthas deontais agus fóirdheontais i leith na n-infheistíochtaí sin, tá an méid a caitheadh sular baineadh na deontais agus na fóirdheontais sin le hiontráil sa cholún IP.

Ní thaispeántar sna colúin seo ceannacháin mionearraí innealra agus trealaimh ná ceannacháin crann agus sceach óg le haghaidh mionoibríocht athphlandála, ach áirítear iad sna costais don bhliain chuntasaíochta.

Móroibríochtaí deisiúcháin a mhéadaíonn luach an innealra agus an trealaimh go héifeachtach i gcomparáid lena luach roimh dheisiú, áirítear iad faoin gcolún seo freisin mar dhlúthchuid de dhímheas an innealra nó an trealaimh, a choigeartófar, de réir mar is iomchuí, chun saolré fhadaithe (mar gheall ar na deisiúcháin) an earra atá i gceist a chur san áireamh, sin nó trí chostas na móroibríochtaí deisiúcháin a leathadh thar an tsaolré úsáide a bhfuil coinne léi.

Tá luach na sócmhainní seasta arna dtáirgeadh le measúnú ar bhonn a gcostais (lena n-áirítear luach an lucht saothair ar íocaíocht agus/nó gan íocaíocht) agus cuirfear é le luach na sócmhainní seasta a thugtar faoi chóid 2010 go 8010 de thábla D 'Sócmhainní'.

D.S. *Fóirdheontais infheistíochta*

Cion reatha na bhfóirdheontas uile a fuarthas (i mblianta cuntasaíochta roimhe sin nó i mblianta cuntasaíochta reatha) le haghaidh sócmhainní a thaifeadtar sa tábla seo.

D.SA. *Díolachán*

Díolachán iomlán sócmhainní le linn na bliana cuntasaíochta.

D.CV. *Luacháil deiridh*

Is é is luacháil deiridh ann luach na sócmhainní ag deireadh na bliana cuntasaíochta.

Nótaí

I gcás ítimí 3010 agus 5010, meastar an difríocht idir OV + IP-SA agus CV mar ioncam nó mar chaillteanas (a thagann as an athrú ar an bpraghas aonaid agus ar an méid araon) le haghaidh na sócmhainní sin maidir leis an mbliain chuntasaíochta.

Faisnéis faoi shócmhainní bitheolaíocha — ainmhithe, déantar í a thaifeadadh i dtábla J 'Táirgeadh beostoic'.

Tábla E

Cuótaí agus cearta eile

TÁBLA E					
Cuótaí agus cearta eile					
Catagóir an chuóta nó an chirt		Cód (*)			
		Colúin			
Grúpaí faisnéise		Cuóta faoi úinéireacht	Cuóta arna thógáil ar cíos	Cuóta arna ligean ar cíos	Cánacha
		N	**I**	**O**	**T**
QQ	Cainníocht ag deireadh na bliana cuntasaíochta				—
QP	Cuótaí arna gceannach		—	—	—
QS	Cuótaí arna ndíol		—	—	—
OV	Luacháil tosaigh		—	—	—
CV	Luacháil deiridh		—	—	—
PQ	Íocaíochtaí i leith cuóta arna léasú nó cuóta arna thógáil ar cíos	—		—	—
RQ	Fáltais ó chuóta arna léasú nó arna ligean ar cíos	—	—		—
TX	Cánacha	—	—	—	

Cód (*)	Tuairisc
50	Aoileach orgánach
60	Teidlíochtaí íocaíochtaí faoi scéim na híocaíochta bunúsaí agus teidlíochtaí íocaíochtaí faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta

Is ítimí éigeantacha iad cainníochtaí an chuóta (cuóta faoi úinéireacht, cuóta arna thógáil ar cíos agus cuóta arna ligean ar cíos). Ní thaifeadtar ach an chainníocht atá ann ag deireadh na bliana cuntasaíochta.

Taifeadtar sa tábla seo na luachanna a bhaineann le cuótaí is féidir a thrádáil ar leithligh ó thalamh gaolmhar. Na cuótaí nach féidir a thrádáil ar leithligh ó thalamh gaolmhar, ní thaifeadtar iad ach amháin i dTábla D 'Sócmhainní'. Na cuótaí a fuarthas saor in aisce ar dtús, ní mór iad a iontráil freisin agus a luacháil ag na luachanna margaidh reatha más féidir iad a thrádáil ar leithligh ón talamh.

Áirítear roinnt iontrálacha sonraí go comhuaineach, ina n-aonar nó mar chomhpháirteanna de chomhiomláin, ag grúpaí nó catagóirí eile i dTáblaí D 'Sócmhainní', H 'Ionchuir' agus/nó I 'Barra'.

Ní mór na *catagóirí* seo a leanas a úsáid:

50 Aoileach orgánach

60 Teidlíochtaí íocaíochtaí faoi scéim na híocaíochta bunúsaí agus teidlíochtaí íocaíochtaí faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta.

Ní mór na *grúpaí faisnéise* seo a leanas a úsáid:

E.QQ. *Cainníocht* (le taifeadadh le haghaidh cholúin N, I, O amháin)

Is iad na haonaid seo a leanas atá le húsáid:

* Catagóir 50 (aoileach orgánach): líon na n-ainmhithe a tiontaíodh le fachtóirí coinbhéartachta caighdeánacha le haghaidh eisfhearadh aoiligh,

* Catagóir 60 (scéim na híocaíochta bunúsaí agus tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta): líon na dteidlíochtaí

E.QP. *Cuóta arna cheannach (le taifeadadh le haghaidh cholún N amháin)*

Ba cheart taifead a dhéanamh den mhéid a íocadh as cuótaí nó cearta eile a cheannach le linn na bliana cuntasaíochta, ar cuótaí nó cearta iad is féidir a thrádáil ar leithligh ó thalamh gaolmhar.

E.QS. Cuóta arna dhíol (le taifeadadh le haghaidh cholún N amháin)

Ba cheart taifead a dhéanamh freisin den mhéid a fuarthas ó chuótaí nó cearta eile a dhíol le linn na bliana cuntasaíochta, ar cuótaí nó cearta iad is féidir a thrádáil ar leithligh ó thalamh gaolmhar.

E.OV. *Luacháil tosaigh (le taifeadadh le haghaidh cholún N amháin)*

Luach na gcainníochtaí atá ar fáil don sealbhóir féin tráth na luachála tosaigh, is cuma cé acu a fuarthas saor in aisce nó a ceannaíodh iad, ba cheart é a thaifeadadh ag na margadhluachanna reatha, más féidir na cuótaí a thrádáil ar leithligh ó thalamh gaolmhar.

E.CV. *Luacháil deiridh (le taifeadadh le haghaidh cholún N amháin)*

Luach na gcainníochtaí atá ar fáil don sealbhóir féin tráth na luachála deiridh, is cuma cé acu a fuarthas saor in aisce nó a ceannaíodh iad, ba cheart é a thaifeadadh ag na margadhluachanna reatha, más féidir na cuótaí a thrádáil ar leithligh ó thalamh gaolmhar.

E.PQ. *Íocaíochtaí i leith cuóta arna léasú nó cuóta arna thógáil ar cíos (le taifeadadh i gcás cholún I amháin)*

An méid a íocadh chun cuótaí nó cearta eile a léasú nó a thógáil ar cíos. San áireamh freisin i gcíos arna íoc faoi chatagóir 5070 (Cíos arna íoc) i dTábla H 'Ionchuir'.

E.RQ. *Fáltais i leith cuóta arna léasú nó cuóta arna ligean ar cíos (le taifeadadh i gcás cholún O amháin)*

An méid a fuarthas ó chuótaí nó cearta eile a léasú nó a ligean ar cíos. San áireamh freisin faoi chatagóir 90900 ('Eile') i dTábla I 'Barra'.

E.TX. *Cánacha, tobhach breise (colún T)*

Méid arna íoc.

COLÚIN I dTÁBLA E

Tagraíonn colún N don chuóta faoi úinéireacht, colún I don chuóta a thógtar ar cíos, colún O don chuóta a ligtear ar cíos, agus colún T do chánacha.

Tábla F

Fiachais agus creidmheasanna

Struchtúr an tábla

Catagóir fiachas		Cód (*)	
		Colúin	
Grúpaí faisnéise		Gearrthéarmach	Fadtéarmach
		S	**L**
OV	Luacháil tosaigh		
CV	Luacháil deiridh		

Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	S	L
1010	Fiachas tráchtála, caighdeánach		
1020	Fiachas tráchtála, speisialta		
1030	Iasachtaí teaghlaigh/príobháideacha		
2010	Suimeanna iníoctha		—
3000	Dliteanais eile		

Dliteanais an ghabháltais: ní bhainfidh na méideanna a luaitear ach le méideanna atá fós gan íoc, i.e. iasachtaí ar conradh lúide na haisíocaíochtaí a rinneadh cheana.

Tá na catagóirí seo a leanas le húsáid:

— 1010. Fiachas — fiachas tráchtála, caighdeánach — tagraíonn sé d'iasachtaí nach bhfaigheann tacaíocht ó aon bheartas poiblí lena ndírítear ar ghlacadh iasachtaí.

— 1020. Fiachas — fiachas tráchtála, speisialta — tagraíonn sé d'iasachtaí a thairbhíonn de thacaíocht beartais phoiblí (fóirdheontais úis, ráthaíochtaí, etc.).

— 1030. Fiachas — iasachtaí teaghlaigh/príobháideacha — iasachtaí a thugtar i gcrích le duine fisiceach a bhuí lena chaidreamh teaghlaigh/príobháideach leis an bhféichiúnaí.

— 2010. Suimeanna iníoctha — méideanna atá dlite do sholáthróirí.

— 3000. Dliteanais eile — dliteanais seachas iasachtaí nó suimeanna iníoctha.

Ní mór dhá ghrúpa faisnéise a chlárú: (OV) luacháil tosaigh agus luacháil deiridh (CV).

Tá dhá cholún ann: (S) dliteanais ghearrthéarmacha agus (L) dliteanais fhadtéarmacha:

— Dliteanais ghearrthéarmacha — fiachas agus dliteanais eile i leith an ghabháltais atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin.

— Dliteanais fhadtéarmacha — fiachas agus dliteanais eile i leith an ghabháltais go ceann tréimhse bliana amháin nó níos mó.

Tábla G

Cáin bhreisluacha (CBL)

Struchtúr an tábla

Catagóir na gcóras CBL		Cód (*)		
Grúpaí faisnéise		Córas CBL	iarmhéid idirbheart neamhinfheistíochta	iarmhéid idirbheart infheistíochta
		C	**NI**	**I**
VA	Córais CBL ar an bhfeirm			

Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí
1010	Príomhchóras CBL ar an bhfeirm
1020	Córas tánaisteach CBL ar an bhfeirm

Liosta na gcóras CBL don dá chatagóir	**C**	**NI**	**I**
Gnáthchóras CBL	1	—	—
Córas fritháirimh pháirtigh	2		

Maidir le sonraí i dtéarmaí airgeadaíochta sa tuairisceán feirme, cuirtear in iúl iad gan CBL san áireamh.

Ba cheart na sonraí seo a leanas maidir le CBL a sholáthar mar chatagóirí:

1010. *Príomhchóras CBL ar an bhfeirm*

1.	Gnáthchóras CBL	—	an córas CBL a bhfuiltear deimhin de go mbeidh sé neodrach ó thaobh ioncaim de le haghaidh gabháltais talmhaíochta toisc go ndéantar an t-iarmhéid CBL a imréiteach leis na húdaráis chánach.
2.	Córas fritháirimh pháirtigh	—	an córas CBL nach bhfuiltear deimhin de go mbeidh sé neodrach ó thaobh ioncaim de le haghaidh gabháltais talmhaíochta, cé go bhféadfadh neas-sásra éigin a bheith san áireamh ann chun CBL arna íoc agus arna fháil a fhritháireamh.

1020. *Córas tánaisteach CBL ar an bhfeirm*

Na cóid mar a shainítear iad don phríomhchóras CBL.

Níl ach grúpa faisnéise amháin maidir le córas CBL ar an bhfeirm, mar atá, (VA). Tá trí cholún ann: (C) cód an chórais CBL, (NI) iarmhéid idirbheart neamhinfheistíochta agus (I) iarmhéid idirbheart infheistíochta.

I gcás an ghnáthchórais CBL, ní gá ach sonrú a iontráil ina leith. Má tá an gabháltas faoi réir chóras fritháirimh pháirtigh CBL, ní mór freisin iarmhéid CBL na n-idirbheart neamhinfheistíochta agus iarmhéid CBL na n-idirbheart infheistíochta a sholáthar.

Nuair a thagann méadú ar ioncam an ghabháltais mar gheall ar láimhdeachas CBL, is figiúr dearfach é an t-iarmhéid CBL thuas. I gcás ioncam laghdaithe, is figiúr diúltach an t-iarmhéid.

Tábla H

Ionchuir

Struchtúr an tábla

Catagóir ionchur		Cód (*)	
Grúpaí faisnéise		Colúin	
		Luach	Cainníocht
		V	**Q**
LM	Costais agus ionchuir maidir le lucht saothair agus innealra		
SL	Costais bheostoic shonracha		
SC	Costais agus ionchuir shonracha maidir le barra		
OS	Costais shonracha maidir le GSE		
FO	Forchostais feirmeoireachta		

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	V	Q
1010	**LM**	Pá agus costais slándála sóisialta le haghaidh lucht saothair ar íocaíocht		—
1020	**LM**	Obair faoi chonradh agus fruiliú innealra		—
1030	**LM**	Cothabháil reatha innealra agus trealaimh		—
1040	**LM**	Breoslaí agus bealaí mótair		—
1050	**LM**	Caiteachas ar ghluaisteáin		—
2010	**SL**	Beatha ainmhithe tiubhaithe arna cheannach le haghaidh féaránach (eachainmhithe, athchogantaigh)		—
2020	**SL**	Farae garbh arna cheannach le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)		—
2030	**SL**	Beatha ainmhithe arna cheannach le haghaidh muc		—
2040	**SL**	Beatha ainmhithe arna cheannach le haghaidh éanlaith chlóis agus ainmhithe beaga eile		—
2050	**SL**	Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)		—
2060	**SL**	Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh muc		—
2070	**SL**	Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh éanlaith chlóis agus ainmhithe beaga eile		—
2080	**SL**	Caiteachais tréidliachta		—
2090	**SL**	Costais bheostoic shonracha eile		—
3010	**SC**	Síolta agus síológa a ceannaíodh		—
3020	**SC**	Síolta agus síológa a táirgeadh agus a úsáideadh ar an bhfeirm		—
3030	**SC**	Leasaithigh agus feabhsaitheoirí ithreach		—

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	V	Q
3031	**SC**	Cainníocht N a úsáidtear i leasacháin mhianracha	—	
30311	**SC**	ar úiré sholadach iad (roghnach)	—	
30312	**SC**	ar úiré i Níotráit Úiré-Amóiniam agus Sulfáit Úiré-Amóiniam iad (roghnach)	—	
30313	**SC**	ar leasacháin Níotráite Cailciam-Amóiniam iad (roghnach)	—	
3032	**SC**	Cainníocht P_2O_5 a úsáidtear i leasacháin mhianracha	—	
3033	**SC**	Cainníocht K_2O a úsáidtear i leasacháin mhianracha	—	
3034	**SC**	Aoileach beostoic a ceannaíodh		—
3040	**SC**	Táirgí cosanta barr		—
3090	**SC**	Costais shonracha eile maidir le barra		—
4010	**OS**	Costais shonracha maidir le foraoiseacht agus próiseáil adhmaid		—
4020	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil barr		—
4030	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil bainne bó		—
4045	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil bainne ainmhithe eile		—
4070	**OS**	Costais shonracha maidir le próiseáil feola agus maidir le próiseáil táirgí ainmhithe eile		—
4090	**OS**	Costais shonracha eile maidir le gníomhaíochtaí sochracha eile		—
5010	**FO**	Cothabháil reatha maidir le feabhsuithe talún agus foirgnimh		—
5020	**FO**	Leictreachas		—
5030	**FO**	Breoslaí téimh, iomlán		—
5031	**FO**	ar gás nádúrtha agus gáis mhonaraithe iad		—
5032	**FO**	ar ola agus táirgí peitriliam iad		—
5033	**FO**	ar breoslaí iontaise soladacha iad		—
5034	**FO**	ar breoslaí in-athnuaite (adhmad, tuí, bithghás, ...) iad		—
5035	**FO**	ar breoslaí de thionscnamh eile iad		—
5040	**FO**	Uisce		—
5051	**FO**	Árachas talmhaíochta		—
5055	**FO**	Árachas feirme eile		—
5061	**FO**	Cánacha agus dleachtanna eile		—
5062	**FO**	Cánacha agus muirir eile ar thalamh agus ar fhoirgnimh		—
5070	**FO**	Cíos a íocadh, iomlán		—
5071	**FO**	ar cíos í a íocadh ar thalamh		—
5080	**FO**	Ús agus muirir airgeadais a íocadh		—
5090	**FO**	Forchostais feirmeoireachta eile		—

Baineann ionchuir feirme (costais in airgead tirim agus in íocaíochtaí comhchineáil, agus cainníochtaí ionchur roghnaithe) le 'tomhaltas' acmhainní táirgiúla (lena n-áirítear ionchuir féintáirgthe a úsáid ar an bhfeirm) a chomhfhreagraíonn d'aschur na feirme le linn na bliana cuntasaíochta, sin nó baineann siad le 'tomhaltas' na n-acmhainní sin le linn na bliana cuntasaíochta. I gcás ina mbaineann cuid d'úsáid áirithe le húsáid phríobháideach agus cuid di le húsáid feirme (e.g. leictreachas, uisce, breoslaí téimh agus breoslaí innill, etc.), ní áireofar sa tuairisceán feirme ach an chuid a bhaineann le húsáid feirme. An cion d'úsáid a bhaintear as gluaisteáin phríobháideacha a chomhfhreagraíonn dá n-úsáid chun críoch feirme, ba cheart é a chur san áireamh freisin.

Agus na costais a bhaineann le haschur na bliana cuntasaíochta á ríomh, déanfar na ceannacháin agus an úsáid feirme le linn na bliana a choigeartú chun athruithe luachála a chur san áireamh (lena n-áirítear athruithe ar shaothrú). I gcás gach ítime, déanfar iomlán na gcostas ar íocadh astu agus luach na húsáide feirme a thaifeadadh ar leithligh.

Na costais a thugtar le fios, i gcás ina mbaineann siad le 'tomhaltas' iomlán na n-ionchur le linn na bliana cuntasaíochta ach nach gcomhfhreagraíonn siad do tháirgeadh le linn na bliana sin, tabharfar athruithe ar stoic ionchur le fios i dTábla D faoi chód 1040 Fardail, cé is moite de chostais a fhabhraítear i leith barra fáis, idir bharra bhuana agus bharra ar a gcois, costais ar cheart iad a chlárú faoi 2010 Sócmhainní bitheolaíocha — plandaí.

Nuair a úsáidtear acmhainní táirgthe an ghabháltais (lucht saothair ar íocaíocht nó gan íocaíocht, innealra nó trealamh) chun sócmhainní seasta a mhéadú (innealra a thógáil nó móroibríochtaí deisiúcháin a dhéanamh air, foirgnimh a thógáil, móroibríochtaí deisiúcháin a dhéanamh orthu nó fiú iad a scartáil, crainn torthaí a chur nó a leagan), níl na costais chomhfhreagracha — nó meastachán orthu — le cur san áireamh i gcostais oibre an ghabháltais. In aon chás, tá costais lucht saothair agus uaireanta an chloig a oibríodh chun sócmhainní seasta a tháirgeadh le heisiamh ó chostais agus ó shonraí an lucht saothair araon. I gcásanna eisceachtúla, mura féidir costais áirithe (seachas costais lucht saothair) a úsáidtear chun sócmhainní seasta a tháirgeadh a ríomh ar leithligh (e.g. úsáid tharracóir an ghabháltais) agus má chuirtear na speansais sin san áireamh faoi chostais ansin, tá meastachán ar na costais sin uile a úsáidtear chun sócmhainní seasta a tháirgeadh le hiontráil i dTábla I 'Barra' faoi chatagóir an chóid barr 90900 ('Eile').

Na costais a bhaineann le 'tomhaltas' sócmhainní caipitiúla, tugtar le fios iad trí bhíthin dímheasa, agus dá bhrí sin, ní ceart caitheamh le caiteachas ar éadáil sócmhainní caipitiúla mar chostas feirme. Leagtar treoracha maidir le dímheas amach i dTábla D 'Sócmhainní'.

Caiteachas ar ítimí costais a cúitíodh le linn na bliana cuntasaíochta nó níos déanaí (e.g. deisiúcháin ar tharracóir mar thoradh ar thimpiste a chumhdaítear le polasaí árachais nó le dliteanas tríú páirtí), ní iontrálfar é mar chostais feirme, agus ní chuirfear na fáltais chomhfhreagracha san áireamh i gcuntais na feirme.

Tá fáltais ó athdhíol soláthairtí ceannaithe le hasbhaint as na hionchuir chomhfhreagracha.

Ní dhéantar deontais ná fóirdheontais a bhaineann le costais a asbhaint as na hítimí costais comhfhreagracha, déantar iad a iontráil faoi na cóid iomchuí 4100 go 4900 i dtábla M 'Fóirdheontais' (féach na treoracha maidir leis na cóid sin). Taispeántar deontais agus fóirdheontais infheistíochta i dtábla D 'Sócmhainní'.

Áirítear le costais freisin aon chaiteachas ar cheannacháin a bhaineann le gach ítim chostais.

Aicmítear na hionchuir mar seo a leanas:

1010. *Pá agus costais slándála sóisialta le haghaidh lucht saothair ar íocaíocht*

Áirítear an méid seo a leanas leis an ítim seo:

— tuarastail agus pá a íoctar iarbhír in airgead tirim le saothraithe pá, gan beann ar bhonn an luacha saothair (tascobair nó obair a íoctar in aghaidh na huaire), faoi réir asbhaint aon liúntais shóisialta a íoctar leis an sealbhóir mar fhostóir chun íoc tuarastail nach gcomhfhreagraíonn don obair iarbhír a rinneadh a fhritháireamh (e.g. neamhláithreacht ón obair mar gheall ar thimpiste, gairmoiliúint, etc.),

— tuarastail agus pá comhchineáil (e.g. lóistín, cothú, tithíocht, táirgí feirme, etc.),

— bónais le haghaidh táirgiúlachta nó cáilíochtaí, bronntanais, aiscí, sciar brabús,

— caiteachas eile a bhaineann leis an lucht saothair (speansais earcaíochta),

— íocaíochtaí slándála sóisialta ar de fhreagracht an fhostóra iad agus íocaíochtaí slándála sóisialta a íocann sé thar ceann an fhostaí agus in ionad an fhostaí,

— árachas tionóisce ceirde.

Maidir le muirir phearsanta slándála sóisialta agus árachas an tsealbhóra agus an lucht saothair gan íocaíocht, ní mheasfar iad sin a bheith ina gcostais feirme.

Na méideanna a gheobhaidh oibrithe gan íocaíocht (méideanna atá níos ísle ná gnáthphá, faoi mar a thuigfí é — féach an sainmhíniú ar lucht saothair gan íocaíocht), ní bheidh siad le feiceáil sa tuairisceán feirme.

Liúntais (in airgead tirim nó in íocaíocht chomhchineáil) a íoctar le hoibrithe ar íocaíocht atá ar scor agus nach bhfuil fostaithe ar an ngabháltas a thuilleadh, ní dhéanfar iad a iontráil faoin ítim seo ach faoin gcód 'Forchostais feirmeoireachta eile'.

1020. *Obair faoi chonradh agus fruiliú innealra*

Áirítear an méid seo a leanas leis an ítim seo:

— caiteachas iomlán i leith obair ar an bhfeirm a rinne conraitheoirí talmhaíochta. Féadfar a chur san áireamh leis sin costas úsáide trealaimh (lena n-áirítear breosla) agus costas na hoibre. I gcás ina n-áirítear sa chonradh freisin costas na n-ábhar a úsáidtear seachas breosla (i.e., táirgí cosanta barr, leasacháin agus síolta), eisiafar costas na n-ábhar sin. Iontrálfar an méid sin (trí mheastachán más gá) faoin ítim chostais chomhfhreagrach (e.g. lotnaidicídí le taifeadadh faoi chód 3040 'Táirgí cosanta barr'),

— an costas a bhaineann le meaisíní a fhruiliú arna n-oibriú ag lucht saothair na feirme. Déanfar na costais bhreosla a bhaineann le húsáid an innealra ar cíos a thaifeadadh faoi chód 1040 'Breoslaí agus bealaí mótair',

— an costas a bhaineann le meaisíní a léasú arna n-oibriú ag lucht saothair na feirme. Déanfar costais bhreosla agus chothabhála meaisíní léasaithe a thaifeadadh faoi na cóid ábhartha (cóid 1030 'Cothú reatha innealra agus trealaimh' agus 1040 'Breoslaí agus bealaí mótair').

1021. *Obair chonarthach*

Costas oibrithe ar conradh, cé is moite den chostas a bhaineann le húsáid trealaimh. Áirítear leis sin costas oibrithe a earcaíodh trí thríú páirtithe (e.g. gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí).

1022. *Fruiliú innealra*

An costas a bhaineann le meaisíní a fhruiliú agus a léasú arna n-oibriú ag lucht saothair na feirme agus an costas a bhaineann le soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear oibrithe ar conradh agus soláthar innealra araon.

1030. *Cothabháil reatha innealra agus trealaimh*

An costas a bhaineann le cothabháil innealra agus trealaimh agus le mionoibríochtaí deisiúcháin nach ndéanann difear do luach margaidh na bhfearas (meicneoir a íoc, costas páirteanna athsholáthair, etc.).

Áirítear leis an ítim seo miontrealamh a cheannach, costas diallatra agus crúdóireachta, ceannach bonn, frámaí fórsála, éadaí cosanta le haghaidh obair mhíshláintíoch, glantaigh chun trealamh a ghlanadh i gcoitinne, agus an cion de chostas gluaisteán príobháideach a chomhfhreagraíonn dá n-úsáid chun críoch feirme (féach freisin cód 1050). Déantar glantaigh a úsáidtear chun trealamh beostoic a ghlanadh (e.g. bliteoirí) a iontráil faoi chód 2090 'Costais bheostoic shonracha eile'.

Móroibríochtaí deisiúcháin lena méadaítear luach trealaimh, i gcomparáid lena luach roimh an deisiú, ní áirítear iad faoin gcód seo (féach freisin na treoracha maidir le dímheas i dTábla D 'Sócmhainní').

1040. *Breoslaí agus bealaí mótair*

Áirítear leis an ítim seo freisin cion na gcostas breoslaí agus bealaí le haghaidh gluaisteáin phríobháideacha a chomhfhreagraíonn dá n-úsáid chun críoch feirme (féach freisin cód 1050).

I gcás ina n-úsáidtear na táirgí mar bhreoslaí mótair agus mar bhreoslaí téimh araon, roinntear an tsuim iomlán ina dá chód:

1040.	'Breoslaí agus bealaí mótair'.
5030.	'Breoslaí téimh'.

1050. *Caiteachas ar ghluaisteáin*

I gcás ina ndéantar cion feirme an chaiteachais ar ghluaisteáin phríobháideacha a ríomh go treallach (e.g. méid seasta in aghaidh an chiliméadair), léirítear na costais sin faoin gcód seo.

Beatha ainmhithe

Roinntear an bheatha ainmhithe arna húsáid ina dá chuid, mar atá, beatha a ceannaíodh agus beatha a táirgeadh ar an bhfeirm.

Áirítear ar an mbeatha ainmhithe arna ceannach líreacáin mhianracha, táirgí bainne (a ceannaíodh nó a cuireadh ar ais ar an bhfeirm) agus táirgí chun beatha ainmhithe a chaomhnú agus a stóráil, chomh maith leis an gcaiteachas ar ainmhithe a chur faoi reachtaireacht, ar úsáid féaraigh choitinn agus talún féaraigh nach n-áirítear le LTÚ agus ar thalamh foráiste ar cíos nach n-áirítear le LTÚ. Áirítear le beatha ainmhithe arna ceannach freisin easair agus tuí a ceannaíodh.

Beatha ainmhithe a ceannaíodh le haghaidh féarach, déantar í a fhoroinnt ina beatha ainmhithe thiubhaithe agus ina farae garbh (lena n-áirítear ainmhithe a chur faoi reachtaireacht agus caiteachas ar úsáid féaraigh choitinn, talamh féaraigh agus talamh foráiste nach n-áirítear le LTÚ, agus easair agus tuí a ceannaíodh).

Áirítear le cód 2010 'Beatha ainmhithe thiubhaithe arna ceannach le haghaidh féarach (eachainmhithe, athchogantaigh)', go háirithe, olachácaí, beatha chumaisc, gránaigh, féar triomaithe, laíon biatais siúcra triomaithe, min éisc, bainne agus táirgí déiríochta, mianraí agus táirgí chun beatha ainmhithe den sórt sin a leasú agus a stóráil.

Caiteachas ar obair a dhéanann conraitheoirí talmhaíochta chun farae garbh a tháirgeadh, e.g. sadhlas, iontráiltear é faoi chód 1020 'Obair chonarthach agus fruiliú innealra'.

Áirítear le beatha ainmhithe a tháirgtear agus a úsáidtear ar an bhfeirm táirgí feirme indíolta a úsáidtear mar bheatha ainmhithe (lena n-áirítear bainne agus táirgí bainne, cé is moite de bhainne a bhíonn á dhiúl ag laonna, nach gcuirtear san áireamh). Ní áirítear easair agus tuí a tháirgtear ar an ngabháltas ach amháin más táirge indíolta a bhí iontu sa réigiún agus sa bhliain atá i gceist.

Ní mór an miondealú seo a leanas a dhéanamh:

— Beatha ainmhithe arna ceannach:

2010.	**Beatha ainmhithe tiubhaithe arna cheannach le haghaidh féaránach (eachainmhithe, athchogantaigh)**
2020.	**Farae garbh arna cheannach le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)**
2030.	**Beatha ainmhithe arna cheannach le haghaidh muc**
2040.	**Beatha ainmhithe arna cheannach le haghaidh éanlaith chlóis agus ainmhithe beaga eile**

— Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirmeacha agus a úsáidtear ar fheirmeacha:

2050.	**Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh féaránach (eachaithe, athchogantaigh)**
2060.	**Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh muc**
2070.	**Beatha ainmhithe a tháirgtear ar fheirm le haghaidh éanlaith chlóis agus ainmhithe beaga eile**

2080. *Caiteachais tréidliachta*

Costas táillí tréidliachta agus cógas.

2090. *Costais bheostoic shonracha eile*

An caiteachas uile a bhaineann go díreach le táirgeadh beostoic nach bhfuil aon fhoráil ar leithligh ina leith sna cóid eile i dTábla H: táillí graí, inseamhnú saorga, coilleadh, tástálacha bainne, clárú le pórleabhair agus síntiús a íoc leo, glantaigh chun trealamh beostoic a ghlanadh (e.g. bliteoirí), ábhair phacála le haghaidh táirgí beostoic, na costais a bhaineann le táirgí beostoic na feirme a stóráil agus a ullmhú don mhargadh i gcás ina bhfuil an stóráil agus an t-ullmhú sin lasmuigh den fheirm, an costas a bhaineann le táirgí beostoic na feirme a mhargú, an costas a bhaineann le barrachas aoiligh a dhiúscairt, etc. Cuimsítear leis freisin foirgnimh ar cíos ar bhonn gearrthéarmach a úsáidtear chun ainmhithe a chur faoi dhíon nó chun táirgí a bhaineann leis sin a stóráil. Eisiatar uaidh costais shonracha a bhaineann le próiseáil táirgí ainmhithe a thaifeadtar faoi chóid 4030 go 4070 de thábla H.

3010. *Síolta agus síológa a ceannaíodh*

Na síolta agus na síológa uile a ceannaíodh, lena n-áirítear bleibeanna, cormáin agus tiúbair. Is infheistíocht iad na costais a bhaineann le crainn agus toir óga le haghaidh plandáil nua agus ba cheart iad a bheith le feiceáil faoi chód 2010 i dTábla D'Sócmhainní bitheolaíocha — plandaí' nó faoi chód 5010 i dTábla D 'Talamh foraoise lena n-áirítear stoc fáis'. Mar sin féin, is gá na costais a bhaineann le crainn agus toir óga le haghaidh mionoibríocht athphlandála a mheas mar chostais le haghaidh na bliana cuntasaíochta, agus tá siad le tabhairt le fios faoin gcód seo, cé is moite de na costais sin a bhaineann le foraoisí atá nasctha leis an ngabháltas talmhaíochta agus atá le hiontráil faoi chód 4010 'Costais shonracha maidir le foraoiseacht agus próiseáil adhmaid'.

Tá na costais a bhaineann le próiseáil na síolta (sórtáil, díghalrú) san áireamh faoin gcód seo freisin.

3020. *Síolta agus síológa a táirgeadh agus a úsáideadh ar an bhfeirm*

Gach síol agus síológ (lena n-áirítear bleibeanna, cormáin agus tiúbair) a tháirgtear agus a úsáidtear ar an bhfeirm.

3030. *Leasaithigh agus feabhsaitheoirí ithreach*

Na leasacháin agus na feabhsaitheoirí ithreach uile a ceannaíodh (e.g. aol), lena n-áirítear múirín, móin agus aoileach (cé is moite d'aoileach a tháirgtear ar an ngabháltas).

Leasacháin agus feabhsaitheoirí ithreach a úsáideadh le haghaidh foraoisí ar cuid den ghabháltas talmhaíochta iad, tá siad le hiontráil faoi chód 4010 'Costais shonracha maidir le foraoiseacht agus próiseáil adhmaid'.

3031 *Cainníocht i gcéadta cileagram N a úsáidtear i leasacháin mhianracha*

30311 *ar úiré sholadach iad (roghnach)*

Cainníocht (meáchan) nítrigine i dtéarmaí N i leasachán úiré soladaí

30312 *ar úiré é i leasachán Níotráite Úiré-Amóiniam agus Sulfáite Úiré-Amóiniam*

Cainníocht (meáchan) nítrigine i dtéarmaí N i leasacháin Níotráite Úiré-Amóiniam agus Sulfáite Úiré-Amóiniam (roghnach)

30313 *ar leasacháin Níotráite Cailciam-Amóiniam iad*

Cainníocht (meáchan) nítrigine i dtéarmaí N i Níotráit Chailciam-Amóiniam (roghnach)

3034. *Aoileach beostoic a ceannaíodh*

Luach aoiligh arna cheannach.

3040. *Táirgí cosanta barr*

Na hábhair uile chun barra agus plandaí a chosaint ar fheithidí lotnaide agus galair, ainmhithe fiáine, drochaimsir, etc. (feithidicídí, fuingicídí, luibhicídí, baoite nimhe, gléasanna scanraithe éan, scáthanna cloichshneachta, cosaint ar shioc, etc.). Más conraitheoir a dhéanann na hoibríochtaí cosanta barr agus murab eol as féin costas na n-ábhar cosanta a úsáideadh, ba cheart an t-iomlán a iontráil faoi chód 1020 'Obair chonarthach agus fruiliú innealra'.

Ábhair chosanta a úsáideadh le haghaidh foraoisí atá ina gcuid den ghabháltas talmhaíochta, tá siad le hiontráil faoi chód 4010 'Costais shonracha maidir le foraoiseacht agus próiseáil adhmaid'.

3090. *Costais shonracha eile maidir le barra*

Na costais uile a bhaineann go díreach le táirgeadh barr (lena n-áirítear móinéir bhuana agus féarthalamh) nach bhfuil aon fhoráil ar leithligh ina leith sna hítimí costais eile: ábhair phacála agus cheangail, sreangán agus téad, costas anailísithe ithreach, costais maidir le hiomaíocht barr, clúdaigh phlaisteacha (e.g. le haghaidh fás sútha talún), soláthairtí le haghaidh caomhnú barr, barra a stóráil agus a ullmhú don mhargadh i gcás ina ndéantar an stóráil agus an t-ullmhú sin lasmuigh den fheirm, an costas a bhaineann le táirgí barr na feirme a mhargú, suimeanna a íoctar chun barra inmhargaidh ar a gcois a cheannach nó chun talamh a fháil ar cíos ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin chun barra inmhargaidh a fhás, soláthairtí fíonchaor agus ológ a phróiseáiltear ar an ngabháltas, etc. Eisiatar uaidh costais shonracha a bhaineann le barra seachas fíonchaora agus ológa a phróiseáil, ar cheart iad a thaifeadadh faoi chód 4020. Áirítear leis freisin foirgnimh a thógáil ar cíos ar bhonn gearrthéarmach le haghaidh barra inmhargaidh.

4010. *Costais shonracha maidir le foraoiseacht agus próiseáil adhmaid*

Leasacháin, ábhair chosanta, costais shonracha ilghnéitheacha. Ní áirítear costais lucht saothair, obair chonarthach ná meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.

4020. *Costais shonracha maidir le próiseáil barr*

Comhábhair, amhábhair nó táirgí leathphróiseáilte, arna soláthar ón bhfeirm nó arna gceannach, agus costais shonracha eile maidir le próiseáil barr (na costais shonracha a bhaineann le pacáistíocht nó margú). Ní áirítear costais lucht saothair, obair chonarthach ná meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.

4030. *Costais shonracha maidir le próiseáil bainne bó*

Comhábhair, amhábhair nó táirgí leathphróiseáilte, arna soláthar ón bhfeirm nó arna gceannach, agus costais shonracha eile maidir le próiseáil bainne bó (na costais shonracha a bhaineann le pacáistíocht nó margú). Ní áirítear costais lucht saothair, obair chonarthach ná meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.

4045. *Costais shonracha maidir le próiseáil bainne ainmhithe eile*

Comhábhair, amhábhair nó táirgí leathphróiseáilte, arna soláthar ón bhfeirm nó arna gceannach, agus costais shonracha eile maidir le próiseáil bainne ainmhithe eile (e.g., bainne buabhaill, caorach, gabhair) (na costais shonracha a bhaineann le pacáistíocht nó margú). Ní áirítear costais lucht saothair, obair chonarthach ná meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.

4070. *Costais shonracha maidir le próiseáil feola agus maidir le próiseáil táirgí ainmhithe eile*

Comhábhair, amhábhair nó táirgí leathphróiseáilte, arna soláthar ón bhfeirm nó arna gceannach, agus costais shonracha eile maidir le próiseáil feola agus maidir le próiseáil táirgí ainmhithe eile, ar costais iad nach luaitear faoi chóid 4030 go 4060 (e.g., na costais shonracha a bhaineann le pacáistíocht nó margú). Ní áirítear costais lucht saothair, obair chonarthach ná meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.

4090. *Costais shonracha eile maidir le gníomhaíochtaí sochracha eile*

Amhábhair, arna soláthar ón bhfeirm nó arna gceannach, agus costais shonracha eile a bhaineann le gníomhaíochtaí sochracha eile. Ní áirítear costais lucht saothair, obair chonarthach ná meicniú; taispeántar na nithe sin faoi na cóid chostais iomchuí.

5010. *Cothabháil reatha maidir le feabhsuithe talún agus foirgnimh*

Cothabháil (de chineál tionónta) foirgneamh agus feabhsuithe talún, lena n-áirítear tithe gloine, frámaí agus tacaí. Ba cheart ceannach ábhar tógála le haghaidh chothabháil reatha na bhfoirgneamh a iontráil faoin gcód seo.

Ba cheart ceannach ábhar tógála le haghaidh infheistíochtaí nua a iontráil faoi na cóid iomchuí sa ghrúpa faisnéise ‘Infheistíocht/Ceannach’ i dTábla D ‘Sócmhainní’.

Ní áirítear faoin gcód seo an costas a bhaineann le móroibríochtaí deisiúcháin ar fhoirgnimh lena méadaítear a luach (mórchothabháil). Taispeántar na costais sin mar infheistíocht i gcód 3030, Tábla D ‘Foirgnimh feirme’.

5020. *Leictreachas*

Tomhaltas iomlán leictreachais lena úsáid le haghaidh ghnó na feirme.

5030. *Breoslaí téimh (iomlán)*

Luach ídithe iomlán breoslaí téimh arna gceannach lena n-úsáid le haghaidh ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh. Áirítear sa chatagóir sin ídiú téimh i dtaca le breoslaí iontaise arna gceannach: gáis nádúrtha agus gáis mhonaraithe, ola, táirgí peitriliam agus breoslaí iontaise soladacha mar aon le hídiú foinsí fuinnimh in-athnuaite arna gceannach (e.g. adhmad, tuí, millíní, bithghás).

5031. *Ar gás nádúrtha agus gáis mhonaraithe iad*

Ídiú iomlán gáis nádúrtha agus gás iontaise monaraithe eile le haghaidh úsáid ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

5032. *Ar ola agus táirgí peitriliam iad*

Ídiú iomlán ola agus táirgí peitriliam eile lena n-úsáid le haghaidh ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

5033. *Ar breoslaí iontaise soladacha iad*

Ídiú iomlán breoslaí iontaise soladacha (e.g. gual) lena n-úsáid le haghaidh ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

5034. *Ar breoslaí in-athnuaite iad*

Ídiú iomlán breoslaí in-athnuaite (e.g. adhmad, tuí, millíní, bithghás) lena n-úsáid le haghaidh ghnó na feirme, lena n áirítear tithe gloine a théamh.

Maidir le tíolacadh sonraí a bhaineann le hathróga 5031, 5032, 5033 agus 5034, tá sé deonach amhail ón mbliain chuntasaíochta 2023 agus tá sé sainordaitheach amhail ón mbliain chuntasaíochta 2025.

5035. *Ar breoslaí de thionscnamh eile iad*

Ídiú iomlán fuinnimh a táirgeadh de thionscnamh eile nach n-áirítear sna catagóirí roimhe seo. Samplaí féideartha díobh sin is ea téamh geoiteirmeach, téamh ceantair etc.

Le téamh ceantair, soláthraítear teas ó shuíomh láraithe. Sa chóras sin, gineann gléasra lárnach teas i bhfoirm uisce the, rud a dhéantar go hiondúil trí bhreoslaí iontaise, bithmhais, nó foinsí in-athnuaite eile a dhó, agus dáileann sé é trí líonra píopaí.

5040. *Uisce*

Costas a bhaineann le ceangal leis an bpríomhlíonra agus tomhaltas uisce chun críocha uile na feirme, lena n-áirítear uisciú. Na costais a bhaineann le trealamh uisce faoi úinéireacht na feirme a úsáid, tá siad le hiontráil faoi na cóid iomchuí: dímheas innealra agus trealaimh, cothabháil reatha innealra agus trealaimh, breoslaí mótair, leictreachas.

5051. *Árachas talmhaíochta*

An costas a bhaineann le hioncam maidir le táirgeadh talmhaíochta nó aon cheann dá chomhpháirteanna a chur faoi árachas, lena n-áirítear árachas chun cosaint ar bhás beostoic agus damáiste do bharra, etc. Áirítear leis sin an táille a bhaineann le rannpháirtíocht i gcistí frithpháirteacha.

5055. *Árachas feirme eile*

Na préimheanna árachais uile lena gcumhdaítear rioscaí feirme eile (seachas rioscaí talmhaíochta), amhail dliteanas tríú páirtí an tsealbhóra, dóiteán, damáistí i gcás tuilte, seachas préimheanna árachais lena gcumhdaítear timpistí ag an obair a thaispeántar faoi chód 1010 den tábla seo. Áirítear leis préimheanna árachais le haghaidh na bhfoirgneamh.

5061. *Cánacha feirme agus dleachtanna eile*

Gach cáin agus dleacht eile a bhaineann le gnó na feirme, lena n-áirítear na cánacha agus na dleachtanna a thoibhítear i dtaca le bearta cosanta comhshaoil, ach cé is moite de CBL agus cánacha a thoibhítear ar thalamh, ar fhoirgnimh nó ar lucht saothair. Cánacha ioncaim díreacha an tsealbhóra, níl siad le háireamh mar chostais feirme.

5062. *Cánacha agus muirir eile ar thalamh agus ar fhoirgnimh*

Cánacha, rátaí agus muirir eile is iníoctha i leith úinéireacht talún feirme agus foirgneamh úinéir-áitithe agus méiteagáiste.

5070. *Cíos arna íoc*

Cíos arna íoc (in airgead tirim nó mar íocaíocht chomhchineáil) ar thalamh, ar fhoirgnimh, ar chuótaí agus ar chearta eile ar cíos a bhaineann le gnó na feirme. Níor cheart a iontráil ach an chuid sin de thithe feirme agus d'fhoirgnimh eile ar cíos a bhaineann le gnó na feirme. Na costais léasaithe nó cíosa i dtaca le cuótaí nach bhfuil nasctha le talamh, ba cheart iad a iontráil i dTábla E freisin.

5071. *Ar cíos í a íocadh ar thalamh*

5080. *Ús agus muirir airgeadais a íocadh*

Ús agus muirir airgeadais ar chaipiteal ar iasacht (iasachtaí) a fuarthas chun críocha na feirme. Tá an fhaisnéis seo éigeantach.

Ní asbhaintear fóirdheontais ar ús ach cuirtear isteach iad faoi chód 3550 i dTábla M.

5090. *Forchostais feirmeoireachta eile*

Na costais feirmeoireachta eile go léir nach luaitear faoi na cóid roimhe seo (táillí cuntasóirí, seirbhísí rúnaíochta agus speansais oifige, muirir theileafóin, ranníocaíochtaí agus síntiúis ilghnéitheacha, etc.).

Tábla I

Úsáid talún agus barra

Struchtúr an tábla:

Catagóir bairr	**Cód (*)**
Cineál bairr	**Cód (**)**
Sonraí atá in easnamh	**Cód (***)**

Grúpaí faisnéise		Colúin						
		Limistéar iomlán	ar limistéar uiscithe é	ar limistéar a úsáidtear le haghaidh barra fuinnimh é	ar limistéar orgánach é	ar limistéar atá á thiontú go limistéar orgánach é	Cainníocht	Luach
		TA	**IR**	**GA**	**OR**	**CO**	**Q**	**V**
A	Limistéar						—	—
NU	Cainníocht N a úsáidtear i leasacháin mhianracha	—	—	—	—	—		—
PU	Cainníocht P_2O_5 a úsáidtear i leasacháin mhianracha	—	—	—	—	—		—
KU	Cainníocht K_2O a úsáidtear i leasacháin mhianracha	—	—	—	—	—		—
OV	Luacháil tosaigh	—	—	—	—	—	—	
CV	Luacháil deiridh	—	—	—	—	—	—	
PR	Táirgeadh	—	—	—	—	—		—
SA	Díolachán	—	—	—	—	—		
FC	Tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil	—	—	—	—	—	—	
FU	Úsáid feirme	—	—	—	—	—	—	

Ba cheart na cóid seo a leanas a úsáid le haghaidh chatagóir an bhairr:

Cód (*)	Tuairisc
Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síolta)	
10110	Cruithneacht bhog agus speilt
10120	Cruithneacht dúraim
10130	Seagal agus meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)
10140	Eorna
10150	Coirce agus meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislín)
10160	Arbhar Indiach agus meascán gráin agus cobaí arbhair
10170	Rís
10190	Triteacál, sorgum agus gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (ruán, muiléad., síolta éan, etc.)
Piseánaigh thriomaithe agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síolta agus meascáin de ghránaigh agus de phiseánaigh)	
10210	Piseanna léana, pónairí agus lúipíní milse
10220	Lintilí, sicphiseánaigh agus peasairí
10290	Barra próitéine eile
Fréamhacha agus Tiúbair	
10300	Prátaí (lena n áirítear prátaí luatha agus prátaí síl)
10310	- ar prátaí le haghaidh stáirse iad
10390	- ar prátaí eile iad
10400	Biatas siúcra (seachas síol)
10500	Barra fréimhe, biatas farae agus plandaí farae eile den fhine *Brassicae*, a fhástar le haghaidh na fréimhe nó an ghais, agus barra fréimhe farae agus tiúbair eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
Barra tionsclaíocha	
10601	Tobac
10602	Leannlusanna
10603	Cadás
10604	Síol ráibe agus síol tornapa ráibe
10605	Síol lus na gréine
10606	Soighe
10607	Líon ola (ros lín)
10608	Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
10609	Snáithín lín
10610	Fíorchnáib
10611	Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile
10612	Plandaí aramatacha, plandaí míochaine agus plandaí cócaireachta
10613	Cána siúcra
10690	Barra fuinnimh agus barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile

Cód (*)	Tuairisc
Glasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún, lena n-áirítear:	
Glasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún úra — Faoin aer nó faoi chlúdach cosanta íseal (neamh-inrochtana)	
10711	Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún – Páirc oscailte
10712	Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún – Garraíodóireacht mhargaidh
10720	Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana
Mionsonraí maidir le gach fochatagóir de 'ghlasraí úra' (lena n-áirítear mealbhacáin agus sútha talún):	
10731	Cóilis agus brocailí
10732	Leitís
10733	Trátaí
10734	Arbhar milis
10735	Oinniúin
10736	Gairleog
10737	Meacain dhearga
10738	Sútha talún
10739	Mealbhacáin
10790	Glasraí eile
Bláthanna agus plandaí ornáideacha (cé is moite de phlandlanna)	
10810	Bláthanna agus plandaí ornáideacha (cé is moite de phlandlanna) – faoin aer
10820	Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna) atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana
Mionsonraí maidir le gach fochatagóir de 'bhláthanna agus plandaí ornáideacha' (cé is moite de phlandlanna)	
10830	Bleibeanna bláthanna, cormáin agus tiúbair
10840	Bláthanna gearrtha agus bachlóga bláthanna
10850	Bláthanna agus plandaí ornáideacha
Plandaí a bhuantar agus iad glas	
10910	Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha
Plandaí eile a bhuantar agus iad glas	
10921	Arbhar Indiach glas
10922	Plandaí léagúmacha a bhuantar agus iad glas
10923	Plandaí agus gránaigh eile a bhuantar agus iad glas agus nach n-aicmítear in áit ar bith eile
Síolta agus síológa agus barra eile talún arúla	
11000	Síolta agus síolphlandaí
11100	Barra eile talún arúla
Talamh branair	
11200	Talamh branair
Garraithe cistine	
20000	Garraithe cistine

Cód (*)	Tuairisc
Féarthalamh buan	
30100	Féarach agus móinéar, cé is moite d'fhéaraigh gharbha
30200	Féaraigh gharbha
30300	Féarthailte buana nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh táirgthe agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas
Barra buana	
Speicis torthaí, lena n-áirítear:	
40101	Torthaí póma
40111	— ar úlla iad
40112	— ar piorraí iad
40102	Clochthorthaí
40113	— ar péitseoga agus neachtairíní iad
40115	Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha
40120	Caora (seachas sútha talún)
40130	Cnónna
Plandálacha citris	
40200	Torthaí citris
40210	— ar oráistí iad
40230	— ar liomóidí iad
Plandálacha ológ	
40310	Ológa boird
40320	Ológa le haghaidh táirgeadh ola (a dhíoltar i bhfoirm torthaí)
40330	Ola olóige
40340	Fotháirgí ológ
Fíonghoirt	
40411	Fíon ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)
40412	Fíon ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC)
40420	Fíonta eile
40430	Fíonchaora le húsáid ag an mbord
40440	Fíonchaora le haghaidh físíní
40451	Fíonchaora le haghaidh fíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)
40452	Fíonchaora le haghaidh fíonta ag a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC)
40460	Fíonchaora le haghaidh fíonta eile
40470	Táirgí ilghnéitheacha a bhaineann le fíniúnacha: úrfhíon fíonchaor, sú, branda, fínéagar agus táirgí eile a tháirgtear ar an bhfeirm
40480	Fotháirgí fíniúna (marc, moirt)

Cód (*)	Tuairisc
Plandlanna, barra buana eile, barra buana faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana agus plandálacha óga	
40500	Plandlanna
40600	Barra buana eile
40610	— ar crainn Nollag iad
40700	Barra buana atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana
40800	Fás plandálacha óga
Talamh eile	
50100	Talamh talmhaíochta nach n-úsáidtear
50200	Limistéar faoi chrainn
50210	— lena n-áirítear roschoillte gearruainíochta
50900	Talamh eile (talamh ar a bhfuil foirgnimh, clóis feirme, rianta, linnte, cairéil, talamh neamhtháirgiúil, carraig, etc.)
60000	Beacáin shaothraithe
Táirgí agus fáltais eile	
90100	Fáltais ó thalamh talmhaíochta a ligean ar cíos
90200	Cúiteamh trí árachas barr nach féidir a leithdháileadh ar bharra sonracha
90300	Fotháirgí barr seachas fotháirgí ó ológa agus ó fhíniúnacha
90310	Tuí
90320	Bileoga biatais siúcra
90330	Fotháirgí eile
90900	Eile

Tá na cineálacha cóid bairr le roghnú ón liosta thíos:

Cód (**)	Tuairisc
0	*Neamhbhainteach*: tá an cód seo le húsáid i gcás táirgí, stoic agus fotháirgí próiseáilte.
1	*Barra ar scála páirce — príomhbharr*, barr goirt chomhroinnte: cuimsíonn príomhbharra agus barra goirt chomhroinnte ar scála páirce an méid seo a leanas: — barra aonair, i.e. barra arbh iad amháin a fásadh ar an limistéar áirithe le linn na bliana cuntasaíochta, — barra measctha: barra a chuirtear, a shaothraítear agus a bhuantar i dteannta a chéile, agus ar meascán díobh atá sa táirge deiridh, — i gcás barra a fásadh go leantach le linn na bliana cuntasaíochta ar limistéar áirithe, an barr is faide atá sa talamh, — barra a fásadh i dteannta a chéile ar feadh tamaill ar an talamh céanna, arb iondúil do gach ceann díobh buaint ar leith a tháirgeadh le linn na bliana cuntasaíochta. Roinntear an limistéar iomlán idir na barra sin i gcomhréir leis an limistéar ina bhfuil gach ceann díobh suite, — glasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún a fhástar i ngort oscailte.
2	*Barra ar scála páirce — barra leantacha*: is éard atá i mbarra leantacha ar scála páirce barra a fásadh ceann i ndiaidh a chéile le linn na bliana cuntasaíochta ar limistéar ar leith, agus nach meastar iad a bheith ina bpríomhbharra.
3	*Barra agus bláthanna garraí margaidh ar thalamh oscailte*: áirítear le barra agus bláthanna garraí margaidh ar thalamh oscailte glasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún a fhástar i ngarraithe margaidh faoin aer, sin agus bláthanna agus plandaí ornáideacha a fhástar faoin aer.

Cód (**)	Tuairisc
4	*Barra faoi chlúdach cosanta inrochtana*: i measc na mbarr atá faoi chlúdach cosanta inrochtana, tá glasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún faoi fhoscadh, bláthanna agus plandaí ornáideacha (bliantúla nó ilbhliantúla) faoi fhoscadh, barra buana faoi fhoscadh.

Na cóid sonraí atá in easnamh, tá siad le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
0	Cuirtear an cód 0 isteach nuair nach bhfuil aon sonraí in easnamh.
1	Iontráiltear Cód 1 nuair nach féidir an limistéar a chumhdaítear le barr a thuairisciú, mar shampla, i gcás díolachán táirgí barr inmhargaidh a cheannaítear mar bharra ar a gcois nó a thagann ó thalamh a thógtar ar cíos ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin ar bhonn ócáideach.
2	Iontráiltear Cód 2 nuair nach féidir an táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram (nó i heictilítir i gcás fíona agus táirgí a bhaineann le fíon) mar gheall ar na coinníollacha díola nó i gcás nach bhfuil aon táirgeadh iarbhír ann.
4	Iontráiltear Cód 4 nuair nach féidir an limistéar a chumhdaítear le barr a thuairisciú agus nuair nach ann do tháirgeadh iarbhír nó nuair nach féidir an táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram (nó i heictilítir i gcás fíona agus táirgí a bhaineann le fíon)

Tá an fhaisnéis maidir le táirgeadh barr le linn na bliana cuntasaíochta le taifeadadh i bhformáid Thábla I 'Barra'. Tá faisnéis faoi gach barr le taifeadadh i dtaifead ar leith. Sainítear inneachar an tábla trí chatagóir de chód bairr a roghnú, chomh maith leis an gcineál cóid bairr agus an cód sonraí atá in easnamh.

Ní gá faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir le prátaí (cóid 10310, 10390), glasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún (cóid 10731, 10732, 10733, 10734, 10735, 10736, 10737, 10738, 10739, 10790), bláthanna agus plandaí ornáideacha (cóid 10830, 10840, 10850) agus fotháirgí barr seachas ó ológa agus ó fhíniúnacha (cóid 90310, 90320, 90330) ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí ar fáil i gcuntais na feirme.

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA I

Tá na grúpaí faisnéise seo a leanas i dTábla I:

Grúpaí éigeantacha faisnéise: limistéar (A), luacháil tosaigh (OV), luacháil deiridh (CV), táirgeadh (PR), díolachán (SA), tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil (FC), úsáid feirme (FU).

Grúpa roghnach faisnéise: Cainníocht N, P_2O_5 agus K_2O i leasacháin mhianracha.

COLÚIN I dTÁBLA I

Tá an fhaisnéis seo a leanas le taifeadadh i dTábla I: an limistéar iomlán (TA), an limistéar atá uiscithe (IR), an limistéar a úsáidtear le haghaidh barra fuinnimh (EN), an limistéar atá go hiomlán orgánach (OR), an limistéar atá á thiontú go limistéar orgánach (CO), cainníocht ionchur na gcothaitheach, táirgeadh, díolachán, (Q) agus an luach (V). Tugtar tuairisc thíos ar na colúin is gá a líonadh isteach maidir le gach grúpa faisnéise:

I.A *Limistéar*

I gcás grúpa faisnéise (A), limistéar, is gá taifead a dhéanamh den limistéar iomlán (TA), an limistéar atá uiscithe (IR), an limistéar a úsáidtear le haghaidh barra fuinnimh (EN), an limistéar ar a bhfástar barra go horgánach mar a shainítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2018/848 (OR), agus an limistéar atá á thiontú go limistéar orgánach mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (6) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/848 (CO). I ngach cás, tá an limistéar le tabhairt le fios in áir (100 ár = 1 heicteár), ach amháin i gcás talamh a úsáidtear le haghaidh fás beacán, a thugtar le fios i méadair chearnacha. Na limistéir a thaifeadtar faoi cholúin OR agus CO, tá siad comheisiach.

I.NU *Cainníocht N a úsáidtear i leasacháin mhianracha*

Sonraí roghnacha. Cainníocht iomlán (meáchan) nítrigine i dtéarmaí N i leasacháin mhianracha a úsáidtear, arna meas ar bhonn chainníocht na leasachán mianrach agus a gcion N. Tá an chainníocht le tabhairt i gcéadta cileagram (100 kg).

I.PU *Cainníocht P_2O_5 a úsáidtear i leasacháin mhianracha*

Sonraí roghnacha. Cainníocht iomlán (meáchan) fosfair i dtéarmaí P_2O_5 i leasacháin mhianracha a úsáidtear, arna meas ar bhonn chainníocht na leasachán mianrach agus a gcion P_2O_5. Tá an chainníocht le tabhairt i gcéadta cileagram (100 kg).

I.KU *Cainníocht K_2O a úsáidtear i leasacháin mhianracha*

Sonraí roghnacha. Cainníocht iomlán (meáchan) potaisiam i dtéarmaí K_2O i leasacháin mhianracha a úsáidtear, arna meas ar bhonn chainníocht na leasachán mianrach agus a gcion K_2O. Tá an chainníocht le tabhairt i gcéadta cileagram (100 kg).

I.OV *Luacháil tosaigh*

I gcás an ghrúpa faisnéise (OV), luacháil tosaigh, tá luach (V) na dtáirgí atá i stoc (á stóráil) ag tús na bliana cuntasaíochta le taifeadadh. Déanfar na táirgí a luacháil ag na praghsanna ag geata na feirme lá na luachála.

I.CV *Luacháil deiridh*

I gcás an ghrúpa faisnéise (CV), luacháil deiridh, tá luach (V) na dtáirgí atá i stoc (á stóráil) ag deiridh na bliana cuntasaíochta le taifeadadh. Déanfar na táirgí a luacháil ag na praghsanna ag geata na feirme lá na luachála.

I.PR *Táirgeadh*

Maidir leis an ngrúpa faisnéise (PR), táirgeadh, tá cainníochtaí na mbarr a táirgeadh (Q) le linn na bliana cuntasaíochta le taifeadadh (cé is moite d'aon chaillteanas sa pháirc agus ar an bhfeirm). Léirítear na cainníochtaí sin le haghaidh phríomhtháirgí an ghabháltais (cé is moite d'fhotháirgí).

Ba cheart na cainníochtaí sin a shonrú i gcéadta cileagram (100 kg), cé is moite d'fhíon agus de tháirgí a bhaineann le fíon, a shloinntear i heictilítir. Nuair nach féidir an táirgeadh iarbhír i gcéadta cileagram a chinneadh mar gheall ar na coinníollacha díola, déanfar an cód 2, sonraí in easnamh, a iontráil.

Maidir le cóid 10790 'Glasraí eile' agus 90900 'Eile', níl an chainníocht le soláthar.

I.SA *Díolachán iomlán*

I gcás an ghrúpa faisnéise (SA), díolachán iomlán, tá cainníocht díolacháin (Q) agus luach díolacháin (V) na dtáirgí atá i stoc ag tús na bliana cuntasaíochta nó a buanadh le linn na bliana le taifeadadh. I gcás inarb eol na costais mhargaíochta, más ann dóibh, ní asbhaintear iad ó iomlán an díolacháin, ach tá siad le taifeadadh i dtábla H 'Ionchuir'.

I.FC *Tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil*

I gcás an ghrúpa faisnéise (FC), tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil, tá luach (V) na dtáirgí arna dtomhailt ag teaghlach an tsealbhóra agus/nó arna n-úsáid le haghaidh íocaíochtaí comhchineáil as earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear luach saothair comhchineáil) le taifeadadh. Luacháiltear na táirgí atá i gceist ag na praghsanna ag geata na feirme.

I.FU *Úsáid feirme*

I gcás an ghrúpa faisnéise (FU), úsáid feirme, tá taifead le déanamh de luach gheata na feirme (V) a bhaineann le táirgí an ghabháltais atá i stoc (á stóráil) ag tús na bliana cuntasaíochta agus/nó a táirgeadh le linn na bliana, agus a úsáidtear mar ionchuir ar an ngabháltas le linn na bliana. Áirítear leis sin:

— beatha ainmhithe:

luach ag geata na feirme a bhaineann le táirgí indíolta an ghabháltais (táirgí atá inmhargaidh faoi láthair) a úsáideadh le linn na bliana mar bheatha ainmhithe. Ní dhéantar tuí an ghabháltais a úsáidtear ar an bhfeirm (mar fhodar agus mar easair) a luacháil ach amháin i gcás inar táirge indíolta é sa réigiún agus don bhliain atá faoi bhreithniú. Déantar na táirgí lena mbaineann a luacháil ag praghas díola 'gheata na feirme',

— síolta:

luach táirgí feirme indíolta ag geata na feirme a úsáideadh mar shíol le haghaidh barr i rith na bliana,

— úsáid eile feirme (lena n-áirítear táirgí ón ngabháltas a úsáidtear chun béilí a ullmhú don lucht saoire).

Tábla J

Táirgeadh beostoic

Struchtúr an tábla

Catagóir beostoic	Cód (*)

		Colúin					
Grúpa Faisnéise		Meánlíon	Uimhir	Luach	Am a caitheadh ag innilt	Rochtain ar an gclós	Cineál tithíochta
		A	**N**	**V**	**D**	**Y**	**C**
AN	Meánlíon		—	—	—	—	—
OR	Lena n-áirítear orgánach		—	—	—	—	—
CO	Lena n-áirítear tiontú go horgánach		—	—	—	—	—
RN	Uimhir thagartha	—		—	—	—	—
OV	Luacháil tosaigh	—			—	—	—
CV	Luacháil deiridh	—			—	—	—
PU	Ceannacháin	—			—	—	—
SA	Díolachán iomlán	—			—	—	—
RS	Díolachán le haghaidh maraithe	—			—	—	—
SR	Díolachán le haghaidh tógáil/pórú breise	—			—	—	—
SU	Díolachán lena mbaineann ceann scríbe anaithnid	—			—	—	—
DL	Líon básanna, lena n-áirítear maruithe éigeandála	—		—	—	—	—
FC	Tomhaltas tí feirme	—			—	—	—
FU	Úsáid feirme	—			—	—	—
TH	Cineál tithíochta	—	—	—	—	—	
TO	Am a caitheadh amuigh faoin aer	—	—	—			—

Cód (*)	Tuairisc
100	Eachainmhithe
210	Ainmhithe den speiceas buaibheach faoi bhun 1 bhliain d'aois, fireann agus baineann
220	Ainmhithe fireanna den speiceas buaibheach, idir 1 bhliain d'aois agus faoi bhun 2 bhliain d'aois
230	Bodóga, idir 1 bhliain d'aois agus faoi bhun 2 bhliain d'aois

Cód (*)	Tuairisc
240	Ainmhithe fireanna den speiceas buaibheach, 2 bhliain d'aois nó níos sine
251	Bodóga pórúcháin
252	Bodóga lena ramhrú
261	Ba déiríochta
262	Ba buabhaill déiríochta
269	Ba neamhdhéiríochta
311	Caoirigh bhaineanna phórúcháin
319	Caoirigh eile
321	Gabhair bhaineanna phórúcháin
329	Gabhair eile
410	Bainbh ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan
420	Cránacha pórúcháin arb é 50 kg nó níos mó a mbeomheáchan
491	Muca lena ramhrú
499	Muca eile
510	Éanlaith chlóis — sicíní lena ramhrú
520	Béaróga
530	Éanlaith chlóis eile
610	Coiníní baineanna pórúcháin
699	Coiníní eile
700	Beacha
900	Ainmhithe eile

Catagóirí beostoic

Tá na catagóirí beostoic seo a leanas le hidirdhealú:

100. Eachainmhithe

Lena n-áirítear freisin capaill rása agus capaill mharcaíochta, asail, miúileanna, ráinigh etc.

210. Ainmhithe den speiceas buaibheach faoi bhun 1 bhliain d'aois, fireann agus baineann

220. Ainmhithe fireanna den speiceas buaibheach, idir 1 bhliain d'aois agus faoi bhun 2 bhliain d'aois

230. Bodóga, idir 1 bhliain d'aois agus faoi bhun 2 bhliain d'aois

Cé is moite d'ainmhithe baineanna den speiceas buaibheach a bhfuil lao beirthe acu.

240. Ainmhithe fireanna den speiceas buaibheach, 2 bhliain d'aois nó níos sine

251. Bodóga pórúcháin

Ainmhithe baineanna den speiceas buaibheach, 2 bhliain d'aois nó níos sine nach bhfuil lao beirthe acu go fóill agus atá beartaithe le haghaidh pórúcháin.

252. Bodóga lena ramhrú

Ainmhithe baineanna den speiceas buaibheach, 2 bhliain d'aois nó níos sine nach bhfuil lao beirthe acu go fóill agus nach bhfuil beartaithe le haghaidh pórúcháin.

261. Ba déiríochta

Ainmhithe baineanna den speiceas buaibheach a bhfuil lao beirthe acu (lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhun 2 bhliain d'aois) a choimeádtar go heisiach nó go príomha le haghaidh táirgeadh bainne lena chaitheamh ag an duine nó lena phróiseáil mar tháirgí déiríochta. Áirítear leis sin ba déiríochta dealaithe.

262. Ba buabhaill déiríochta

Ainmhithe buabhaill baineanna a bhfuil lao beirthe acu (lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhun 2 bhliain d'aois) a choimeádtar go heisiach nó go príomha le haghaidh táirgeadh bainne lena chaitheamh ag an duine nó lena phróiseáil mar tháirgí déiríochta. Áirítear leis sin ba buabhaill dealaithe.

269. Ba neamhdhéiríochta

1. Ainmhithe baineanna den speiceas buaibheach a bhfuil lao beirthe acu (lena n-áirítear iad siúd atá faoi bhun 2 bhliain d'aois) a choimeádtar go heisiach nó go príomha le haghaidh breith laonna agus nach n-úsáidtear a mbainne lena chaitheamh ag an duine nó lena phróiseáil mar tháirgí déiríochta.
2. Ba le haghaidh oibre.
3. Ba neamhdhéiríochta dealaithe (is cuma cé acu a dhéantar nó nach ndéantar iad a ramhrú sula maraítear iad).

Áirítear i gcatagóirí 210 go 252 agus 269 freisin na catagóirí comhfhreagracha buabhall agus/nó buabhall baineann.

311. Caoirigh bhaineanna phórúcháin

Caoirigh 1 bhliain d'aois nó níos sine agus atá beartaithe le haghaidh pórúcháin.

319. Caoirigh eile

Caoirigh de gach aois cé is moite de chaoirigh bhaineanna phórúcháin.

321. Gabhair bhaineanna phórúcháin

329. Gabhair eile

Gabhair seachas gabhair bhaineanna phórúcháin.

410. Bainbh ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan

Bainbh ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan.

420. Cránacha pórúcháin arb é 50 kg nó níos mó a mbeomheáchan

Cránacha pórúcháin 50 kg nó níos mó cé is moite de chránacha dealaithe (féach catagóir 499 'Muca eile').

491. Muca lena ramhrú

Muca lena ramhrú arb é 20 kg nó níos mó a mbeomheáchan, cé is moite de chránacha agus toirc dhealaithe (féach catagóir 499 'Muca eile').

499. Muca eile

Muca arb é 20 kg nó níos mó a mbeomheáchan cé is moite de chránacha pórúcháin (féach catagóir 420) agus muca lena ramhrú (féach catagóir 491).

510. Éanlaith chlóis — sicíní lena ramhrú

Sicíní boird. Gan béaróga agus cearca dealaithe a áireamh. Gan sicíní a áireamh.

520. Béaróga

Lena n-áirítear eireoga, béaróga, cearca dealaithe agus coiligh phórúcháin le haghaidh béaróg nuair a chuirtear stop leo sin a bheith ina mbéaróga. Is cearca óga iad eireoga nach bhfuil ubh beirthe acu go fóill. Gan sicíní a áireamh.

530. Éanlaith chlóis eile

Áirítear lachain, turcaithe, géanna, éanlaith ghuine, ostraisí agus fireannaigh phórúcháin (cé is moite díobh siúd a luaitear thuas maidir le béaróga). Áirítear leis seo baineannaigh phórúcháin. Gan sicíní a áireamh.

610. Coiníní baineanna pórúcháin

699. Coiníní eile

700. Beacha

Le tabhairt le fios i líon na gcoirceog áitithe.

900. Ainmhithe eile

Áirítear leis sin sicíní, fianna, ainmhithe fionnaidh. Áirítear freisin ainmhithe eile a úsáidtear le haghaidh turasóireacht feirme. Ní áirítear táirgí ó ainmhithe eile (féach Tábla K, catagóir 900).

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA J

J.AN. *Meánlíon (atá le taifeadadh le haghaidh cholún A amháin)*

Tagraíonn gach aonad d'ainmhí amháin a bheith ar an ngabháltas ar feadh bliana. Déantar ainmhithe a chomhaireamh i gcomhréir leis an bhfad ama a chaith siad ar an ngabháltas le linn na bliana cuntasaíochta.

Cinntear an meánlíon trí fhardail thréimhsiúla nó trí theacht agus imeacht na n-ainmhithe a thaifeadadh. Áirítear leis na hainmhithe uile atá ar an ngabháltas, mar aon le hainmhithe a thógtar nó a ramhraítear faoi chonradh (ainmhithe nach mbaineann leis an ngabháltas, a thógtar nó a ramhraítear ansin sa chaoi nach bhfuil sa ghníomhaíocht ach seirbhís a thugann an sealbhóir, agus ní ghlacann an sealbhóir leis an riosca airgeadais a bhaineann de ghnáth le tógáil nó ramhrú na n-ainmhithe sin) agus ainmhithe a thógtar nó a chuirtear faoi reachtaireacht le linn na tréimhse bliana ina bhfuil siad ar an ngabháltas.

Meánlíon (colún A)

Níl an fhaisnéis seo le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

J. OR Orgánach

An meánlíon ainmhithe a tógadh de réir na rialacha táirgthe a leagtar síos in Airteagail 9, 10, 11 agus 14 agus i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, cé is moite díobh siúd atá fós sa tréimhse tiontaithe mar a shainítear in Airteagal 3 pointe (6) agus Airteagal 10 den Rialachán sin.

J. CO atá á thiontú go horgánach

An meánlíon ainmhithe a tógadh de réir na rialacha táirgthe a leagtar síos in Airteagail 9, 10, 11 agus 14 agus i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, atá fós sa tréimhse tiontaithe mar a shainítear in Airteagal 3(6) agus Airteagal 10 den Rialachán sin.

J.RN. *Uimhir thagartha (le taifeadadh le haghaidh cholún N amháin)*

Is éard atá san uimhir thagartha líon na n-ainmhithe atá ar an bhfeirm de ghnáth ag am ar leith. Úsáidtear í chun aschur caighdeánach an ghabháltais agus a mhéid eacnamaíoch a ríomh. Murab ionann agus an meánlíon (AN), cumasaítear leis tréimhse a chur san áireamh, tréimhse ar lena linn atá líon níos ísle beostoic nó nach bhfuil aon bheostoc ar an ngabháltas ar feadh tréimhse eisceachtúil mar gheall ar bhriseadh eisceachtúil sa timthriall táirgthe (e.g. ráigeanna galair).

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn nó in aghaidh an lín i gcás coirceoga beach.

Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Féadfar na sonraí a bhaineann leis an athróg 'J.RN.Uimhir thagartha' a sholáthar i gcásanna eisceachtúla (e.g. galar ar an ngabháltas, nó dealú ar chúis sláintíochta). Tá sé roghnach na sonraí sin a chur isteach.

J.OV *Luacháil tosaigh*

Beostoc ar leis an ngabháltas é ag tús na bliana cuntasaíochta, cibé acu atá siad ar an ngabháltas ag an am sin nó nach bhfuil.

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn nó in aghaidh an lín i gcás coirceoga beach.

Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Luach (colún V)

Tá luach an bheostoic le cinneadh ag luach cóir lúide na costais díolphointe mheasta ar lá na luachála.

J.CV *Luacháil deiridh*

Beostoc ar leis an ngabháltas é ag tús na bliana cuntasaíochta, cibé acu atá sé ar an ngabháltas ag an am sin nó nach bhfuil.

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn nó in aghaidh an lín i gcás coirceoga beach.

Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Luach (colún V)

Tá luach an bheostoic le cinneadh ag luach cóir lúide na costais díolphointe mheasta ar lá na luachála.

J.PU *Ceannacháin*

Déan tagairt don bheostoc iomlán a ceannaíodh le linn na bliana cuntasaíochta.

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Luach (colún V)

Áirítear na costais cheannaigh ar luach na gceannachán. Ní asbhaintear na deontais agus na fóirdheontais ghaolmhara ó iomlán na gceannachán sin, ach sonraítear iad i dTábla M 'Fóirdheontais' sa chatagóir iomchuí (cóid 5100 go 5900).

J.SA *Díolachán iomlán*

Tagraíonn seo don bheostoc iomlán a díoladh le linn na bliana cuntasaíochta.

Áirítear leis sin an díolachán beostoic nó feola le tomhaltóirí lena gcaitheamh acu féin, cibé acu a mharaítear na hainmhithe ar an bhfeirm nó nach maraítear.

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Luach (colún V)

I gcás inarb eol na costais mhargaíochta, más ann dóibh, ní asbhaintear iad ó iomlán an díolacháin, ach tugtar na costais sin faoi chód 2090 ('Costais bheostoic shonracha eile'). Ní áirítear na deontais agus na fóirdheontais ghaolmhara in iomlán an díolacháin, ach sonraítear iad i dTábla M 'Fóirdheontais' sa chatagóir iomchuí, Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte (cóid 23111 go 2900).

J.SS *Díolachán le haghaidh maraithe*

Tagraíonn seo don bheostoc a díoladh le linn na bliana cuntasaíochta, ar beostoc é atá ceaptha lena mharú. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir le bodóga pórúcháin (cód 251), beacha (cód 700) ná ainmhithe eile (cód 900).

Líon (colún N)

Féach Díolachán iomlán

Luach (colún V)

Féach Díolachán iomlán

J.SR *Díolachán le haghaidh tógáil / pórú breise*

Tagraíonn seo don bheostoc a díoladh le linn na bliana cuntasaíochta, ar beostoc é atá ceaptha le haghaidh tógáil nó pórú breise. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir le bodóga lena ramhrú (cód 252), beacha (cód 700) ná ainmhithe eile (cód 900).

Líon (colún N)

Féach Díolachán iomlán

Luach (colún V)

Féach Díolachán iomlán

J.SU *Díolachán lena mbaineann ceann scríbe anaithnid*

Tagraíonn seo don bheostoc a díoladh le linn na bliana cuntasaíochta, ar beostoc é nach eol cén ceann scríbe a bhaineann leis. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir le beacha (cód 700) ná ainmhithe eile (cód 900).

Líon (colún N)

Féach Díolachán iomlán

Luach (colún V)

Féach Díolachán iomlán

J.DL *Líon básanna, lena n-áirítear maruithe éigeandála*

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn. Áirítear leis maruithe éigeandála agus dídhaonrú. Tagraíonn marú éigeandála do mharú ainmhithe atá gortaithe nó a bhfuil galar orthu lena mbaineann pian nó fulaingt thromchúiseach. Tagraíonn dídhaonrú don phróiseas a bhaineann le hainmhithe a mharú ar chúiseanna sláinte poiblí, sláinte ainmhithe, leasa nó comhshaoil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil.

J.FC *Tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil*

Tagraíonn seo don bheostoc arna thomhailt ag an teaghlach feirme nó arna úsáid le haghaidh sochair chomhchineáil le linn na bliana cuntasaíochta.

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Luach (colún V)

Cinnfear luach an bheostoic ag an luach cóir.

J.FU *Úsáid feirme*

Tagraíonn seo don bheostoc a úsáidtear mar ionchuir le haghaidh tuilleadh próiseála i gcomhthéacs GSE ar an ngabháltas le linn na bliana cuntasaíochta. Áirítear leis sin beostoc a úsáidtear le haghaidh na nithe seo a leanas:

— lónadóireacht, cóiríocht turasóireachta,

— beostoc a phróiseáil ina tháirgí feola agus ina bheatha.

Ní chuirtear san áireamh díolachán beostoic nó feola, cibé acu a mharaítear nó nach maraítear na hainmhithe ar an bhfeirm (féach an fhaisnéis maidir le díolachán, SA).

Déantar an luach sin a thaifeadadh i dtábla H freisin mar chostais le haghaidh an GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas, trí úsáid a bhaint as cód 4070 (costais shonracha le haghaidh próiseáil feola agus próiseáil táirgí ainmhithe eile).

Líon (colún N)

Tá líon an bheostoic le tabhairt le fios in aghaidh an chinn. Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir leis na hainmhithe eile (catagóir 900).

Luach (colún V)

Cinnfear luach an bheostoic ag an luach cóir.

J.TH Cineál tithíochta

Cód (colún C)

Tá na cóid lena sainítear an cineál tithíochta le roghnú ón liosta thíos, le haghaidh gach catagóire ainmhí aonair atá san áireamh ann:

Tábla J

Cineál na gcód tithíochta

Cód	Cineál ainmhí	Cineál tithíochta
10	Ainmhithe den speiceas buaibheach (catagóirí 210 – 269)	Stallaí stáinsí (sciodar)
20		Stallaí stáinsí (aoileach soladach)
30		Tithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar)
40		Tithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar soladach)
50		Amuigh faoin aer i gcónaí
60		Cineál eile tithíochta (sciodar)
70		Cineál eile tithíochta (aoileach soladach)
80	Caoirigh agus gabhair (catagóirí 311-329)	Domhaineasair
90		Urlár lataí
100		Urlár soladach
110		Amuigh faoin aer i gcónaí
120	Muca (catagóirí 410 – 499)	Urlár atá lataí go hiomlán
130		Urlár atá lataí go páirteach
140		Urlár soladach (aoileach soladach)
150		Domhaineasair atá sa dromchla iomlán
160		Amuigh faoin aer (saor-raon)
170		Cineál eile tithíochta (sciodar)
180		Cineál eile tithíochta (aoileach soladach)
190	Éanlaith chlóis (catagóirí 510 – 530)	Domhaineasair
200		Éanlann
210		Cásanna ag a bhfuil crios aoiligh
220		Cásanna ag a bhfuil clais dhomhain
230		Cásanna ag a bhfuil teach ar chosa taca
240		Amuigh faoin aer (saor-raon)
250		Cineál eile tithíochta

Más rud é, i gcás aon chatagóir ainmhí, go n-úsáidtear níos mó ná cineál amháin tithíochta, ní thuairisceofar ach amháin an cineál tithíochta ina bhfuil formhór na n-ainmhithe sa chatagóir ainmhí sin lonnaithe. Déanfar sonraí a thuairisciú sna tuairisceáin feirme gach bliain. Mar sin féin, féadfar sonraí a thiomsú nó a bhailiú ar mhinicíocht níos ísle, ar choinníoll go ndéanfar é sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

Tuairisc ar na córais tithíochta

Stallaí stáinsí: Is éard atá i stallaí stáinsí tithe ainmhithe ina bhfuil na hainmhithe ceangailte ina n-áiteanna agus nach bhfuil cead acu gluaiseacht faoi shaoirse. Féadfaidh na cineálacha tithíochta seo aoileach a bheith iontu a roinntear ina eisfhearadh ainmhithe agus ina aoileach leachtach i gcás ina bhfuil urláir na stallaí ar choincréit le fána ar a bhfuil easair (e.g. tuí, tuí mhionghearrtha, min sáibh) agus gáitéar éadomhain ar chúl na n-ainmhithe chun cuid den fhaecas agus den fhual a bhailiú, agus baintear cuid de go rialta mar aoileach soladach an tráth céanna. I roinnt cásanna, tá píopa draenála ceangailte den gháitéar chun úscaíl a bhailiú, nó is féidir cainéal níos doimhne a bheith ann in ionad gáitéir chun an codán leachtach a bhailiú agus a stóráil. Is iondúil go mbaintear an t-aoileach go meicniúil lasmuigh den fhoirgneamh mar eisfhearadh soladach/ aoileach feirme. Is féidir aoileach a bheith iontu freisin i bhfoirm sciodair, i gcás ina bhfuil urláir na stallaí ar choincréit chothrom ar a bhfuil cainéal atá á chumhdach le greille taobh thiar de na hainmhithe, sin ná urlár iomlán lataí chun faecas agus fual a bhailiú mar sciodar. Sa chás sin, titeann an t-aoileach agus an fual síos faoi bhun an urláir i gclais, áit a dtiontaíonn siad ina sciodar.

Tithíocht scaoilte agus chubhachail Tagraíonn tithíocht scaoilte do thithe ainmhithe ina gceadaítear do na hainmhithe gluaiseacht faoi shaoirse agus saor-rochtain a bheith acu ar limistéar iomlán an fhoirgnimh nó an loca (imfhálú beag le haghaidh beostoic). Féadfaidh aoileach i bhfoirm sholadach a bheith i dtithíocht scaoilte i gcás ina bhfuil urlár coincréite inti a ghlantar níos minice trí scríobadh san áit ina seasann na hainmhithe chun ithe agus/nó chun ól. Is iondúil sraith dhomhain easrach (tuí de ghnáth) a bheith scaipthe timpeall an urláir. Baintear an easair sin den fhoirgneamh uair nó dhó sa gheimhreadh de ghnáth, mar aoileach clóis feirme. Cuimsítear leis an gcineál seo tithíochta freisin tithíocht chubhachail atá ina foirgnimh.

Tithíocht amuigh faoin aer Áirítear leis sin féarach, saor-raon agus banrach.

Tithíocht ina bhfuil urlár lataí Tagraíonn seo do thithíocht ainmhithe ina bhfuil na hurláir lataithe go hiomlán. Sa chás sin, tá lataí ar an urlár ina iomláine agus titeann an t-aoileach agus an fual síos faoi bhun an urláir i gclais, áit a dtiontaíonn siad ina sciodar.

Tithíocht ina bhfuil urlár páirtlataí Tagraíonn seo do thithíocht ainmhithe ina bhfuil na hurláir lataithe go páirteach. Tá lataí ar chuid den urlár agus titeann an t-aoileach agus an fual síos faoi bhun an urláir i gclais, áit a dtiontaíonn siad ina sciodar.

Domhaineasair le haghaidh muc: tithíocht ina bhfuil easair déanta as tuí (tithíocht scaoilte domhaineasrach), ina bhfuil an t-urlár clúdaithe le sraith thiubh easrach (tuí, móin, min sáibh, nó ábhar comhchosúil eile a cheanglaíonn an t-aoileach agus an fual) nach mbaintear ach go neamhrialta, ag eatraimh roinnt míonna.

Cineálacha eile tithíochta Cineálacha tithíochta atá difriúil leis na cinn a luaitear thuas.

Tithíocht saor-raoin Is modh feirmeoireachta é saor-raon inar féidir leis na hainmhithe, ar feadh cuid den lá ar a laghad, fánaíocht faoi shaoirse amuigh faoin aer, seachas a bheith sáinnithe in imfhálú ar feadh 24 uair an chloig gach lá.

Tithíocht domhaineasrach tithíocht le haghaidh béaróga éanlaithe clóis ina bhfuil easair déanta as tuí (coibhéiseach le tithíocht scaoilte domhaineasrach), ina bhfuil an t-urlár clúdaithe le sraith thiubh easrach (tuí, móin, min sáibh, nó ábhar comhchosúil eile a cheanglaíonn an t-aoileach agus an fual) nach mbaintear ach go neamhrialta, ag eatraimh roinnt míonna. Foirgneamh iata simplí atá inslithe go teirmeach agus a bhfuil aeráil mheicniúil nó aeráil nádúrtha ann. Ní mór trian ar a laghad d'achar an urláir a bheith clúdaithe le heasair (e.g. tuí mhionghearrtha, scamhacháin adhmaid) agus dhá thrian a shocrú mar chlais atá clúdaithe le lataí chun salachar éan (dramhaíl a thagann as éanlaith chlóis) a bhailiú le linn na tréimhse beirthe uibheacha de 13-15 mhí. Cuirtear neadacha beirthe, fothairí agus soláthar uisce os cionn an limistéir lataithe chun an easair a choinneáil tirim.

Tithíocht éanlainne Tugtar córais il-leibhéil nó córais éanlainne ar éanlanna freisin. Is éard atá iontu urlár talún móide leibhéal amháin nó níos mó d'ardáin phollta, nach féidir le haoileach titim uathu ar na héin thíos fúthu. Ag pointe éigin ar fud an chórais, beidh dhá leibhéal ar a laghad ar fáil d'éin. Is éard atá in éanlann foirgneamh ina bhfuil insliú teirmeach, aeráil mheicniúil agus solas nádúrtha nó solas saorga. Is féidir iad a chur le limistéar saor-raoin agus limistéar scríobtha amuigh faoin aer. Coinnítear na héin i ngrúpaí móra agus tá sé de shaoirse acu gluaiseacht timpeall limistéar iomlán an tí thar leibhéil éagsúla. Tá an spás roinnte ina limistéir éagsúla: ithe agus ól, codladh agus scíth, scríobadh, breith uibheacha. Toisc gur féidir le hainmhithe leibhéil éagsúla a úsáid, ceadaítear dlúis stoic níos airde i gcomparáid leis an gcóras domhaineasrach. Úsáidtear criosanna aoiligh chun salachar a bhaint, sin nó bailítear é i gclais aoiligh.

Cásanna ag a bhfuil criosanna aoiligh Is córais tithíochta ainmhithe iad cásanna cúbarnaí ina gcoinnítear na béaróga i gcásanna, ceann amháin nó níos mó i ngach cás, laistigh d'fhoirgnimh iata a bhfuil aeráil mheicniúil iontu, foirgnimh a fhéadfaidh a bheith soilsithe nó gan soilsiú. Coinnítear éin i gcásanna srathacha, iad déanta as sreang chruach de ghnáth, agus leagtha amach ina sraitheanna fada. Titeann an salachar trí bhun na gcásanna, agus bailítear agus stóráiltear é faoina mbun i gclais nó cainéal domhain, sin nó baintear iad agus úsáid á baint as crios nó córas scríobtha. An salachar ó na béaróga i gcórais chúbarnaí, ní mheasctar é le hábhar eile amhail easair, agus féadtar é a thriomú nó uisce a chur leis chun go mbeadh sé níos éasca an t-aoileach a láimhseáil. Na cásanna cúbarnaí ag a bhfuil criosanna aoiligh, is é atá iontu cásanna cúbarnaí óna n-aistrítear an t-aoileach go meicniúil trí chrios faoi bhun na gcásanna go dtí lasmuigh den fhoirgneamh chun eisfhearadh soladach/aoileach feirme a chruthú.

J. TO *Am a caitheadh faoin aer*

Am innilte (colún D)

Líon na laethanta innilte iomlána. Má bhíonn na hainmhithe ag innilt ar feadh níos lú ná 2 uair an chloig in aghaidh an lae, ní mheastar gur lá innilte é sin. Déanfar faisnéis a thuairisciú maidir le catagóirí 261 ba déiríochta, 269 ba neamhdhéiríochta, 311 caoirigh bhaineanna phórúcháin, agus 321 ghabhair bhaineanna phórúcháin.

Rochtain ar an gclós (colún Y)

Clóis aclaíochta:

Limistéir amuigh faoin aer a bhfuil rochtain bhuan orthu, agus urlár neamhscagach iontu de ghnáth, lena n-áirítear limistéir fhéarmhara nach féarach iad, inar féidir le hainmhithe aclaíocht a dhéanamh ar feadh cuid den lá. Tá an clós le cur san áireamh má tá rochtain ag na hainmhithe air.

Tá na cóid seo a leanas le húsáid:

0 Ní hea, níl rochtain ag an mbeostoc ar an gclós

1 Is ea, tá rochtain ag an mbeostoc ar an gclós

Tábla K

Táirgí agus seirbhísí ainmhithe

Struchtúr an tábla

Catagóir táirgí nó seirbhísí ainmhithe	Cód (*)
Sonraí atá in easnamh	Cód (**)

Grúpa Faisnéise		Colúin	
		Cainníocht	Luach
		Q	V
OV	Luacháil tosaigh		
CV	Luacháil deiridh		
PR	Táirgeadh		—
SA	Díolachán		
FC	Tomhaltas tí feirme		
FU	Úsáid feirme		

Cód (*)	Tuairisc
261	Bainne bó
262	Bainne bó buabhaill
311	Bainne caorach
321	Bainne gabhair

Cód (*)	Tuairisc
330	Olann
531	Uibheacha lena gcaitheamh ag an duine (éanlaith chlóis uile)
532	Uibheacha goir (éanlaith chlóis uile)
700	Mil agus táirgí beachaireachta
800	Aoileach
900	Táirgí ainmhí eile
1100	Tógáil faoi chonradh
1200	Seirbhísí ainmhithe eile

Sonraí atá in easnamh

Cód (**)	Tuairisc
0	Cuirtear an cód 0 isteach nuair nach bhfuil aon sonraí in easnamh.
2	Ba cheart Cód 2 a iontráil nuair nach féidir an táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram (nó i mílte uibheacha) mar gheall ar na coinníollacha díola.
4	Ba cheart Cód 4 a iontráil nuair nach bhfuil ach stoic ann agus nuair nach bhfuil aon táirgeadh iarbhír ann.

Catagóirí táirgí agus seirbhísí ainmhithe

Ba cheart na catagóirí táirgí agus seirbhísí ainmhithe seo a leanas a idirdhealú:

261	Bainne bó
262	Bainne bó buabhaill
311	Bainne caorach
321	Bainne gabhair
330	Olann
531	Uibheacha lena gcaitheamh ag an duine (éanlaith chlóis uile)
532	Uibheacha goir (éanlaith chlóis uile)
700	Mil agus táirgí beachaireachta: mil, mil chaol agus táirgí agus fotháirgí eile beachaireachta
800	Aoileach
900	Táirgí ainmhithe eile (táillí graí, suthanna, céir, ae gé nó lachan, bainne ainmhithe eile, etc.)
1100	Tógáil faoi chonradh Méid na bhfáltas le haghaidh tógáil faoi chonradh a chomhfhreagraíonn go príomha d'íocaíocht as seirbhísí arna soláthar agus i gcás nach nglacann an sealbhóir leis an riosca eacnamaíoch a bhaineann de ghnáth leis na hainmhithe sin a thógáil nó a ramhrú, e.g.: eallach, caoirigh, gabhair, muca, éanlaith chlóis.
1200	Seirbhísí ainmhithe eile Méid na bhfáltas le haghaidh seirbhísí ainmhithe eile (ainmhithe a chur faoi reachtaireacht, etc.)

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA K

Maidir leis an aoileach (cód 800), ní sholáthrófar sa cholún luach (V) ach an fhaisnéis maidir le díolachán (SA) amháin.

Maidir le táirgí ainmhithe eile (cód 900), ní sholáthrófar faisnéis ach amháin sa cholún luach (V), toisc nach féidir cainníocht a thabhairt le fios i gcás comhiomláin de tháirgí ilchineálacha.

Maidir le seirbhísí ainmhithe amhail tógáil faoi chonradh (cóid 1100) agus seirbhísí eile (cód 1200), níl le soláthar ach na fáltais atá le taifeadadh faoin bhfaisnéis maidir le díolachán (SA) sa cholún luach (V).

Cainníocht (colún Q)

Tabharfar na cainníochtaí sin le fios i gcéadta cileagram (100 kg) ach amháin i gcás uibheacha (cóid 531 agus 532), atá le tabhairt le fios ina mílte.

I gcás táirgí beachaireachta seachas mil (cód 700), tá an chainníocht le sloinneadh i gcéadta cileagram de 'choibhéisí meala'.

K.OV *Luacháil tosaigh*

Na táirgí atá i stoc (á stóráil) ag tús na bliana cuntasaíochta, cé is moite de bheostoc.

Cainníocht (colún Q)

Féach na treoracha le haghaidh thábla K.

Luach (colún V)

Déanfar na táirgí a luacháil ag luach cóir lá na luachála.

K.CV *Luacháil deiridh*

Luach na dtáirgí atá i stoc (á stóráil) ag deireadh na bliana cuntasaíochta, cé is moite de bheostoc.

Cainníocht (colún Q)

Tá feidhm ag na treoracha le haghaidh thábla K.

Luach (colún V)

Déanfar na táirgí a luacháil ag luach cóir lá na luachála.

K.PR *Táirgeadh le linn na bliana cuntasaíochta*

Cainníocht (colún Q)

Cainníochtaí na dtáirgí ainmhithe a táirgeadh le linn na bliana cuntasaíochta (cé is moite d'aon chaillteanas). Léirítear na cainníochtaí sin le haghaidh phríomhtháirgí an ghabháltais (cé is moite d'fhotháirgí). Cuirtear san áireamh an táirgeadh a úsáidtear le haghaidh próiseála faoi chuimsiú GSE a bhaineann leis an bhfeirm.

Ní chuirtear bainne arna dhiúl ag laonna san áireamh sa táirgeadh.

K.SA *Díolachán*

Iomlán na dtáirgí a díoladh le linn na bliana cuntasaíochta, a bhí i stoc ag tús na bliana cuntasaíochta agus a táirgeadh le linn na bliana.

Cainníocht (colún Q)

Tá feidhm ag na treoracha le haghaidh thábla K.

Luach (colún V)

Iomlán an díolacháin táirgí (cibé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas na fáltais le linn na bliana cuntasaíochta) a bhí i stoc ag tús na bliana cuntasaíochta agus a táirgeadh le linn na bliana.

An t-iomlán le haghaidh na dtáirgí a díoladh, cuirtear san áireamh leis luach na dtáirgí a cuireadh ar ais ar an bhfeirm (bainne bearrtha etc.). Iontráiltear an luach deiridh sin faoi chostais feirme freisin.

Aon íocaíocht cúitimh (e.g. íocaíochtaí árachais) le linn na bliana cuntasaíochta, tá siad le cur leis an iomlán le haghaidh dhíolachán na dtáirgí lena mbaineann, cibé áit ar féidir iad a leithdháileadh ar tháirgeadh na dtáirgí sin. Seachas sin, tá siad le hiontráil faoi chód 900 'Táirgí eile ainmhithe'.

Deontais agus fóirdheontais a fuarthas le haghaidh táirgí le linn na bliana cuntasaíochta, ní chuirtear san áireamh iad san iomlán le haghaidh díolacháin; iontráiltear iad i dTábla M 'Fóirdheontais' sa chatagóir iomchuí, Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte (cóid idir 23111 agus 2900).

I gcás inarb eol na costais mhargaíochta, más ann dóibh, ní asbhaintear iad ó iomlán an díolacháin, ach tugtar iad i dTábla H 'Ionchuir' faoi chód 2090, 'Costais bheostoic shonracha eile'.

K.FC *Tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil*

Táirgí arna dtomhailt ag teaghlach an tsealbhóra agus/nó arna n-úsáid le haghaidh íocaíochtaí comhchineáil as earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear luach saothair comhchineáil). Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir le huibheacha atá ceaptha lena ngoradh (cód 532).

Cainníocht (colún Q)

Tá feidhm ag na treoracha le haghaidh thábla K.

Luach (colún V)

Déanfar na táirgí a luacháil ag an luach cóir.

K.FU *Úsáid feirme*

Táirgí an ghabháltais atá i stoc (á stóráil) ag tús na bliana cuntasaíochta agus/nó a táirgeadh le linn na bliana, a úsáideadh mar ionchuir ar an ngabháltas le linn na bliana. Áirítear leis sin:

— beatha ainmhithe: táirgí indíolta an ghabháltais (táirgí atá inmhargaidh faoi láthair) a úsáideadh le linn na bliana mar bheatha ainmhithe. Ní chuirtear bainne arna dhiúl ag laonna san áireamh faoi úsáid feirme,

— táirgí a úsáideadh faoi chuimsiú gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an bhfeirm:

  — lónadóireacht, cóiríocht turasóireachta, etc.,

  — le haghaidh tuilleadh próiseála (bainne a phróiseáiltear ina im, ina cháis, etc.).

Cainníocht (colún Q)

Tá feidhm ag na treoracha le haghaidh thábla K.

Luach (colún V)

Déanfar na táirgí a luacháil ag an luach cóir. Iontráiltear na luachanna sin faoi chostais feirme freisin.

Tábla L

GSE a bhaineann go díreach leis an bhfeirm

Struchtúr an tábla

Catagóir GSE	Cód (*)	
Sonraí atá in easnamh	Cód (**)	

		Colúin	
Grúpa Faisnéise		Cainníocht	Luach
		Q	V
OV	Luacháil tosaigh	—	
CV	Luacháil deiridh	—	
PR	Táirgeadh		—

Catagóir GSE	Cód (*)	
Sonraí atá in easnamh	Cód (**)	

		Colúin	
Grúpa Faisnéise		Cainníocht	Luach
		Q	V
SA	Díolachán	—	
FC	Tomhaltas tí feirme	—	
FU	Úsáid feirme	—	

Cód (*)	Tuairisc
261	Próiseáil bainne bó
263	Próiseáil bainne ainmhithe eile
900	Próiseáil feola nó táirgí ainmhithe eile
1010	Próiseáil barr
1020	Foraoiseacht agus próiseáil adhmaid
2010	Obair chonarthach
2020	Turasóireacht, cóiríocht, lónadóireacht agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile
2030	Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite
9000	GSE eile a bhaineann go díreach leis an bhfeirm

Cód (**)	Tuairisc
0	Cuirtear an cód 0 isteach nuair nach bhfuil aon sonraí in easnamh.
1	Ba cheart Cód 1 a iontráil i gcás táirgeadh a fhaightear trí bheostoc arna cheannach nó trí tháirgí ainmhithe nó barr a phróiseáil.
2	Ba cheart Cód 2 a iontráil nuair nach féidir táirgeadh iarbhír a chinneadh i gcéadta cileagram mar gheall ar na coinníollacha díolacháin.
4	Ba cheart Cód 4 a iontráil nuair nach bhfuil ach stoic ann agus nuair nach bhfuil aon táirgeadh iarbhír ann.

Catagóirí GSE a bhaineann go díreach leis an bhfeirm

Tá na catagóirí GSE seo a leanas le hidirdhealú:

261	Próiseáil bainne bó
263	Próiseáil bainne ainmhithe eile, e.g. bainne bó buabhaill, bainne caorach, bainne gabhair
900	Próiseáil feola nó táirgí ainmhithe eile
1010	Próiseáil táirgí barr, cé is moite d'fhíon agus ola olóige. Cuirtear san áireamh leis táirgeadh alcóil seachas ó fhíonchaora, agus táirgeadh leann úll nó piorraí.
1020	Foraoiseacht agus próiseáil adhmaid. Cumhdaítear leis díolachán adhmaid leagtha agus adhmaid ar a chois, díolachán táirgí foraoiseachta seachas adhmad (corc, roisín péine, etc.) agus díolachán adhmaid phróiseáilte le linn na bliana cuntasaíochta.

2010	Obair chonarthach do dhaoine eile. Ní mheastar gur GSE é trealamh an ghabháltais a fhruiliú gan lucht saothair feirme nó gan ach lucht saothair feirme i mbun obair chonarthach a úsáid, ach meastar gur cuid den ghníomhaíocht talmhaíochta é.
2020	Turasóireacht, cóiríocht, lónadóireacht agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile. Ina measc sin, tá cíos ó thurasóireacht (láithreáin champála, teachíní, áiseanna marcaíochta, fiach, iascaireacht, etc.).
2030	Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Cumhdaítear leis fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh don mhargadh, lena n-áirítear bithghás, bithbhreoslaí nó leictreachas, trí thuirbíní gaoithe, trealamh eile nó ó amhábhair thalmhaíochta. Eisiatar uaidh na hítimí seo a leanas, toisc go measfar gur cuid de ghníomhaíocht talmhaíochta an ghabháltais iad: — fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh lena úsáid ag an ngabháltais féin amháin, — an talamh nó an díon a ligean ar cíos chun gur féidir suiteáil amhail muileann gaoithe nó painéil ghrianfhuinnimh a bhunú, agus chun na gcríoch sin amháin, — amhábhair a dhíol le fiontar eile chun go dtáirgfear fuinneamh in-athnuaite.
9000	GSE eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas. GSE a bhaineann go díreach leis an ngabháltas nach luaitear in aon áit eile.

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA L

Cainníocht (colún Q)

Tabharfar na cainníochtaí sin le fios i gcéadta cileagram (100 kg).

I gcás táirgí próiseáilte bainne (cóid 261 agus 263), tabharfar cainníocht an bhainne leachtaigh le fios gan beann ar an bhfoirm ina ndíoltar é, ina dtomhlaítear ar an bhfeirm é nó ina n-úsáidtear é le haghaidh sochair chomhchineáil nó chun críoch feirme (uachtar, im, cáis, etc.).

L.OV *Luacháil tosaigh*

Na táirgí atá i stoc (á stóráil) ag tús na bliana cuntasaíochta.

Níl an fhaisnéis sin le soláthar i gcás obair chonarthach (cód 2010), gníomhaíochtaí turasóireachta (cód 2020), táirgeadh fuinnimh in-athnuaite (cód 2030) ná 'gníomhaíochtaí sochracha eile' a bhaineann go díreach leis an ngabháltas (cód 9000).

Luach (colún V)

Cinnfear luach an bheostoic ag an luach cóir lúide na costais díolphointe mheasta ar lá na luachála.

L.CV *Luacháil deiridh*

Luach na dtáirgí atá i stoc (á stóráil) ag deireadh na bliana cuntasaíochta.

Níl an fhaisnéis sin le soláthar i gcás obair chonarthach (cód 2010), gníomhaíochtaí turasóireachta (cód 2020), táirgeadh fuinnimh in-athnuaite (cód 2030) ná 'gníomhaíochtaí sochracha eile' a bhaineann go díreach leis an ngabháltas (cód 9000).

Luach (colún V)

Cinnfear luach an bheostoic ag an luach cóir lúide na costais díolphointe mheasta ar lá na luachála.

L.PR *Táirgeadh le haghaidh na bliana cuntasaíochta*

Cainníocht (colún Q)

Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin i gcás na gcatagóirí a bhaineann leis an bpróiseáil bainne (cóid 261 agus 263).

Comhfhreagraíonn sí do chainníocht an bhainne leachtaigh a táirgeadh ar an bhfeirm le linn na bliana cuntasaíochta agus a úsáideadh chun táirgí próiseáilte a tháirgeadh.

L.SA *Díolachán*

Iomlán na dtáirgí a díoladh le linn na bliana cuntasaíochta, a bhí i stoc ag tús na bliana cuntasaíochta agus a táirgeadh le linn na bliana, agus fáltais ó GSE.

Luach (colún V)

Iomlán an díolacháin táirgí (cibé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas na fáltais le linn na bliana cuntasaíochta) a bhí i stoc ag tús na bliana cuntasaíochta agus a táirgeadh le linn na bliana.

Aon íocaíocht cúitimh (e.g. íocaíochtaí árachais) le linn na bliana cuntasaíochta, tá siad le cur leis an iomlán le haghaidh dhíolachán na dtáirgí lena mbaineann, cibé áit ar féidir iad a leithdháileadh ar tháirgeadh na dtáirgí sin. Seachas sin, tá siad le hiontráil i dTábla I 'Barra' faoi chód 90900 'Eile'.

Deontais agus fóirdheontais a fuarthas le haghaidh táirgí le linn na bliana cuntasaíochta, ní chuirtear san áireamh iad san iomlán le haghaidh díolacháin; iontráiltear iad i dTábla M 'Fóirdheontais' sa chatagóir iomchuí, Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte (cóid idir 23111 agus 2900). I gcás inarb eol na costais mhargaíochta, más ann dóibh, ní asbhaintear iad ó iomlán an díolacháin, ach tugtar iad i dTábla H 'Ionchuir' faoin gcatagóir iomchuí, costais GSE shonracha (cóid 4010 go 4090).

L.FC *Tomhaltas teaghlaigh feirme agus sochair chomhchineáil*

Táirgí arna dtomhailt ag teaghlach an tsealbhóra agus/nó arna n-úsáid le haghaidh íocaíochtaí comhchineáil as earraí agus seirbhísí (lena n-áirítear luach saothair comhchineáil).

Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir le hobair chonarthach (cód 2010), gníomhaíochtaí turasóireachta (cód 2020) táirgeadh fuinnimh in-athnuaite (cód 2030).

Luach (colún V)

Déanfar na táirgí a luacháil ag an luach cóir.

L.FU *Úsáid feirme*

Táirgí an ghabháltais atá i stoc (á stóráil) ag tús na bliana cuntasaíochta agus/nó a táirgeadh le linn na bliana, a úsáideadh mar ionchuir ar an ngabháltas le linn na bliana. Áirítear leis sin táirgí a próiseáladh ar an bhfeirm (bainne a próiseáladh ina cháis, gránaigh a próiseáladh ina n-arán, feoil a próiseáladh ina liamhás, etc.) agus a úsáideadh mar ionchur le haghaidh lónadóireachta nó cóiríocht turasóireachta.

Níl an fhaisnéis sin le soláthar maidir le hobair chonarthach (cód 2010), gníomhaíochtaí turasóireachta (cód 2020) táirgeadh fuinnimh in-athnuaite (cód 2030).

Luach (colún V)

Déanfar na táirgí a luacháil ag an luach cóir.

Tábla M

Fóirdheontais

Struchtúr an tábla

	Catagóir fóirdheontais/faisnéise riaracháin	Cód (*)		
	Maoiniú	Cód (**)		
	Aonad bunúsach	Cód (***)		
Grúpaí faisnéise		Colúin		
		Líon aonad bunúsach	Luach	Cineál
		N	**V**	**T**
S	Fóirdheontas			—
AI	Faisnéis riaracháin		—	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
		Íocaíochtaí díchúpláilte			
1250	S	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta			—
1300	S	Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta			—
1400	S	Scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe (éiciscéimeanna)			—
1600	S	Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga			—
1700	S	Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí beaga			—
		Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte			
		Barra curaíochta			
		COP (gránaigh, olashíolta agus barra próitéine)			
23111	S	Gránaigh			—
23112	S	Olashíolta			—
23114	S	Barra próitéine agus léagúim ghráinneacha			—
2312	S	Prátaí			—
23121	S	Ar prátaí iad le haghaidh stáirse			—
2313	S	Biatas siúcra			—
		Barra tionsclaíocha			
23141	S	Líon			—
23142	S	Fíorchnáib			—
23143	S	Leannlusanna			—
23144	S	Cána siúcra			—
23145	S	Siocaire			—
23149	S	Barra tionsclaíocha eile			—
		Barra eile			
2315	S	Glasraí			—
2316	S	Talamh branair			—
2317	S	Rís			—
2319	S	Barra curaíochta nach sainmhínítear			—
2320	S	Féarthalamh buan			—
2321	S	Farae triomaithe			—
2322	S	Íocaíocht bharrshonrach do chadás			—

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
2323	S	Clár náisiúnta athstruchtúraithe le haghaidh earnáil an chadáis			—
2324	S	Táirgeadh síolta			—
		Barra buana			
23311	S	Caora			—
23312	S	Cnónna			—
2332	S	Póma agus clochthoradh			—
2333	S	Plandálacha citris			—
2334	S	Plandálacha olóige – ola olóige agus ológa boird			—
2335	S	Fíonghoirt			—
2339	S	Barra buana nach luaitear in aon áit eile			—
		Ainmhithe			
2341	S	Déiríocht			—
2342	S	Mairteoil agus laofheoil			—
2343	S	Eallach (ní shonraítear an cineál)			—
2344	S	Caoirigh agus gabhair			—
2345	S	Muca agus éanlaith chlóis			—
2346	S	Seiriceáin			—
2347	S	Táirgí beachaireachta			—
2349	S	Ainmhithe nach luaitear in aon áit eile			—
2410	S	Roschoillte gearruainíochta			—
2490	S	Íocaíochtaí cúpláilte eile nach luaitear in aon áit eile			—
		Deontais agus fóirdheontais de chineál eisceachtúil			
2810	S	Íocaíochtaí tubaiste			—
2890	S	Deontais agus fóirdheontais eile de chineál eisceachtúil			—
2900	S	Íocaíochtaí díreacha eile nach luaitear in aon áit eile			—
		Forbairt tuaithe			
3100	S	Infheistíochtaí, lena n áirítear infheistíochtaí in uisciú			—
3200	S	Cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó agus le tionscnamh gnólachtaí tuaithe			—
3310	S	Gealltanais bhainistíochta (gealltanais chomhshaoil, gealltanais a bhaineann leis an aeráid agus eile) (cé is moite de leas ainmhithe agus feirmeoireacht orgánach)			—
3320	S	Íocaíochtaí leasa ainmhithe			
3350	S	Feirmeoireacht orgánach			—

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
3400	S	Míbhuntáiste a bhaineann go sonrach le limistéar agus a eascraíonn as ceanglais éigeantacha áirithe (e.g. Natura 2000, an Treoir Réime maidir le hUisce)			—
3500	S	Srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar			—
	S	Infheistíochtaí foraoiseachta/infheistíochtaí neamhtháirgiúla			
3610	S	Infheistíochtaí i bhforbairt limistéar foraoise agus i bhfeabhsú inmharthanachta foraoisí			—
3620	S	Íocaíochtaí Natura 2000 le haghaidh tacaíocht maidir le foraoiseacht agus seirbhísí foraoise, comhshaoil agus aeráide agus caomhnú foraoise			—
3750	S	Tacaíocht le haghaidh acmhainneacht táirgeachta talmhaíochta a athbhunú a ndearnadh dochar di de dheasca tubaistí nádúrtha agus teagmhais thurraingeacha, agus gníomhaíochtaí coisctheacha iomchuí a thabhairt isteach			—
3760	S	Uirlisí bainistithe riosca			—
3770	S	Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise			
3780	S	Comhar			
3900	S	Íocaíochtaí eile le haghaidh forbairt tuaithe			—
		Deontais agus fóirdheontais maidir le costais			
4100	S	Pá agus slándáil shóisialta			—
4200	S	Breoslaí mótair			—
		Beostoc			
4310	S	Beatha le haghaidh féaránach			—
4320	S	Beatha le haghaidh muc agus éanlaith chlóis			—
4330	S	Costais eile bheostoic			—
		Barr			
4410	S	Síolta			—
4420	S	Leasacháin			—
4430	S	Cosaint barr			—
4440	S	Costais shonracha eile maidir le barra			—
		Forchostais feirmeoireachta			
4510	S	Leictreachas			—
4520	S	Breoslaí téimh, iomlán			—
4521	S	ar gás nádúrtha agus gáis mhonaraithe iad			—
4522	S	ar ola agus táirgí peitriliam iad			—
4523	S	ar breoslaí iontaise soladacha iad			—
4524	S	ar breoslaí in-athnuaite iad			—
4530	S	Uisce			—
4540	S	Árachas			—

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc ar na catagóirí	Colúin		
			N	V	T
4550	S	Ús			—
4600	S	Costais maidir le GSE			—
4900	S	Costais eile			—
		Deontais agus fóirdheontais maidir le beostoc a cheannach			
5100	S	Ceannacháin déiríochta			—
5200	S	Ceannacháin mhairteola			—
5300	S	Ceannacháin caorach agus gabhar			—
5400	S	Ceannacháin muc agus éanlaithe clóis			—
5900	S	Ceannacháin ainmhithe eile			—
9000	S	**Difríochtaí i gcomparáid le blianta cuntasaíochta roimhe sin**			—
		Oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (caighdeáin GAEC 2, 8 agus 9)			
10010	AI	GAEC 2 maidir le bogaigh agus tailte portaigh	—	—	
10011	AI	GAEC 2: an líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh — féarthailte buana		—	—
10012	AI	GAEC 2: an líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh – talamh arúil		—	—
10013	AI	GAEC 2: an líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh – barra buana		—	—
10400	AI	GAEC 9: toirmeasc ar thiontú nó ar threabhadh	—	—	
10401	AI	GAEC 9: an líon heicteár féarthailte buana i láithreáin Natura 2000		—	—
10402	AI	GAEC 9: an líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i láithreáin Natura 2000 a chosnaítear faoi GAEC 9 agus a ndéanann feirmeoirí dearbhú ina leith;		—	—
10403	AI	GAEC 9: an líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ar féarthailte buana iad a chosnaítear faoi GAEC 9 agus a ndéanann feirmeoirí dearbhú ina leith, i gcás inarb infheidhme.		—	—

Tá na cóid lena ndéantar cur síos ar an gcaoi a maoinítear an fóirdheontas le roghnú ón liosta thíos:

Cód (**)	Tuairisc
0	Neamhbhainteach: tá an cód seo le húsáid i gcás faisnéis riaracháin
1	Maoinítear an fóirdheontas ó bhuiséad an Aontais amháin.
2	Is é an tAontas agus an Ballstát a chómhaoiníonn an beart.
3	Maoinítear an beart ó fhoinsí poiblí eile, seachas ó bhuiséad an Aontais.

Tá na cóid lena sainítear na haonaid bhunúsacha le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
0	Neamhbhainteach: tá an cód seo le húsáid i gcás faisnéis riaracháin
1	Deonaítear an fóirdheontas in aghaidh ceann beostoic.
2	Deonaítear an fóirdheontas in aghaidh an heicteáir.
3	Deonaítear an fóirdheontas in aghaidh an tona.
4	Feirm/eile: deonaítear an fóirdheontas le haghaidh na feirme ina hiomláine nó ar bhealach nach bhfuil oiriúnach do na catagóirí eile.

Cumhdaítear le Tábla M 'FÓIRDHEONTAIS' deontais agus fóirdheontais a fhaigheann gabháltais talmhaíochta ó chomhlachtaí poiblí, arna maoiniú ón mbuiséad náisiúnta agus ó bhuiséad an Aontais araon. Cumhdaítear leis freisin faisnéis riaracháin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún.

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA M

S *Fóirdheontais*

Sainítear deontais agus fóirdheontais de réir na catagóire fóirdheontais (S), maoiniúcháin agus aonad bunúsach. I gcás gach iontrála, tá an líon aonad bunúsach (N) agus an tsuim a fuarthas (V) le taifeadadh. D'fhéadfadh roinnt taifead a bheith ann in aghaidh na catagóire fóirdheontais toisc go bhféadfadh difríocht a bheith ann idir na haonaid bhunúsacha agus/nó na foinsí maoiniúcháin.

Mar riail ghinearálta, comhfhreagraíonn deontais agus fóirdheontais arna gclárú i dTábla M don bhliain chuntasaíochta reatha, gan beann ar cá huair a fuarthas an íocaíocht (tá an bhliain chuntasaíochta coibhéiseach leis an mbliain éilimh). Is eisceacht ón riail ghinearálta sin iad fóirdheontais infheistíochta agus íocaíochtaí forbartha tuaithe seachas íocaíochtaí i leith limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta eile sonracha ag bagairt orthu, ós rud é gur cheart méideanna cláraithe a bheith ag tagairt d'íocaíochtaí a fuarthas iarbhír le linn na bliana cuntasaíochta (tá an bhliain chuntasaíochta coibhéiseach leis an mbliain íocaíochta).

AI *Faisnéis riaracháin*

Maidir le hoibleagáidí áirithe na mBallstát a bhaineann le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil talún (GAEC 2, 8 agus 9), sainítear iad de réir catagóir faisnéise riaracháin (AI). Tá an líon aonad bunúsach (N) agus/nó an cineál (T) le taifeadadh i gcás gach iontrála, mar a shonraítear sa tábla.

Comhfhreagraíonn an líon aonad bunúsach (N) don limistéar lena mbaineann caighdeáin GAEC, agus sloinntear iad i heicteáir.

Tagraíonn an cineál (T) do chur i bhfeidhm GAEC ar leibhéal na feirme agus tá sé le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Tuairisc
1	Tá sé d'oibleagáid ar ghabháltas talmhaíochta an ceanglas riaracháin a chomhlíonadh.
2	Tairbhíonn an gabháltas talmhaíochta de dhíolúine nó de mhaolú mar a shainítear i bPlean Straitéiseach CBT de bhun Airteagal 13(1), an dara fomhír, agus Airteagal 13(2a) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Tábla MI

Comhtháthú margaidh

Struchtúr an tábla

Catagóir	Cód

Grúpaí faisnéise		Colúin				
		Sciar den luach a díoladh (%)	Cineál conartha	Socruithe praghais	Comhroinnt luacha	Téarmaí an chonartha
		S	**C**	**P**	**V**	**R**
MI	Comhtháthú margaidh					

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Tuairisc	Grúpa	S	C	P	V	R
100	Díol díreach leis an tomhaltóir	**MI**		—	—	—	—
200	Eagraíocht táirgeoirí/Comharchumann	**MI**		—			
300	Miondíoltóir	**MI**					
400	Próiseálaí bia	**MI**					
500	Mórdhíoltóir	**MI**					
600	Feirmeacha eile	**MI**					
700	Idirghabhálaithe onnmhairiúcháin	**MI**					
800	Eile	**MI**					

Tagraíonn an grúpa faisnéise maidir le comhtháthú margaidh do dhíol an phríomhtháirge feirme i dtéarmaí luach an díolacháin laistigh de bhliain tuairiscithe ar leith. I gcás an phríomhtháirge ar leith, tá sé le sonrú cén sciar den táirge a dhíoltar le ceannaitheoirí éagsúla agus tá saintréithe na gcomhaontuithe conarthacha ábhartha le tabhairt le fios. Má dhíoltar an príomhtháirge le ceannaitheoirí éagsúla agus/nó faoi shocruithe conartha difriúla, beidh feidhm ag an gcritéar céanna maidir le luach díolacháin níos airde (i.e., tagróidh an fhaisnéis thaifeadta don phríomhcheannaitheoir agus/nó don phríomhchonradh i dtéarmaí luach díolta).

Tuairisc ar na colúin

S. *Sciar den luach a díoladh (%)*

Tagraíonn ríomh an sciar den luach a díoladh do chéatadán luach iomlán an phríomhtháirge feirme a chinneadh i dtéarmaí luach an díolacháin a díoladh laistigh de bhliain tuairiscithe áirithe de réir chineál an cheannaitheora.

C. *Cineál conartha*

Tá sé le tabhairt le fios an ann do chonradh i scríbhinn idir an feirmeoir agus an ceannaitheoir i ndáil le díol an phríomhtháirge feirme. An príomhtháirge feirme a shonraítear, má dhíoltar é faoi réir conarthaí éagsúla, níor cheart a thuairisciú ach an fhaisnéis faoin bpríomhchonradh i dtéarmaí luach an díolacháin.

Na cóid atá le húsáid:

0 Ní ann

1 Is ann

P. *Socruithe praghais*

I gcás inar ann do chonradh i scríbhinn (i.e., tá an luach a iontráiltear faoi phointe C cothrom le 2), tabharfar le fios cén cineál comhaontaithe praghais atá ann maidir le díol an phríomhtháirge feirme a chumhdaítear leis an gconradh sin.

Na cóid atá le húsáid:

1 Praghas statach (i.e., déantar foráil sa chonradh maidir le praghas nach bhfuil faoi réir athrú, gan beann ar luaineachtaí i gcostais, dálaí an mhargaidh, nó athróga eile).

2 Praghas athraitheach (i.e., déantar foráil sa chonradh maidir le foirmle praghsanna lena leagtar síos táscairí, innéacsanna agus/nó modhanna ríofa a chuireann san áireamh athruithe ar dhálaí an mhargaidh, ar chainníochtaí, agus ar cháilíocht agus comhdhéanamh na dtáirgí arna seachadadh).

V. *Comhroinnt luacha*

I gcás inar ann do chonradh i scríbhinn (i.e., tá an luach a iontráiltear faoi phointe C cothrom le 2), tabharfar le fios cé acu a chinntear nó nach gcinntear sa chonradh conas a leithdháilfear aon éabhlóid ar phraghsanna ábhartha margaidh le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann nó le haghaidh bhrabúis nó chaillteanais eile na margaí tráchtearraí idir na páirtithe conarthacha, lena n-áirítear an leithdháileadh sin a dhéanamh trí bhónais nó trí chaillteanais a chomhroinnt.

Na cóid atá le húsáid:

0 Ní chinntear

1 Cinntear

R. *Téarmaí conartha*

I gcás inar ann do chonradh i scríbhinn (i.e., tá an luach a iontráiltear faoi phointe C cothrom le 2), tá na téarmaí conartha le sonrú a bhaineann leis na cainníochtaí earraí atá le seachadadh, minicíocht na seachadtaí, chomh maith le téarmaí íocaíochta agus pionóis as neamhchomhlíonadh a mhéid a bhaineann le díol an phríomhtháirge feirme a chumhdaítear leis an gconradh sin.

Na cóid atá le húsáid (is féidir roinnt cód a roghnú):

1. Ceanglaítear leis an gconradh go ndéanfaí na táirgí a sheachadadh go tráthrialta le linn thréimhse iomlán an chonartha.

2. Maireann an conradh suas le 1 bhliain gan clásal athnuachana uathoibríoch (i.e., déantar gach téarma atá san áireamh sa chonradh, chomh maith le praghas, a fhadú go huathoibríoch, lena n-áirítear minicíocht seachadtaí, téarmaí íocaíochta, etc.).

3. Na híocaíochtaí as na táirgí a sheachadtar faoin gconradh, tá siad le déanamh suas le 30 lá ó sheachadadh na n-earraí.

4. Tá pionóis sna conarthaí don táirgeoir as neamhchomhlíonadh agus/nó i gcás *force majeure*.

Tábla DI

Nuálaíocht agus digitiú

Struchtúr an tábla

Catagóirí nuálaíochta agus digitithe	Cód

		Colúin	
Grúpaí faisnéise		Rannpháirtíocht	Glacadh
		P	**U**
IN	**Tionscadail agus líonraí nuálaíochta**		
FM	**Bainistíocht feirme**		
PF	**Feirmeoireacht bheacht**		
LM	**Innealra le haghaidh bainistiú beostoic**		

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Tuairisc	Grúpa	P	U
110	Tionscadal taighde agus nuálaíochta	**IN**		-
120	Grúpa oibríochtúil CEN	**IN**		-
130	Feirm thaispeána	**IN**		-
140	Líonra feirmeoirí	**IN**		-
150	Líonra eile	**IN**		-
210	Córas faisnéise bainistíochta feirme	**FM**	-	
310	Róbataic le haghaidh táirgeadh barr	**PF**	-	
320	Teicnící ráta athraithigh	**PF**	-	
330	Faireachán beacht ar bharra	**PF**	-	
410	Faireachán ar leas agus sláinte ainmhithe	**LM**	-	
420	Córais beathaithe uathoibríocha	**LM**	-	
430	Aeráid an sciobóil a rialú go huathoibríoch	**LM**	-	
440	Róbait bhlite	**LM**	-	

TUAIRISC AR NA CATAGÓIRÍ

110 *Tionscadal taighde agus nuálaíochta*

Tionscadail taighde agus nuálaíochta (T&N) arna ndéanamh ag cuideachtaí, is é is aidhm dóibh táirgí agus seirbhísí nua a nuáil agus a thabhairt isteach nó an tairiscint atá ann cheana a fheabhsú. Féadfaidh sé gur toradh iad ar chomhar idir feirmeoirí, taighdeoirí agus gnólachtaí eile trí chur chuige ilghníomhaí lena bhfeabhsaítear na hiarrachtaí T&N agus glacadh feirmeacha leis na torthaí T&N.

120 *Grúpa oibríochtúil CEN*

Áirítear le tionscadal de chuid Ghrúpa Oibríochtúil na Comhpháirtíochta Eorpaí Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta comhpháirtithe ag a bhfuil eolas comhlántach (e.g. eolas eolaíoch, teicniúil, eagraíochtúil, etc.), a chomhchruthaíonn réitigh phraiticiúla don talmhaíocht, don fhoraoiseacht agus do phobail tuaithe i dtionscadal nuálaíochta. Féadfaidh gníomhaithe éagsúla ó na Córais Eorpacha um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS) a bheith san áireamh ann, lena n-áirítear feirmeoirí, foraoiseoirí, taighdeoirí, comhairleoirí, gnólachtaí, grúpaí comhshaoil, grúpaí sainleasa tomhaltóirí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, chun nuálaíocht don talmhaíocht, don fhoraoiseacht agus do cheantair thuaithe a chur chun cinn.

130 *Feirm thaispeána*

Rannchuidíonn feirm thaispeána (nó feirm thurgnamhach nó modhfheirm) le taighde nó bíonn teicnící talmhaíochta éagsúla á léiriú inti.

140 *Líonra feirmeoirí*

Is é is líonra feirmeoirí ann bealach d'fheirmeoirí chun faisnéis agus eolas teicniúil a mhalartú, agus chun deiseanna nasctha a chruthú go tráthrialta.

150 *Líonra eile*

Cuimsítear le líonra feirme eile tionscnaimh amhail LEADER agus sráidbhailte cliste.

210 *Córas faisnéise bainistíochta feirme*

Is uirlisí tacaíochta cinntí iad córais faisnéise bainistíochta, ar ríomhaire an duine féin nó trí chóras ar líne. Ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin, tá uirlisí amhail leabhar páirce digiteach nó tréadleabhar digiteach.

310 *Róbataic le haghaidh táirgeadh barr*

San áireamh leis seo tá innealra féintiomána, róbait pioctha caor, trealamh ardchruinnis bunaithe ar RTK-GPS (cruinneas 1 cm), agus eile. Cuimsítear freisin trealamh lena n-úsáidtear treoraíocht GPS chun táirgí cosanta plandaí (PPPanna) a úsáid agus trealamh le haghaidh spraeáil banda PPPanna.

320 *Teicnící ráta athraithigh*

I dteicnící ráta athraithigh, tá an ráta cur i bhfeidhm bunaithe ar shuíomh beacht nó ar cháilíochtaí an limistéir. Úsáidtear iad le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí feirmeoireachta seo a leanas:

— Leasúchán

— Cosaint plandaí

— Gortghlanadh

— Cur

— Plandú

— Eile

330 *Faireachán beacht ar bharra*

Teicnící faireacháin barr amhail:

— Stáisiúin aimsire

— Mapáil dhigiteach (mapáil cáilíochta ithreach, mapáil táirgeachta, mapáil i dtaca leis an Innéacs Fásra den Difríocht Normalaithe (NDVI))

— Scanadh ithreach

— Braiteoirí faireacháin táirgeachta

— Eile

410 *Faireachán ar leas agus sláinte ainmhithe*

Faireachán ar ainmhithe trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na teicnící seo a leanas:

— Faireachán le ceamaraí

— Faireachán ar fhuaimeanna

— Córais foláirimh

— Braiteoirí gníomhaíochta

— Rianú ainmhithe

— Faireachán sláinte (e.g. faireachán ar theocht, meáchan, bacaí nó maistíteas)

— Beatha a chlárú

— Ól a chlárú

— Eile

420 *Córais beathaithe uathoibríocha*

Le córais beathaithe uathoibríocha d'ainmhithe, déantar an próiseas beathaithe a uathoibriú agus a bharrfheabhsú, soláthar beatha comhsheasmhach rialaithe a chur ar fáil do na hainmhithe, agus saothar á íoslaghdú agus úsáid éifeachtúil acmhainní á háirithiú san am céanna.

430 *Aeráid an sciobóil a rialú go huathoibríoch*

Trealamh chun aeráid sciobóil a rialú go huathoibríoch, lena n-áirítear rialú teochta, aeráil, bainistíocht taise, rialú soilsithe, aláram agus córas faireacháin.

440 *Róbait bhlite*

Córais bhlite uathoibríocha a chuirtear in ionad bleán de láimh.

TUAIRISC AR NA COLÚIN

Rannpháirtíocht (P)

Tugann an cód le fios cé acu a ghlac nó nár ghlac an fheirm páirt i dtionscadail nó i líonraí nuálaíochta le 3 bliana anuas. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Níor ghlac

1 Ghlac

Glacadh (U)

Tugann an cód le fios cé acu a bhí nó nach raibh an teicneolaíocht áirithe faoi úinéireacht an fheirmeora, ar cíos aige nó á húsáid aige sa bhliain tuairiscithe. Féadfar a chur san áireamh ann úsáid na teicneolaíochta áirithe ag soláthraí seirbhíse má shonraítear sa chonradh nó sna sonraisc an teicneolaíocht a úsáideadh chun na hoibríochtaí feirmeoireachta a dhéanamh, sin nó má tá an feirmeoir ar an eolas faoin teicneolaíocht a úsáideadh trí eolas nó faisnéis dhíreach. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Ní raibh

1 Bhí

Tábla OF

Sciar táscach d'ioncam lasmuigh den fheirm

Struchtúr an tábla

		Colún
Grúpaí faisnéise		Cód
		C
OI	Ioncam lasmuigh den fheirm	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Tuairisc	Grúpa	C
100	An sciar d'ioncam lasmuigh den fheirm	OI	
200	Foinsí ioncaim lasmuigh den fheirm	OI	

Tagraíonn an grúpa faisnéise faoi ioncam lasmuigh den fheirm d'ioncam an fheirmeora ó fhostaíocht seachas obair feirme agus seachas *gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an bhfeirm* (GSEnna). Cuimsítear leis fostaíocht lasmuigh den fheirm agus féinfhostaíocht sealbhóra/bainisteora gan íocaíocht nó sealbhóra gan íocaíocht/nach bainisteoir é nó bainisteoir gan íocaíocht/nach sealbhóir é. Murab eol fós na luachanna ioncaim le haghaidh na bliana tuairiscithe LSIF, féadfaidh an tréimhse bhreathnóireachta a bheith ag tagairt don tréimhse thagartha ioncaim 12 mhí a tháinig roimhe, is é sin, an bhliain féilire nó chánach roimhe sin le haghaidh ioncam feirme agus ioncaim lasmuigh den fheirm araon (mar shampla, ioncam feirme agus ioncam lasmuigh den fheirm 2026 atá le cur san áireamh le haghaidh na bliana tuairiscithe LSIF 2027). An tréimhse bhreathnóireachta (i.e. an bhliain tuairiscithe LSIF nó an tréimhse thagartha ioncaim 12 mhí a tháinig roimhe) a chuireann gach Ballstát i bhfeidhm, cuirfear in iúl í don Choimisiún in am trátha le haghaidh bhunú an chórais ríomhairithe seachadta agus rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán seo.

Tá na catagóirí seo a leanas le hidirdhealú:

OF.OI.100.C. *An sciar d'ioncam lasmuigh den fheirm*

Tá an cion táscach d'ioncam lasmuigh den fheirm i gcomparáid le hioncam ó fheirmeoireacht agus GSE le sonrú (i.e., a thabhairt le fios cé acu níos airde nó níos ísle atá an t-ioncam lasmuigh den fheirm i gcomparáid leis an ioncam feirme, agus méid na difríochta eatarthu a shonrú). Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Ní ann d'aon ioncam lasmuigh den fheirm – i.e., tá an t-ioncam lasmuigh den fheirm cothrom le 0

1 Ioncam lasmuigh den fheirm, is foinse thánaisteach ioncaim é – i.e. is ísle an t-ioncam lasmuigh den fheirm ná 50 % i gcomparáid leis an ioncam ó fheirmeoireacht agus GSE

2 Ioncam lasmuigh den fheirm, is foinse mhór ioncaim é – i.e. tá an t-ioncam lasmuigh den fheirm idir 50 % agus 100 % i gcomparáid leis an ioncam ó fheirmeoireacht agus GSE

3 Is mó an t-ioncam lasmuigh den fheirm ná an t-ioncam ó fheirmeoireacht agus GSE – i.e. is mó ná 100 % an t-ioncam lasmuigh den fheirm i gcomparáid leis an ioncam ó fheirmeoireacht agus GSE

Féadfar an fhoirmle ríofa seo a leanas a úsáid chun sciar an ioncaim lasmuigh den fheirm a mheas:

$$\text{Sciar} = \frac{\text{Off – farm income}}{\text{Income from farming and OGA}} \times 100$$

Mar sin féin, ní gá an ríomh sin a dhéanamh agus níor cheart é a dhéanamh, go háirithe i gcás nach mbeadh aon chiall leis an toradh mar gheall ar luachanna ioncaim áirithe (e.g. ioncam diúltach).

OF.OI.200.C. *Foinsí ioncaim lasmuigh den fheirm*

Ní mór foinsí ioncaim lasmuigh den fheirm a thabhairt le fios murab ionann agus 0 an cód a úsáidtear chun OF.OI.100.C a líonadh isteach. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 Fostaíocht den chuid is mó

2 Féinfhostaíocht den chuid is mó

Tábla FP1

Cleachtais feirmeoireachta 1

Is éard is cleachtais feirmeoireachta comhshaoil agus aeráide ann aon ghníomhaíocht maidir le cosaint, gealltanas nó infheistíocht a dhéanann feirmeoir nó bainisteoir talún agus é d'aidhm ag an ngníomhaíocht dálaí comhshaoil na feirmeoireachta a fheabhsú, agus an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó.

Struchtúr an tábla

	Catagóir na gcleachtas feirmeoireachta	Cód (*)	
Grúpaí faisnéise		Limistéar	Cainníocht
		TA	**Q**
TI	Bainistiú curaíochta		—
SC	Cumhdach ithreach		—
OF	Leasachán orgánach		
AL	Leathadh aoil	—	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc	TA	Q
100	**TI**	Curaíocht thraidisiúnta		—
200	**TI**	Ní dhéantar aon churaíocht		—
300	**TI**	Curaíocht chaomhnaithe (íseal)		—

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc	TA	Q
400	**SC**	Clúdach fásúil geimhridh ar thalamh arúil		—
500	**SC**	Cumhdach luibheach i mbarra buana		—
600	**OF**	Úsáid múirín	—	
700	**OF**	Úsáid díleáiteán nó codán ilchothaitheach	—	
800	**OF**	Leasú glas		—
900	**OF**	Úsáid sloda séarachais	—	
1000	**AL**	Leathadh aoil	—	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA FP1

TI *Curaíocht*

I gcás gach iontrála, tá an limistéar (TA) faoi na cleachtais éagsúla bainistíochta curaíochta le taifeadadh. Tá an limistéar le tabhairt in áir (100 ár = 1 heicteár).

SC *Cumhdach ithreach*

I gcás gach iontrála, tá an limistéar faoi chumhdach (TA) le taifeadadh. Tá an limistéar le tabhairt in áir (100 ár = 1 heicteár).

OF *Leasachán orgánach*

I gcás gach iontrála, tá an chainníocht (Q) le taifeadadh, seachas aoileach glas, a bhfuil an limistéar (TA) le taifeadadh ina leith. Sonrófar cainníocht an leasacháin orgánaigh a úsáideadh le linn na bliana tuairiscithe i gcéadta cileagram (100 kg). I gcás leasú glas, tagraíonn an limistéar don limistéar iomlán ina gcuirtear barra a úsáidtear go sonrach chun na críche sin. Tá an limistéar le tabhairt in áir (100 ár = 1 heicteár).

AL *Leathadh aoil*

I gcás gach iontrála, tá an chainníocht (Q) le taifeadadh. Tabharfar an chainníocht le fios i gcéadta cileagram (100 kg).

Catagóirí na gcleachtas feirmeoireachta

100 *Curaíocht thraidisiúnta*

Curaíocht lena mbaineann aisiompú na hithreach, de ghnáth trí úsáid a bhaint as clár sceithe nó céachta diosca mar phríomhoibríocht curaíochta, agus trí úsáid a bhaint as bráca diosca ina dhiaidh sin chun an churaíocht thánaisteach a dhéanamh.

200 *Ní dhéantar aon churaíocht*

Cleachtas ina gcuirtear an barr go díreach isteach in ithir nár saothraíodh ó rinneadh an barr roimhe sin a bhuaint (dá ngairtear síolú díreach freisin). Baintear srianadh fiailí amach trí luibhicídí agus/nó mótú iomchuí a úsáid, agus coinnítear teicnící eile amhail barra idirmheánacha nó tearc-chur agus coinleach ar bun chun creimeadh a rialú. Ní chuirtear aon churaíocht i bhfeidhm idir buaint agus cur. Déanfar cleachtais síolaithe dhírigh a thaifeadadh sa chatagóir seo.

300 *Curaíocht chaomhnaithe (íseal)*

Tagraíonn curaíocht chaomhnaithe (íseal) do chleachtais nó do chóras curaíochta nach bhfuil aisiompú ithreach i gceist leo. Áirítear sa chatagóir seo modhanna curaíochta lena mbaineann leibhéil ísle suaite ithreach (e.g. curaíocht íosta, curaíocht fo-ithreach, neamh-aisiompú, nó aisiompú dromchla), chomh maith le curaíocht stéille nó curaíocht chriosach, curaíocht ladhar-eitrithe nó curaíocht ingearach agus curaíocht iomaire.

400 *Clúdach fásúil geimhridh ar thalamh arúil*

Is é seo an limistéar talún arúla atá clúdaithe (ní lom) i rith an gheimhridh. Tá an méid seo a leanas san áireamh ann:

— Limistéar a shaothraítear le barra geimhridh rialta

— Limistéar a shaothraítear le barra cumhdaigh, barra eatraimh agus/nó aon phlanda a chuirtear go sonrach chun creimeadh ithreach, torthúlacht agus cáilíocht, uisce, fiailí, lotnaidí, galair, bithéagsúlacht agus fiadhúlra a bhainistiú, idir buaint agus cur, le linn an gheimhridh.

— Talamh arúil a chumhdaítear le fuíoll plandaí agus le coinleach an tséasúir barr roimhe sin agus/nó talamh a chumhdaítear le móta (cumhdach scaoilte le hábhar nádúrtha amhail bruscar, féar gearrtha, tuí, duilliúr, fuíoll prúnála, coirt nó min sáibh, nó ábhar saorga amhail páipéar nó snáithíní sintéiseacha).

500 *Cumhdach luibheach i mbarra buana*

Limistéar a chumhdaítear le fásra luibheach, bíodh sé spontáineach nó curtha (lena n-áirítear barra cumhdaigh), ar limistéar talmhaíochta ar a bhfuil barra buana. Áirítear leis cumhdach luibheach idir na rónna i gcás fíonghort agus úllord a chuirtear i rónna, chomh maith leis an limistéar idir crainn in úlloird nach gcuirtear i rónna. Le go gcuirfí san áireamh é, ní mór cothabháil a bheith déanta ar an gcumhdach luibheach ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad le linn na bliana tuairiscithe.

600 *Úsáid múirín*

Is toradh é múirín ar an múiríniú, próiseas bitheolaíoch lena gcuirtear dramhaíl in-bhithdhíghrádaithe faoi dhianscaoileadh anaeróbach nó aeróbach agus as a n-eascraíonn táirge a úsáidtear ar an talamh nó chun damhnaí fáis nó substráití a tháirgeadh. Is iondúil go n-ullmhaítear múirín trí dhramhaíl plandaí agus bia a dhianscaoileadh, agus trí ábhair orgánacha agus aoileach a athchúrsáil.

700 *Úsáid díleáiteán nó codán ilchothaitheach*

Leathadh díleáiteán nó codán ilchothaitheach a aisghabhtar ó aoileach. Is iarmhar é an díleáiteán nach ndianscaoiltear sa phróiseas díleá anaeróbaigh ar an gcaoi chéanna a ndéanann an ceann chun bithghás a tháirgeadh. Tá cineálacha éagsúla codán agus díleáiteáin san áireamh sa chatagóir seo amhail an codán leachta aoiligh, na codáin aoiligh sholadaigh, díleáiteán ar aoileach é agus é sin amháin, comh-dhíleáiteán, codáin leachta díleáiteáin, tiúcháin de mhianracha aoiligh/díleáiteáin.

800 *Leasú glas*

An limistéar iomlán ina bhfuil barra curtha a úsáidtear le haghaidh leasú glas, déanfar é a thuairisciú. Is plandaí iad barra leasaithe ghlais a fhástar, a ghearrtar agus a ionchorpraítear san ithir chun torthúlacht na hithreach a fheabhsú. Úsáidtear mustard, raidis agus roinnt barra léagúmacha mar leasú glas. Ní mheasfar gur leasú glas é tuí nó iarmhair barr ó na príomhbharra a ionchorprú.

900 *Úsáid sloda séarachais*

Ábhar iarmharach, leathsholadach a tháirgtear mar fhotháirge le linn cóireáil séarachais ar fhuíolluisce tionsclaíoch nó bardasach.

1000 *Leathadh aoil*

Ábhair ar mhórán cailciam (Ca) agus maignéisiam (Mg) a leathadh ar ithir i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear dúrabhán, cailc, aolchloch, aol dóite nó aol hiodráitithe.

Tábla FP2

Cleachtais feirmeoireachta 2

Struchtúr an tábla

	Catagóir na gcleachtas feirmeoireachta	Cód (*)

Grúpaí faisnéise		Colúin
		Limistéar
		TA
CR	Uainíocht barr	
LU	Úsáidí sonracha talún	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc	TA
100	CR	Uainíocht barr	
200	LU	Agrafhoraoiseacht	
300	LU	Riascshaothrú	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA FP2 – Cleachtais feirmeoireachta 2

CR *Uainíocht barr*

Tá an limistéar iomlán (TA) le taifeadadh. Tá an limistéar le tabhairt in áir (100 ár = 1 heicteár).

LU *Úsáidí sonracha talún*

Tá an limistéar iomlán (TA) le taifeadadh. Tá an limistéar le tabhairt in áir (100 ár = 1 heicteár).

Catagóirí na gcleachtas feirmeoireachta

100 *Uainíocht barr*

Limistéar iomlán faoi uainíocht barr. Is éard atá in uainíocht barr an cleachtas ina n-athraítear na barra a fhástar i bpáirc ar leith i bpatrún nó seicheamh pleanáilte i mblianta barr as a chéile ionas nach bhfástar barra den speiceas céanna gan bhriseadh sa pháirc chéanna. Tá feidhm ag uainíocht barr maidir le talamh arúil a shaothraítear le haghaidh táirgeadh barr nó maidir leis an limistéar a chuirtear i leataobh (níos lú ná 5 bliana); measfar limistéar dáileachta talún mar chuid de scéim uainíochta barr i gcás nach ndearnadh é a phlandú nó a chlúdach go leanúnach leis an mbarr céanna nó nár fágadh branar é le 3 bliana anuas.

Ní chuirfear na barra seo a leanas san áireamh agus an limistéar faoi uainíocht barr á ríomh:

— Talamh arúil faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana;

— Beacáin shaothraithe.

200 *Agrafhoraoiseacht*

Is éard is agrafhoraoiseacht ann cineál córais úsáide talún ina n-úsáidtear ilbhliantóga adhmadacha (crainn, toir, etc.) d'aon ghnó san aonad talún bainistíochta céanna i dteannta barra talmhaíochta, féarthailte agus/nó ainmhithe.

300 *Riascshaothrú*

Limistéar faoin riascshaothrú, arna shainiú mar chineál úsáide talún ina n-úsáidtear talamh portaigh slán nó athfhliuchta chun bithmhais a tháirgeadh chun críoch tráchtála.

Tábla NM1

Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Stóráil aoiligh

Struchtúr an tábla

	Catagóir córais stórála aoiligh	Cód (*)

Grúpaí faisnéise		Colúin
		Sciar
		S
MS	Saoráidí stórála aoiligh	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc	S
100	Stóráil aoiligh sholadaigh i gcairn	
200	Aoileach soladach a stóráiltear i gcairn mhúirín	
300	Aoileach soladach a stóráiltear i gclaiseanna faoi ghaibhniú ainmhithe	
400	Aoileach soladach a stóráiltear i gcórais domhaineasrach	
500	Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear gan chlúdach uirthi	
600	Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear agus clúdach tréscaoilteach uirthi	
700	Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear agus clúdach neamhscagach uirthi	
800	Aoileach soladach a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	
900	Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile	
1000	Aoileach soladach a leatar go laethúil	
1100	Aoileach leachtach / sciodar a leatar go laethúil	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA NM1 – Stóráil aoiligh

MN *Saoráidí stórála aoiligh*

Déanfar sonraí a thuairisciú sna tuairisceáin feirme gach bliain. Mar sin féin, féadfar sonraí a thiomsú nó a bhailiú ar mhinicíocht níos ísle, ar choinníoll go ndéanfar é sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

Cumhdaítear leis na saoráidí stórála le haghaidh córais bainistithe aoiligh stóráil aoiligh sholadaigh agus aoiligh leachtaigh / sciodair.

— Is éard is aoileach leachtach ann fual ó ainmhithe clóis, lena n-áirítear, b'fhéidir, méid beag tuair agus/nó uisce. Tá suas le 4 % d'ábhar tirim ag aoileach leachtach. Aoileach i bhfoirm leachtach é sciodar, is é sin, meascán de thuar agus fual ainmhithe clóis, lena n-áirítear, b'fhéidir, uisce agus/nó méid beag easrach freisin. Is é 4-20 % an sciar de chion ábhair thirim. Chun críoch LSIF, breithnítear aoileach leachtach agus sciodar i dteannta a chéile.

— Is éard is aoileach soladach ann, lena n-áirítear aoileach clóis feirme, tuar ainmhithe clóis, bíodh easair ann nó ná bíodh, lena n-áirítear, b'fhéidir, méid beag fuail. Tá suas le 20 % d'ábhar tirim ag aoileach soladach. Déantar é a láimhseáil trí úsáid a bhaint as lódairí tosaigh agus / nó pící.

Tuairisc ar chatagóirí córas stórála aoiligh

100 *Stóráil aoiligh sholadaigh i gcairn*

Aoileach a stóráiltear i gcairn nó i gcruacha gan srian nó i limistéar faoi ghaibhniú oscailte, ar feadh tréimhse roinnt míonna de ghnáth. Féadfaidh na saoráidí sin díon a bheith orthu nó gan díon a bheith orthu, nó féadfaidh siad a bheith faoi chlúdach nó gan bheith faoi chlúdach.

200 *Aoileach soladach a stóráiltear i gcairn mhúirín*

Aoileach a stóráiltear i gcairn mhúirín srianta, a aeraítear agus/nó atá measctha.

300 *Aoileach soladach a stóráiltear i gclaiseanna faoi ghaibhniú ainmhithe*

Aoileach a stóráiltear gan mórán uisce bhreise nó gan aon uisce breise a bheith curtha leis, faoi bhun urlár lataí i saoráid iata gaibhnithe ainmhithe de ghnáth, ar feadh tréimhsí is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth. Áirítear leis sin domhaineasair eallaigh agus mucra, agus aoileach éanlaithe clóis gan easair.

400 *Aoileach soladach a stóráiltear i gcórais domhaineasrach*

Aoileach a charntar le linn timthriall táirgeachta, tréimhse a d'fhéadfadh a bheith chomh fada le 6 mhí nó 12 mhí.

500 *Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear gan chlúdach uirthi*

Aoileach a stóráiltear in umair gan chlúdach orthu, nó i linnte, ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth. Áirítear murlaigh anaeróbacha agus murlaigh cóireála aeróbaí gan chlúdach orthu.

600 *Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear agus clúdach tréscaoilteach uirthi*

Aoileach a stóráiltear in umair nó i linnte, ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth agus a bhfuil clúdach tréscaoilteach orthu (amhail cré, tuí nó screamh nádúrtha).

700 *Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear agus clúdach neamhscagach uirthi*

Aoileach a stóráiltear in umair nó i linnte, ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth agus a bhfuil clúdach neamhscagach (amhail clúdaigh poileitiléine ard-dlúis nó clúdaigh brú dhiúltaigh).

800 *Aoileach soladach a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile*

Aoileach soladach a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile

900 *Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile*

Aoileach leachtach / sciodar a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile

1000 *Aoileach soladach a leatar go laethúil*

Aoileach a bhaintear go tráthrialta de shaoráid ghaibhniúcháin agus a leatar ar thalamh curaíochta nó ar fhéarach laistigh de 24 uair an chloig óna eisfhearadh.

1100 *Aoileach leachtach / sciodar a leatar go laethúil*

Aoileach a bhaintear go tráthrialta de shaoráid ghaibhniúcháin agus a leatar ar thalamh curaíochta nó ar fhéarach laistigh de 24 uair an chloig óna eisfhearadh.

Tuairisc ar na colúin

Sciar (S)

Tagraíonn sé seo don sciar (i gcéatadáin) d'aoileach soladach féintáirgthe a stóráiltear i ngach cineál saoráide stórála (%) agus do na céatadáin aoiligh leachtaigh / sciodair féintáirgthe a stóráiltear i ngach cineál saoráide stórála (%).

Tábla NM2

Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Leathadh aoiligh

Struchtúr an tábla

	Catagóir na dteicnící leata aoiligh	Cód (*)

Grúpaí faisnéise		Colúin	
		Cód	
		Sciar	Cainníocht
		S	Q
MA	Teicnící leata aoiligh		

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc	S	Q
100	Leathadh agus meascadh aoiligh sholadaigh laistigh de 4 uair an chloig		-
110	Leathadh agus meascadh aoiligh leachtaigh / sciodair laistigh de 4 uair an chloig		-
120	Leathadh agus meascadh aoiligh sholadaigh laistigh de 4 uair an chloig		-
130	Leathadh agus meascadh aoiligh leachtaigh / sciodair laistigh de 4 uair an chloig		-
140	Leathadh aoiligh sholadaigh gan aon mheascadh		-
150	Leathadh aoiligh leachtaigh / sciodair gan aon mheascadh		-
160	Leathadh aoiligh leachtaigh / sciodair i stráice le píobán sraoilleach		-
170	Leathadh aoiligh leachtaigh / sciodair i stráice le crú sraoilleach		-
180	Instealladh aoiligh leachtaigh / sciodair scoilt éadomhain / oscailte		-
190	Instealladh aoiligh leachtaigh / sciodair scoilt dhomhain / dhúnta		-
200	Aoileach soladach a úsáidtear i bhféinghléasra bithgháis (arna fhéintáirgeadh)		
210	Aoileach soladach / sciodar a úsáidtear i bhféinghléasra bithgháis (arna fhéintáirgeadh)		
220	Onnmhairiú aoiligh sholadaigh ón bhfeirm	-	
230	Onnmhairiú aoiligh leachtaigh / sciodair ón bhfeirm	-	
240	Allmhairiú aoiligh sholadaigh isteach san fheirm	-	
250	Allmhairiú aoiligh leachtaigh / sciodair isteach san fheirm	-	

Catagóirí leata aoiligh

100 *Leathadh agus meascadh aoiligh sholadaigh laistigh de 4 uair an chloig 110 Leathadh agus meascadh aoiligh leachtaigh / sciodair laistigh de 4 uair an chloig, 120 Leathadh agus meascadh aoiligh sholadaigh tar éis 4 uair an chloig; 130 Leathadh agus meascadh aoiligh leachtaigh / sciodair laistigh de 4 uair an chloig; 140 Leathadh aoiligh sholadaigh gan aon mheascadh; 150 Leathadh aoiligh leachtaigh / sciodair gan aon mheascadh.*

Is féidir leathadh a dhéanamh chun aoileach soladach, aoileach leachtach agus sciodar a úsáid. I measc na dteicnící úsáide, tá leatóirí bosca, vaigíní umair, píobáin tarraingthe, agus córais uiscithe. Éilíonn modh an leata níos lú fuinnimh agus ama, agus bíonn patrún úsáide aonfhoirmeach ann mar thoradh air.

Is éard atá i gceist le haoileach a mheascadh láithreach teicnící lenar féidir aoileach soladach nó sciodar a mheascadh láithreach. Ar mhaithe le laghdú éifeachtach, is fearr go dtarlódh an meascadh chomh tapa agus is féidir. Ciallaíonn sé sin go ndéantar an t-aoileach arna scaipeadh a mheascadh go díreach trí bhíthin leatóir aoiligh nó sciodair, sin nó úsáidtear meaisín eile díreach i ndiaidh an leatóra, lena measctar an t-aoileach isteach san ithir (treabhadh siséil nó treabhadh diosca). Féadfar an tairseach 4 uair an chloig a mheas mar an neas-teorainn ama chun an meascadh láithreach a idirdhealú.

160 *Leathadh aoiligh leachtaigh / sciodair i stráice le píobán sraoilleach; 170 Leathadh aoiligh leachtaigh / sciodair i stráice le crú sraoilleach*

Is éard atá i gceist le leathadh banda leasachán a chur i sraith nó i suíomh tiubhaithe (banda) san ithir, 8-15 cm faoin dromchla de ghnáth. Féadfar bandaí leasacháin a chur in éineacht leis an síol, faoi bhun an tsíl, nó an dá rud.

Píobán sraoilleach: Scaoiltear sciodar ag leibhéal na talún chuig féar nó talamh arúil trí shraith de phíobáin sholúbtha. Is féidir an sciodar a leathadh idir rónna bairr atá ag fás.

Crú sraoilleach: De ghnáth scaoiltear sciodar trí phíopaí dochta a chríochnaíonn i 'mbróga' miotail atá deartha chun marcaíocht feadh dhromchla na hithreach, agus an barr á scaradh acu ionas go gcuirtear sciodar go díreach ar dhromchla na hithreach agus faoi bhun cheannbhrat na mbarr. Tá roinnt cineálacha crú shraoilligh deartha chun scoilt éadomhain a ghearradh san ithir chun cabhrú le hinsíothlú.

180 *Instealladh aoiligh leachtaigh / sciodair scoilt éadomhain / oscailte*

Instealladh éadomhain: aoileach leachtach a leathadh trína chur i sliotáin éadoimhne ingearacha, thart ar 50 mm ar doimhneacht agus 25-30 cm óna chéile de ghnáth, agus iad gearrtha san ithir trí bhíthin beann nó diosca; ar fhéarach is mó a úsáidtear iad de ghnáth.

190 *Instealladh aoiligh leachtaigh / sciodair scoilt dhomhain / dhúnta*

Instealladh domhain: sciodar nó aoileach leachtach a leathadh trína chur i sliotáin dhoimhne ingearacha, thart ar 150 mm ar doimhneacht agus 25-30 cm óna chéile de ghnáth, agus iad gearrtha san ithir trí bhíthin beann arna ndearadh go speisialta; tá na beanna feistithe le sciatháin chliathánacha a chuidíonn leis an leathadh san ithir; is iondúil go n-úsáidtear iad seo ar thalamh arúil toisc go bhfuil baol níos mó ann go ndéanfaidís dochar fisiceach do na báinseacha féir.

200 *Aoileach soladach a úsáidtear i ngléasra bithgháis (arna fhéintáirgeadh) 210 Aoileach soladach / sciodar a úsáidtear i bhféinghléasra bithgháis (arna fhéintáirgeadh)*

Aoileach a úsáideadh chun fuinnimh a tháirgeadh i ngléasraí bithgháis.

220 *Onnmhairiú aoiligh sholadaigh ón bhfeirm*

Is éard atá ann an chainníocht aoiligh sholadaigh a onnmhairítear ón bhfeirm lena húsáid go díreach mar leasachán nó atá beartaithe le haghaidh próiseáil thionsclaíoch, gan beann ar cé acu a dhíoltar, a mhalartaítear nó a thugtar ar láimh saor in aisce é. San áireamh leis freisin tá aoileach soladach a úsáideadh chun fuinneamh a tháirgeadh agus atá le hathúsáid sa talmhaíocht ag céim níos déanaí.

230 *Onnmhairiú aoiligh leachtaigh / sciodair ón bhfeirm*

Is éard atá ann an chainníocht aoiligh leachtaigh/sciodair a onnmhairítear ón bhfeirm lena úsáid go díreach mar leasachán nó atá beartaithe le haghaidh próiseáil thionsclaíoch, gan beann ar cé acu a dhíoltar, a mhalartaítear nó a thugtar ar láimh saor in aisce é. San áireamh leis freisin tá aoileach soladach a úsáideadh chun fuinneamh a tháirgeadh agus atá le hathúsáid sa talmhaíocht ag céim níos déanaí.

240 *Allmhairiú aoiligh sholadaigh isteach san fheirm; 250 Allmhairiú aoiligh leachtaigh / sciodair isteach san fheirm*

Is éard atá ann an chainníocht aoiligh a allmhairítear isteach san fheirm lena úsáid go díreach mar leasachán nó atá beartaithe le haghaidh próiseáil thionsclaíoch, gan beann ar cé acu a cheannaítear, a mhalartaítear nó a fhaightear saor in aisce é. San áireamh leis freisin tá aoileach soladach a úsáideadh chun fuinneamh a tháirgeadh agus atá le hathúsáid sa talmhaíocht ag céim níos déanaí.

Tuairisc ar na colúin

Sciar (S)

Tagraíonn sé don sciar (i gcéatadáin) aoiligh sholadaigh iomláin (féintáirgthe agus féinallmhairithe) a leathadh trí theicníc leata dhifriúil nó a úsáideadh i ngléasra bithgháis (%); agus don sciar (i gcéatadáin) aoiligh leachtaigh / sciodair iomláin (féintáirgthe agus féinallmhairithe) a leathadh trí theicníc leata dhifriúil nó a úsáideadh i ngléasra bithgháis (%).

Cainníocht (Q)

Sonrófar an chainníocht i gcéadta cileagram (100 kg) i gcás aoileach soladach agus i méadar ciúbach i gcás aoileach leachtach / sciodair.

Tábla NM3

Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Ionchur beatha

Struchtúr an tábla

	Catagóir beatha	Cód (*)	
Grúpaí faisnéise		Colúin	
		Cód	
		Cainníocht	Líon ainmhithe
		Q	N
FI	Ionchur beatha		

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Catagóir beatha	Q	N
100	Gránaigh		-
110	Olashíolta agus a ndíorthaigh		-
120	Barra próitéine agus a ndíorthaigh		-
130	Fotháirgí an tionscail próiseála		-
140	Bulcfharae coipthe (féarlas agus sadhlas)		-
150	Farae snáithín neamhshadhlais		-
160	Saillte agus olaí		-
170	Mianraí		-
180	Tiúcháin		-
190	Breiseáin bheathaithe chun meatán a laghdú	-	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA NM3 – Ionchur beatha

FI *Ionchur beatha*

Maidir le catagóirí 100 go 180, tagraíonn cainníocht beatha don mhéid beatha a allmhairítear isteach san fheirm (a cheannaítear nó a fhaightear saor in aisce) agus a úsáidtear le haghaidh beatha ainmhithe le linn na bliana cuntasaíochta, agus ba cheart í a thaifeadadh. Sloinnfear an chainníocht i gcéadta cileagram (100 kg).

Maidir le catagóir 190, ba cheart taifead a dhéanamh de líon na mbó déiríochta agus na n-ainmhithe atáirgthe den speiceas buaibheach a bheathaítear i stábla agus a dtugtar an breiseán 3-NOP dóibh chun astaíochtaí meatáin ó choipeadh eintreach a laghdú.

Tuairisc ar na catagóirí:

100 Gránaigh

Lena n-áirítear: cruithneacht bhog agus cruithneacht dúraim, arbhar Indiach, eorna, coirce, triteacál, sorgum, seagal

110 Olashíolta agus a ndíorthaigh

Lena n-áirítear: min síl ráibe eastósctha, min lus na gréine eastósctha, olashíolta eastósctha, calóga, olashíolta eile agus a ndíorthaigh

120 Barra próitéine agus a ndíorthaigh

Lena n-áirítear: pónairí soighe lánsaille/easbhrúite (íosmhéid 18 % de chion saille amh), barra próitéine easbhrúite eile (piseanna farae, pónairí leathana, lúipíní), min pónaire soighe eastósctha, táirgí pónaire soighe eile (calóga agus millíní mine soighe), alfalfa triomaithe (millíní agus min), barra próitéine eile agus a ndíorthaigh

130 Fotháirgí an tionscail próiseála

Lena n-áirítear: gránaigh agus arbhar Indiach DDGS/WDGS, beathú glútain arbhair (CGF) tirim agus fliuch, min ghlútain arbhair (CGM), ginidín arbhair Indiaigh, laíon biatais, molás, fotháirge den bhracadh (bran), fotháirgí déiríochta, fotháirgí an tionscail beorach, fotháirgí cannadóireachta, fotháirgí eile an tionscail próiseála

140 Bulcfharae coipthe (féarlas agus sadhlas)

Lena n-áirítear: arbhar Indiach le cobaí (CCM) agus duilleoga, farae glas féir (siúcra, sorgum, seagal, eorna), foráiste glasraí leagúmacha (alfalfa, seamair, etc.), praiseacha foráiste (tornapa ráibe, cabáiste farae), meascán farae ghlais (fómhar, earrach), farae fréimhe, tiúbair agus *Cucurbitaceae*, bulcfharae coipthe eile (féarlas agus sadhlas)

150 Farae snáithín neamhshadhlais

Lena n-áirítear: féar tirim, tuí, féarach, farae snáithín neamhshadhlais eile

160 Saillte agus olaí

170 Mianraí

Lena n-áirítear: ábhair ina bhfuil cion fosfáite, aolchloch, salann, etc.)

180 Tiúcháin

Lena n-áirítear: beatha iomlán, bainne púdrach, beatha chomhlántach, réamh-mheascáin

190 Breiseáin bheathaithe chun meatán a laghdú

Breiseán beathaithe 3-NOP chun astaíochtaí meatáin ó choipeadh eintreach a laghdú. Ní féidir é a thabhairt ach do bha déiríochta agus d'ainmhithe atáirgthe amháin, agus ní féidir é a thabhairt dóibh sin ach amháin i gcás ina mbeathaítear iad i stábla.

Tábla ST

Tástáil ithreach

Tá an fhaisnéis seo roghnach le haghaidh na mBallstát. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a sholáthar, féadfar torthaí tástála ithreach a thíolacadh má tá siad ar fáil agus má rinneadh iad le 5 bliana anuas. Baineann an tástáil ithreach le dáileacht talún aonair, an áit ar tharla an tsampláil. Má rinneadh níos mó ná tástáil amháin ar an dáileacht talún chéanna le 5 bliana anuas, tá an tástáil is déanaí le soláthar. Má tá sonraí ar fáil a bhaineann le níos mó ná dáileacht talún amháin, is féidir níos mó ná iontráil amháin a dhéanamh.

Struchtúr an tábla

	Uimhir aitheantais na dáileachta talún	Cód (*)	
	Catagóirí tástála	Cód (**)	

Grúpaí faisnéise		Cainníocht
		Q
ST	Tástáil ithreach	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (**)	Tuairisc	Q
100	Dlús toirte sa bharrithir (g/cm³)	
110	Dlús toirte san fho-ithir (g/cm³)	
120	Acmhainn coinneála uisce na hithreach (% de thoirt an uisce / toirt na hithreach sáithithe)	
130	Ráta creimthe na hithreach (tona/ha/bliain)	
140	Riospráid bunaidh na hithreach (mm³ O_2/g/uair) in ithir thirim	
150	Uigeacht na hithreach	
160	Aigéadacht na hithreach (pH)	
170	Tiúchan carbóin orgánaigh san ithir (SOC) (g/kg)	
180	Seoltacht leictreach (deci-Siemen in aghaidh an mhéadair)	
190	$CaCO_3$ (m/m %)	
200	Nítrigin san ithir (g/cm³)	
210	Fosfar ineastóctha (mg/kg) (de réir ISO 11263:1994)	
220	K_2O (mg/kg)	
230	Cd (µg/kg)	
240	Cu (µg/kg)	
250	Pb (µg/kg)	
260	Zn (µg/kg)	

Tábla BD1

Bithéagsúlacht – Gnéithe tírdhreacha

Struchtúr an tábla

Grúpa Faisnéise		Colúin	
LF	Cineálacha gnéithe tírdhreacha	Láithreacht	Limistéar
		P	TA

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Grúpa	Tuairisc	P	TA
100	**LF**	Léibhinn		
110	**LF**	Fálta sceach, ina n-aonair nó grúpa crann, rónna crann		
120	**LF**	Imill pháirce, paistí nó stiallacha maoláin		
130	**LF**	Claíocha		
140	**LF**	Sruthanna		
150	**LF**	Linnte beaga		
160	**LF**	Bogaigh bheaga		

Cód	Grúpa	Tuairisc	P	TA
170	**LF**	Ballaí cloiche		
180	**LF**	Cairn		
190	**LF**	Gnéithe cultúrtha		
200	**LF**	Eile		

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA BD1 – Gnéithe tírdhreacha

LF: Gnéithe tírdhreacha. Ní mór do gach gabháltas láithreacht (P) gnéithe tírdhreacha ar limistéar na feirme a thaifeadadh.

Na cóid atá le húsáid:

0 Ní hea

1 Is ea

Tá sé roghnach limistéar na ngnéithe tírdhreacha a thaifeadadh. Tá an limistéar (TA) le tabhairt in áir (100 ár = 1 heicteár).

Tuairisc ar na catagóirí

100 *Léibhinn*

Is struchtúir antrapaigineacha iad leicne cnoic léibheannaithe a chruthaítear chun an riosca creimthe a laghdú, arb é atá iontu 'céim' amháin nó níos mó (stráiceanna crochta atá faoi chumhdach ag fásra buan adhmadach nó féarach nó ballaí cloiche) agus 'bloic thalún' (stráicí cothroma a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta, arna ndeighilt ag na céimeanna). Meastar gur cuid bhunúsach de léibhinn é fásra luibheach.

110 *Fálta sceach, ina n-aonair nó grúpa crann, rónna crann*

Cuimsítear leis crainn aonair, crainn ina sraith, fálta sceach, fásra adhmadach bruachánach (ar feadh cúrsa uisce), nó aon stiall chúng (<20 m) talún atá faoi chlúdach crann agus tor i gcomhthéacs talmhaíochta. Féadfar a chur san áireamh sa chineál seo freisin grúpaí beaga crann, roschoillte páirce, nó aon ghrúpa beag fásra leathnádúrtha adhmadach i gcomhthéacs talmhaíochta. I gcás ina bhfuil ciseal féir (luibhe) faoin bhfásra adhmadach, meastar go gcuimsítear an ciseal féir foluiteach leis an ngné adhmadach freisin. Is é 0,5 ha an t-achar uasta le haghaidh gné tírdhreacha adhmadach.

120 *Imill pháirce, paistí nó stiallacha maoláin*

Is éard atá in imill pháirce, paistí nó stiallacha maoláin fásra luibheach leathnádúrtha buan (féar agus/nó luibheanna ilbhliantúla de ghnáth) atá sa chomhthéacs talmhaíochta, agus nach n-úsáidtear go díreach le haghaidh innilte, nó táirgeadh farae. Féadfar a chur san áireamh sa chineál seo imill pháirce, stiallacha maoláin (ar feadh díoga nó linnte), nó aon phíosa beag eile d'fhásra luibheach leathnádúrtha fad atá siad idir páirceanna curaíochta nó páirceanna barr buan. Is é 1 m leithead íosta an chineáil seo gné tírdhreacha (chun marthanacht a áirithiú). Mar sin féin, eisiatar leis an gcineál seo gné tírdhreacha dáileachtaí féarthailte a bhainistítear go gníomhach (a úsáidtear le haghaidh innilte nó táirgeadh farae), agus paistí móra féarthailte nádúrtha agus leathnádúrtha (níos leithne ná 20 m). Ina theannta sin, eisiatar rianta feirme ar a bhfuil féar, agus stiallacha féir idir na rónna fíonghort/úllord freisin (déanfar iad a thaifeadadh faoi athróg 680), agus ní chlárófar ach oiread 'imill féir' atá in aice le paistí féarthalún. Ní áirítear le gnéithe tírdhreacha buana féir/luibhe an tsraith féir faoi ghné adhmadach, ná fásra réisc fhliuch. Áirítear leis fásra luibheach sealadach, arb é atá ann stiallacha cúnga de thalamh curaíochta inar cuireadh barra neamhtháirgiúla nó fásra branair (fiaile) ar mhórán bláthanna laistigh de thalamh arúil nó barra buana (feadh imeall páirceanna de ghnáth), arna gcur d'aon ghnó ag na feirmeoirí chun tacú leis an mbithéagsúlacht.

Ní áirítear leis limistéir i dtábla I faoi chatagóirí 30100 (féarach agus móinéar), 30200 (féarach garbh), 30300 (féarthalamh buan).

130 *Díoga, 140 Sruthanna*

San áireamh sa chineál seo tá sruthchúrsaí beaga sa chomhthéacs talmhaíochta, lena n-áirítear dromchla uisce oscailte sruthanna, díog agus cainéal beag, agus an fásra réisc in aice leo suas le huasleithead 20 m. Díoga atá tirim tráth na breathnóireachta, féadfar iad a chlárú freisin i gcás ina léirítear san fhásra go mbíonn uisce ann go tráthrialta. Nithe a eisiatar: Eisiatar foirgnimh shaorga (cainéil ar a bhfuil ballaí coincréite agus tógálacha faoi thalamh).

150 *Linnte beaga, 160 Bogaigh bheaga*

Áirítear ar na gnéithe tírdhreacha seo gnéithe tírdhreacha sceadacha ar saintréithe dá gcuid iad bogaigh agus dobharlaigh sa chomhthéacs talmhaíochta suas le huasmhéid 0,5 ha. San áireamh sa chineál seo tá cnuasaigh ciúinuisce arna bhfoirmiú go nádúrtha (e.g. bogaigh, locha, murlaigh nádúrtha, limistéir úscaíola) nó go saorga (e.g. claiseanna agus poill uisce). D'fhéadfadh linnte beaga croílár uisce oscailte agus bogach in aice láimhe a bheith iontu, ar saintréithe dá gcuid iad fásra réisc (e.g. giolcarnach nó cíbleach), atá oiriúnaithe do láithreacht rialta uisce dromchla agus d'ardleibhéil uisce agus a bhíonn ag brath ar an láithreacht uisce sin. Nithe a eisiatar: taiscumair a bhfuil líneáil coincréite nó plaistigh iontu, agus loig a úsáidtear mar láithreáin líonta talún.

170 *Ballaí cloiche, 180 Cairn*

Áirítear leis an gcineál seo gné tírdhreacha cairn charraige nó chloiche i gcomhthéacs talmhaíochta, agus tírdhreacha talmhaíochta léibheannaithe. Féadfaidh gnéithe den sórt sin a bheith nádúrtha (e.g. clocha tuata) nó de dhéantús an duine, nithe stairiúla go minic (e.g. ballaí cloiche tirime, carnáin réitigh, léibhinn). Má tá na ballaí cloiche faoi chlúdach crann agus tor (*liana*), déanfar an dá ghné a chlárú.

190 *Gnéithe cultúrtha*

Féadfaidh séadchomharthaí, láithreáin seandálaíochta, réada oidhreachta cultúrtha (cosúil le *shadoof*, dumhaí adhlactha), foirgnimh stairiúla/traidisiúnta a bheith i measc na ngnéithe tírdhreacha seo.

Tábla BD2

Bithéagsúlacht – Rialú bitheolaíoch agus bainistiú féarthalún

Struchtúr an tábla

	Catagóir na gcleachtas feirmeoireachta	Cód (*)		
		Limistéar	Am, Roghnach	Cód
		TA	**T**	**C**
BI	Rialú bitheolaíoch	—	—	
GR	Bainistíocht féarthalún			

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc	TA	C	T Roghnach
100	**BI**	Rialú bitheolaíoch	—		—
110	**BI**	Rialú bitheolaíoch le substaintí miocróbacha	—		—
120	**BI**	Rialú bitheolaíoch le substaintí macróbacha	—		—
130	**BI**	Rialú bitheolaíoch le séimiceimiceáin	—		—
140	**BI**	Rialú bitheolaíoch le substaintí nádúrtha	—		—
200	**GR**	Baintear an limistéar uair sa bhliain		—	—
210	**GR**	Baintear an limistéar dhá uair sa bhliain		—	—
220	**GR**	Baintear an limistéar trí huaire nó níos mó sa bhliain		—	—

Cód (*)	Grúpa	Tuairisc	TA	C	T Roghnach
250	**GR**	Athshíolú féarthalún		—	—
260	**GR**	Treabhadh féarthalún		—	—
270	**GR**	Tráth na chéad bhainte	—	—	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA BD2

BI *Rialú bitheolaíoch*

Tá na códuimhreacha seo a leanas (C) le húsáid:

0 níor cuireadh an cleachtas i bhfeidhm ar an bhfeirm le linn na bliana tuairiscithe

1 cuireadh an cleachtas i bhfeidhm ar an bhfeirm le linn na bliana tuairiscithe

GR *Bainistíocht féarthalún*

Maidir le catagóirí 200 go 260, tuairisceofar an limistéar (TA) in acraí (1 ha = 100 acra), maidir le catagóir 270 ba cheart tráth na chéad bhainte (T) a thabhairt le fios. Tá sé roghnach tráth na chéad bhainte a thabhairt le fios.

Catagóirí rialaithe bhitheolaíoch

100 Ciallaíonn 'rialú bitheolaíoch' orgánaigh atá díobhálach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a rialú trí úsáid a bhaint as modhanna nádúrtha de thionscnamh bitheolaíoch nó substaintí atá comhionann leo, amhail miocrorgánaigh, séimiceimiceáin, úisc ó tháirgí plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), nó macra-orgánaigh inveirteabracha.

110 Substaintí macróbacha: orgánaigh ilcheallacha: feithidí, fíneoga creachóireacha, foichí seadánacha, agus néimeatóidí tairbhiúla a mbíonn lotnaidí á n-ithe acu. Sonraí roghnacha.

120 Substaintí miocróbacha: orgánaigh ilcheallacha: baictéir (e.g. *Bacillus thuringiensis*) fungais (e.g. *Trichoderma*), víris, agus a ndíorthaigh. Sonraí roghnacha.

130 Séimiceimiceáin: ceimiceáin a bhíonn á scaoileadh ag orgánaigh chun difear a dhéanamh d'iompar orgánach eile (e.g. fearamóin, ailléiliceimiceáin). Sonraí roghnacha.

140 Substaintí nádúrtha: a dhíorthaítear ó ábhair nádúrtha amhail ainmhithe, plandaí, baictéir, agus mianraí áirithe. Sonraí roghnacha.

Catagóirí bainistíochta féarthalún

200 go 220 Maidir le féarthalamh a baineadh le linn na bliana tuairiscithe, tá an limistéar a baineadh uair amháin, faoi dhó, faoi thrí nó níos mó le linn na bliana tuairiscithe le tuairisciú, ina áir (100 ár = 1 heicteár).

250 Athshíolú féarthalún

Is é seo an limistéar féarthalún ar ar cuireadh síolta nua féir, is cuma cé acu a treabhadh an féarthalamh roimhe sin nó nár treabhadh.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

260 Treabhadh féarthalún

Is é seo an limistéar féarthalún a treabhadh le linn na bliana tuairiscithe, trí theicnící curaíochta traidisiúnta (féach an sainmhíniú i dtábla FP1). Limistéir féarthalún a saothraíodh trí mhodhanna curaíochta caomhnaithe a úsáid (féach an sainmhíniú i dtábla FP1), ní chuirfear san áireamh anseo iad.

270 Tráth na chéad bhainte, sin an tréimhse den bhliain inar baineadh an chuid is mó den limistéar féarthalún den chéad uair. Tá an fhaisnéis seo roghnach le haghaidh na mBallstát

Úsáidfear na cóid seo a leanas le haghaidh Cholún (T):

1 Eanáir

2 Feabhra

3 An chéad leath de Mhárta

4 An dara leath de Mhárta

5 An chéad leath d'Aibreán

6 An dara leath d'Aibreán

7 An chéad leath de Bhealtaine

8 An dara leath de Bhealtaine

9 An chéad leath de Mheitheamh

10 An dara leath de Mheitheamh

11 An chéad leath d'Iúil

12 An dara leath d'Iúil

13 An chéad leath de Lúnasa

14 An dara leath de Lúnasa

15 Meán Fómhair

16 Deireadh Fómhair

17 Samhain

18 Nollaig

Tábla WT

Bainistiú uisce

Struchtúr an tábla

	Catagóir bainistíochta uisce	Cód (*)
Grúpaí faisnéise		Colúin
		C
WS	Foinse uisce	
PT	Téarmaí íocaíochta	
BM	Dea-chleachtais bhainistíochta a ghlacadh	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc	Grúpa	C
100	Foinse	**WS**	
200	Téarmaí íocaíochta	**PT**	
300	Sceidealú uiscithe a ghlacadh	**BM**	
400	Córais aisghabhála bunuisce	**BM**	

Tuairisc ar na catagóirí:

100 *Foinse*

Tá na cóid seo a leanas le húsáid chun **príomhfhoinse** uisce an ghabháltais le haghaidh uisciúcháin a thabhairt le fios:

1 Stóráil báistí

2 Sruthchúrsaí dromchla nádúrtha nó shaorga

3 Screamhuisce

4 Soláthar uisce príomhlíonra

5 Athúsáid fuíolluisce (uisce athshlánaithe) ([12])

6 Eile

7 Níl aon chóras uisciúcháin ar an bhfeirm

200 *Téarmaí íocaíochta le haghaidh uisce don uisciú*

Na cóid atá le húsáid:

1 Níor íocadh as uisce

2 Íocadh táille bunaithe ar achar na talún a uiscíodh

3 Íocadh táille bunaithe ar thoirt an uisce

4 Módúlachtaí íocaíochta eile

300 *Sceidealú uiscithe a ghlacadh*

Na cóid atá le húsáid:

0 Níor íoc

1 D'íoc

Tagraíonn sceidealú uiscithe do chóras uiscithe ina gcuirtear uisce ar an saothrú de réir sceidil réamhchinntithe atá bunaithe ar fhaireachán a dhéanamh ar stádas uisce na hithreach agus ar na ceanglais uisce maidir leis na barra.

400 *Aisghabháil bunuisce*

Na cóid atá le húsáid:

0 Níor aisghabh

1 D'aisghabh

([12]) Sainítear é seo mar fuíolluisce uirbeach a cóireáladh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 91/271/CEE agus a eascraíonn as cóireáil bhreise i saoráid athshlánaithe i gcomhréir le Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/741.

Is éard is aisghabháil bunuisce ann uisce uisciúcháin inaisghabhála a ritheann chun srutha a athbhailiú, agus cuirtear i bhfeidhm é chun soláthairtí uisce uisciúcháin a chaomhnú agus/nó chun cáilíocht an uisce lasmuigh den láthair a fheabhsú. Is éard is córas aisghabhála bunuisce uisciúcháin ann córas uisciúcháin ina bhfuil roinnt saoráidí suiteáilte chun bunuisce uisciúcháin a bhailiú, a stóráil agus a iompar lena athúsáid.

Tábla I2

Úsáid táirgí cosanta plandaí

Struchtúr an tábla

Uimhir aitheantais na dáileachta talún (roghnach)	Cód (*)
Catagóir bairr (roghnach)	Cód (**)
Aonad	Cód (***)
Substaint ghníomhach	Cód (****)

Grúpaí faisnéise		Colúin
		Cainníocht
		Q
PP	Úsáid táirgí cosanta plandaí	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA I1

Is trí shubstaintí gníomhacha a sholáthrófar cainníocht an táirge cosanta plandaí a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana tuairiscithe.

Tá na catagóirí bairr i gcomhréir leis an liosta barr mar atá i dTábla I. Na sonraí a sholáthraítear ar leibhéal na mbarr, tá siad roghnach le haghaidh na mBallstát.

Is féidir níos mó ná iontráil amháin a dhéanamh.

Tá na cineálacha cód bairr le roghnú ón liosta thíos:

Cód (***)	Tuairisc
1	**Graim**
2	**Millilítir**
3	**Eile**

Uimhir aitheantais na dáileachta talún

Ní mór go gcuimseofaí in uimhir aitheantais na dáileachta talún aitheantas na dáileachta talún tagartha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún ([13]) agus aitheantas na dáileachta talún talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún ([14]). Na sonraí a sholáthraítear ar leibhéal na mbarr, tá siad roghnach le haghaidh na mBallstát.

([13]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht (IO L 183, 8.7.2022, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1172/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta (IO L 183, 8.7.2022, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1173/oj).

Tuairisc ar na colúin

Cainníocht (Q): Cainníocht an táirge (substaint ghníomhach) a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana tuairiscithe.

Tábla J1

Úsáid ábhar frithmhiocróbach

Struchtúr an tábla

Cineálacha substaintí gníomhacha	Cód (*)
Aonad	Cód (**)

Grúpaí faisnéise		Colúin
		Cainníocht
		Q
AU	Úsáid ábhar frithmhiocróbach	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA J1

Úsáid ábhar frithmhiocróbach (AU)

Ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáidtear le linn na bliana tuairiscithe sa táirgeadh beostoic chun sláinte agus táirgiúlacht a choinneáil ar bun.

Tuairisc ar na colúin

Cainníocht (Q)

Cainníocht iomlán na n-ábhar frithmhiocróbach a d'úsáid substaintí gníomhacha le linn na bliana tuairiscithe.

Tá na cineálacha cód bairr le roghnú ón liosta thíos:

Cód (**)	Tuairisc
1	**Graim**
2	**Millilítir**
3	**Eile**

Tábla CS

Scéimeanna deimhniúcháin don chomhshaol

Struchtúr an tábla

	Catagóir scéimeanna deimhniúcháin	Cód (*)		

Grúpaí faisnéise		Colúin		
		C	Y	S
CS	Stádas agus saintréithe deimhniúcháin			

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc	C	Y	S
10	Deimhniú caighdeánach UNI-EN-ISO 14001			-
20	Deimhniú EMAS			-
30	Deimhniú feirmeoireachta carbóin			-
40	Scéimeanna deonacha deimhniúcháin idirnáisiúnta eile nó éicilipéid dheonacha idirnáisiúnta eile			
50	Scéimeanna náisiúnta deonacha eile			

Le scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh táirgí talmhaíochta agus earraí bia, tugtar dearbhú (trí shásra deimhniúcháin) gur cloíodh le saintréithe nó airíonna áirithe de chuid an táirge nó lena mhodh nó córas táirgthe.

Eisiatar leis sin an méid seo a leanas: scéimeanna deimhniúcháin don chomhshaol a thagraíonn d'fheirmeoireacht orgánach, mura n-áirítear leo ceanglais bhreise i gcomparáid le Rialachán (AE) 2018/848.

TUAIRISC AR NA CATAGÓIRÍ

10 *Deimhniú caighdeánach UNI-EN-ISO 14001*

Tá córas bainistíochta cáilíochta um dheimhniú ag an bhfeirm lena gcomhlíontar caighdeán UNI-EN-ISO 14001.

20 *Deimhniú EMAS*

Tá deimhniú EMAS ag an bhfeirm (an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil, Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]))

30 *Deimhniú feirmeoireachta carbóin*

Tá deimhniú feirmeoireachta carbóin ag an bhfeirm ([16]).

40 *Scéimeanna deimhniúcháin deonacha idirnáisiúnta eile nó éicilipéid dheonacha idirnáisiúnta eile*

Tá an fheirm deimhnithe faoi scéim deimhniúcháin/éicilipéad a aithnítear go hidirnáisiúnta san earnáil talmhaíochta/bia

50 *Éicilipéid náisiúnta dheonacha eile*

Tá an fheirm deimhnithe faoi scéim deimhniúcháin/éicilipéad náisiúnta (nó fonáisiúnta) san earnáil talmhaíochta/bia, a aithnítear go hoifigiúil ar leibhéal na mBallstát.

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1221/oj).

([16]) De réir bhrí an tsainmhínithe sa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin – COM/2022/672 final - 2022/0394(COD)

Maidir le hathróga 30, 40 agus 50, tá scéimeanna deimhniúcháin deonacha nó éicilipéid le taifeadadh má chomhlíonann siad na buncheanglais seo a leanas mar a leagtar amach i dtreoirlínte an Choimisiúin maidir le scéimeanna deimhniúcháin deonacha le haghaidh táirgí talmhaíochta (2010/C 341/04) ([17]):

— An deimhniú maidir le comhlíonadh cheanglais na scéime, is é a dhéanann é comhlacht neamhspleách arna chreidiúnú ag na comhlachtaí seo a leanas:

  — an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe arna cheapadh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]), i gcomhréir leis na caighdeáin agus treoracha ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta ina leagtar amach ceanglais ghinearálta le haghaidh comhlachtaí a oibríonn córais deimhnithe táirgí, nó —

  — comhlacht creidiúnaithe a shínigh an socrú aitheantais iltaobhach maidir le deimhniú táirgí de chuid an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (IAF)

TUAIRISC AR NA COLÚIN

Stádas deimhniúcháin (C)

Na cóid atá le húsáid:

0 níl an fheirm deimhnithe

1 tá deimhniú gníomhach bailí ag an bhfeirm

2 tá tús curtha ag an bhfeirm leis an bpróiseas deimhniúcháin ach níl sé curtha i gcrích go fóill

Bliain (Y)

An bhliain inar cuireadh tús go foirmiúil leis an bpróiseas deimhniúcháin. Tá gá le ceithre dhigit don bhliain.

Earnálacha a chumhdaítear (S)

Tagraíonn an fhaisnéis seo don tacar caighdeán, táscairí, critéar agus gealltanas nach mór don fheirm a leanúint chun an deimhniú a fháil agus a choinneáil ar bun. Is féidir níos mó ná rogha amháin a dhéanamh:

1 Feirmeoireacht orgánach fheabhsaithe: tá an t-éicilipéad/scéim bunaithe ar Rialachán (AE) 2018/848 (agus i gcomhréir leis) ach tugtar ceanglais bhreise nó ceanglais níos déine isteach leis an éicilipéad/scéim

2 Feirmeoireacht carbóin: áirítear ann gach cleachtas arb é is aidhm dó ceapadh carbóin a mhéadú agus/nó astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht a laghdú, trí theicnící bainistithe ithreach nó trí chleachtais eile

3 Úsáid agus bainistiú cothaitheach: áirítear leis aon chleachtas/gealltanas maidir le húsáid cothaitheach, srian ar úsáid leasachán, e.g. cainníocht, foinse/cineál an chothaithigh (orgánach, mianrach etc.), teicnící leata, uainiú

4 Leas agus sláinte ainmhithe: áirítear leis bearta/gealltanas maidir le dálaí tithíochta (liúntas spáis, aeráil, solas, teocht, bogthaise etc.), rochtain ar innilt amuigh faoin aer agus ar spás amuigh faoin aer, teorainneacha ar úsáid ábhar frithmhiocróbach

([17]) Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte dea-chleachtais an Aontais maidir le scéimeanna deonacha deimhniúcháin le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí (IO C 341, 16.12.2010, lch. 5).

([18]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj).

5 Bainistiú comhtháite lotnaidí: bearta chun úsáid táirgí cosanta plandaí a bharrfheabhsú agus a theorannú, de réir na bprionsabal a bunaíodh le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19])

6 Tacaíocht don bhithéagsúlacht: áirítear leis aon chleachtas arb é is aidhm dó tacú leis an mbithéagsúlacht fheidhmiúil (pailneoirí, creachadóirí lotnaidí), amhail gnéithe tírdhreacha a bhunú agus a choinneáil ar bun, gnáthóga leathnádúrtha, stiallacha bláthanna a phlandáil, tearmainn agus foscadh d'fheithidí agus d'éin, mamaigh bheaga etc.

7 Foraoiseacht: áirítear inti cleachtais a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe foraoisí

Tábla EN

Fuinneamh

Struchtúr an tábla

	Catagóir táirgeachta	Cód (*)	
Grúpaí faisnéise		Colúin	
		Sciar an riachtanais fuinnimh	Cód
		S	C
EP	Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm		-
EF	Saoráidí táirgthe fuinnimh in-athnuaite	-	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Grúpa	Tuairisc	Sciar na riachtanas fuinnimh a chumhdaítear leis an bhfoinse seo	Cód
100	EP	Leictreachas féintáirgthe ó fhoinsí in-athnuaite (gaoth, grian, bithghás, hidreachumhacht)		-
200	EP	Breoslaí téimh féintáirgthe ó fhoinsí in-athnuaite (adhmad tine, millíní, tuí, grianfhuinneamh, bithghás, bithmhais eile)		-
300	EF	Gléasraí bithgháis	-	
400	EF	Painéil ghréine	-	
500	EF	Tuirbíní gaoithe	-	
600	EF	Córais gheoiteirmeacha	-	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA EN

EP Táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm

EF Saoráidí táirgthe fuinnimh in-athnuaite a bhíonn á n-úsáid ag an bhfeirmeoir

([19]) Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).

COLÚIN I dTÁBLA EN

Sciar na riachtanas fuinnimh (S)

Tá sciar na riachtanas fuinnimh le cur in iúl mar bhanda céatadáin lena léirítear cion na riachtanas fuinnimh a chumhdaítear leis an bhfoinse shonrach. Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 0 %

1 > 0 to ≤ 25 %

2 > 25 % to ≤ 50 %

3 > 50 % to ≤ 75 %

4 > 75 % to ≤ 100 %

5 > 100 %

Cód (C)

Tá sé le sonrú cé acu faoi úinéireacht an fheirmeora, ar cíos, faoi chomhúinéireacht le comhpháirtithe eile (amhail gléasraí bithgháis atá á n-úsáid ag roinnt feirmeacha) nó faoi úinéireacht gníomhaithe eile (amhail painéil fhótavoltacha atá faoi úinéireacht gníomhaithe eile atá suiteáilte ar thalamh na feirme) atá an teicneolaíocht nó an tsócmhainn áirithe. I gcás ina n-úsáideann an feirmeoir níos mó ná saoráid amháin faoi struchtúir úinéireachta éagsúla, sonrófar an príomhchineál úinéireachta sa chód.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

1 Tá an tsócmhainn faoi úinéireacht an fheirmeora

2 Tá an tsócmhainn ar cíos ag an bhfeirmeoir

3 Tá an tsócmhainn faoi chomhúinéireacht le comhpháirtithe eile

4 Tá an tsócmhainn faoi úinéireacht gníomhaithe eile

Tábla FL

Caillteanas táirgeachta ar an bhfeirm le haghaidh úsáidí bia agus beatha

Struchtúr an tábla

Catagóir an chaillteanais bia	Cód (*)	
Grúpaí faisnéise		Cód
		C
FL	Caillteanas bia/beatha	

Caillteanas táirgeachta ar an bhfeirm le haghaidh úsáidí bia agus beatha, is é atá ann méid na dtáirgí feirme a ceapadh ar dtús lena dtomhailt ag an duine nó ag ainmhithe agus a dhiúscraítear nó a chailltear (i.e. ní shroicheann sé an margadh nó ní úsáidtear é mar bhia agus/nó mar bheatha, mar a bhí beartaithe). I gcás barr, is éard atá ann aon chaillteanas a tharlaíonn ón uair atá na táirgí aibí go leor lena mbuain, go dtí an chéim iarbhuainte, mar a sroicheann na táirgí geata na feirme.

I gcás ainmhithe beo, is éard atá ann aon chaillteanas a tharlaíonn ón uair a mheastar na hainmhithe a bheith aibí go leor lena marú go dtí go sroicheann na táirgí geata na feirme.

I gcás táirgí ainmhithe (bainne agus uibheacha), cuirfear caillteanais san áireamh ón nóiméad a tharraingítear bainne ón úth agus ón nóiméad a leagann an t-éan uibheacha.

Tá an méid seo a leanas san áireamh ann:

— barra aibí a fágadh gan buain (e.g. mar gheall ar phraghsanna an-íseal ar an margadh nó mar gheall ar dhamáiste);

— táirgí a bhuantar agus a chóireáiltear *in situ* ar an bhfeirm (e.g., múirínithe ar an bhfeirm, dóite), nó a scaoiltear lasmuigh den fheirm;

— táirgí dá ndiúltaíonn an ceannaitheoir (e.g., mar gheall ar cheanglais cháilíochta agus tráchtála, rótháirgeadh) a thagann ar ais chuig an láithreán táirgthe nó a scaoiltear;

— caillteanais eile a tharla le linn stórála, iompair, próiseála ar an bhfeirm.

Ní áirítear leis sin:

— táirgí a ceapadh ar dtús lena dtomhailt ag an duine agus a atreoraítear lena n-úsáid mar bheatha le haghaidh beostoic;

— táirgí neamh-mhargaidh a thomhlaítear ar an bhfeirm nó a bhronntar ar charthanais, ar bhainc bhia nó ar chainéil eile dá samhail.

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	Grúpa	C
100	Cúis leis na caillteanais	FL	

TUAIRISC AR NA COLÚIN

Tá na cóid seo a leanas le húsáid chun an chúis leis na caillteanais a tharla le linn na bliana tuairiscithe, arna sainiú thuas, a thabhairt le fios (ceadaítear roinnt iontrálacha).

Cód (C)

1 Barra aibí fágtha gan buain

2 Táirgí a bhuantar agus a chóireáiltear ar an bhfeirm nó a scaoiltear lasmuigh den fheirm.

3 Táirgí dár dhiúltaigh an ceannaitheoir mar gheall ar cheanglais maidir le cáilíocht agus/nó tráchtáil (barra)

4 Táirgí dár dhiúltaigh an ceannaitheoir mar gheall ar cheanglais maidir le cáilíocht agus/nó tráchtáil (ainmhithe agus táirgí ainmhithe)

5 Caillteanais a tharla le linn stórála agus/nó iompair agus/nó próiseála ar an bhfeirm (táirgí barr)

6 Caillteanais a tharla le linn stórála agus/nó iompair agus/nó próiseála ar an bhfeirm (ainmhithe agus táirgí ainmhithe)

7 Cúiseanna eile nach luaitear thuas (e.g. athruithe gan choinne ar an margadh)

Tábla TR

Oiliúint

Struchtúr an tábla

	Catagóirí oiliúna	Cód (*)
		Colúin
		Cód
Grúpaí faisnéise		C
TT	Ábhair oiliúna	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód	Tuairisc ar na catagóirí	Grúpaí faisnéise	C
1000	Bainistíocht feirme	**TT**	
1010	Reachtaíocht	**TT**	
1020	Sábháilteacht agus sláinte ag an obair	**TT**	
1030	Cosc ar riosca agus bainistíocht riosca	**TT**	
1040	Digitiú agus meicniú	**TT**	
1050	Feirmeoireacht orgánach agus bainistiú comhtháite lotnaidí (IPM)	**TT**	
1060	Feirmeoireacht carbóin	**TT**	
1070	Táirgí cosanta plandaí	**TT**	
1080	Cothaithigh	**TT**	
1090	Bainistíocht ithreach agus uisce	**TT**	
1100	Úsáid fuinnimh	**TT**	
1110	Feirmeoireacht ainmhithe	**TT**	
1120	Leas ainmhithe	**TT**	
1130	Eile	**TT**	

GRÚPAÍ AGUS CATAGÓIRÍ FAISNÉISE I dTÁBLA TR

TR.TT.1000.C go TR.TT.1140.C: *Gairmoiliúint de réir topaice*: tá sé le sonrú cé acu a d'fhreastail nó nár fhreastail an sealbhóir/na sealbhóirí agus/nó an bainisteoir/na bainisteoirí agus na hoibrithe ar chúrsaí gairmoiliúna maidir le gach topaic le linn na bliana tuairiscithe. Tagraíonn sé seo do ghairmoiliúint, beart nó gníomhaíocht oiliúna a chuir oiliúnóir nó institiúid oiliúna ar fáil, agus é dírithe go príomha ar scileanna nua a fháil a bhaineann leis na gníomhaíochtaí feirme nó na gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta nó le forbairt agus feabhsú na scileanna atá ann cheana. I gcás ina gcumhdaítear níos mó ná topaic amháin le cúrsa oiliúna, tuairisceofar na topaicí ábhartha uile.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Níor fhreastail

1 D'fhreastail

TR.TT.1000.C. *Bainistíocht feirme*

Féadfar cuntasaíocht, cúrsaí airgeadais, margaíocht a bheith san áireamh i mbainistíocht feirme.

TR.TT.1010.C. *Reachtaíocht*

Is é a fhéadfaidh a bheith i gceist le reachtaíocht ceanglais dhlíthiúla, cánacha, CBT agus fóirdheontais eile. Ní chuirtear san áireamh léi sábháilteacht agus sláinte ceirde, rud is gá a thuairisciú faoi TR.TT.1020.C.

TR.TT.1020.C. *Sábháilteacht agus sláinte ag an obair*

Is é a fhéadfaidh a bheith i gceist le sábháilteacht agus sláinte ceirde guaiseacha a eascraíonn as an áit oibre nó a tharlaíonn san áit oibre a réamh-mheas, a aithint, a mheasúnú agus a rialú, ar guaiseacha iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte agus d'fholláine oibrithe.

TR.TT.1030.C. *Cosc ar riosca agus bainistíocht riosca*

Le hoiliúint maidir le rioscaí a chosc agus a bhainistiú, féadfar tagairt a dhéanamh d'aon chleachtas ná straitéis, idir nuálach agus thraidisiúnta, maidir le bainistiú riosca lena maolaítear riosca i dtáirgeadh talmhaíochta, chomh maith le teicnící bainistíochta lena maolaítear rioscaí airgeadais san fheirmeoireacht. Féadfar a chur san áireamh leis oiliúint maidir le rioscaí a bhainistiú trí bhíthin straitéisí bainistithe ionchuir le haghaidh táirgeadh barr agus beostoic, cinntí maidir le trealaimh, rialú lotnaidí agus galar, árachas príobháideach, cláir rialtais, straitéisí margaíochta, comhaontuithe tionachta talún, creidmheas talmhaíochta, éagsúlú ar an bhfeirm (e.g. GSE a bhaineann go díreach leis an bhfeirm), fostaíocht lasmuigh den fheirm, etc.

TR.TT.1040.C. *Digitiú agus meicniú*

Oiliúint ar an digitiú agus meicniú, féadfaidh sin tagairt do mheicniú agus teicneolaíocht nua san fheirmeoireacht a thuiscint agus a chur i bhfeidhm, agus foghlaim faoin gcaoi ar féidir leis an teicneolaíocht feabhas a chur ar bhainistiú feirme agus ar tháirgiúlacht ar an bhfeirm. Féadfar a áireamh leis feasacht a ardú, agus scileanna agus eolas a fheabhsú chun glacadh teicneolaíochtaí a bhaineann le digitiú sa talmhaíocht a mhéadú, lena n-áirítear uirlisí anailísithe sonraí.

TR.TT.1050.C. *Feirmeoireacht orgánach agus bainistiú comhtháite lotnaidí (IPM)*

Is modh talmhaíochta í an fheirmeoireacht orgánach arb é is aidhm dó bia a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as substaintí agus próisis nádúrtha. Bearta comhtháite bainistithe lotnaidí chun úsáid táirgí cosanta plandaí a bharrfheabhsú agus a theorannú, de réir na bprionsabal a bunaíodh le Treoir 128/2009/CE.

TR.TT.1060.C. *Feirmeoireacht carbóin*

Cuimsítear le feirmeoireacht carbóin gach cleachtas arb é is aidhm dó ceapadh carbóin a mhéadú agus/nó astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht a laghdú, trí theicnící bainistithe ithreach nó trí chleachtais eile.

TR.TT.1070.C. *Táirgí cosanta plandaí*

Féadfar a bheith san áireamh in oiliúint ar tháirgí cosanta plandaí (PPP) aon chleachtas/gealltanas maidir le húsáid PPP agus aon srian ar a úsáid.

TR.TT.1080.C. *Cothaithigh*

Féadfar a bheith san áireamh le húsáid agus bainistiú cothaitheach aon chleachtas/gealltanas maidir le húsáid cothaitheach, aon srian ar úsáid leasachán, e.g. cainníocht, foinse/cineál an chothaithigh (orgánach, mianrach etc.), teicnící leata, uainiú.

TR.TT.1090.C. *Bainistíocht ithreach agus uisce*

Is éard atá i gceist le bainistíocht ithreach oibríochtaí, cleachtais agus cóireálacha a chur i bhfeidhm chun ithir a chosaint agus a feidhmíocht a fheabhsú (amhail torthúlacht ithreach nó ithirmheicnic). Áirítear leis sin caomhnú ithreach, leasú ithreach, agus sláinte ithreach bharrfheabhsaithe. Is é is bainistiú uisce ann pleanáil straitéiseach, forbairt agus úsáid acmhainní uisce chun táirgeadh barr agus ainmhithe a bharrfheabhsú agus chun cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a choinneáil ar bun. Cuimsítear leis úsáid éifeachtúil uisciúcháin, caomhnú uisce, sceidealú, bainistiú draenála, bailiú uisce báistí agus athúsáid uisce. Féadfar bainistiú barr agus féarthalún a chur san áireamh le bainistiú ithreach agus uisce.

TR.TT.1100.C. *Úsáid fuinnimh*

Le hoiliúint ar fhuinneamh, féadfar táirgeadh fuinnimh (e.g. bithmhais, grianfhuinneamh) agus bearta caomhnaithe fuinnimh a chur san áireamh.

TR.TT.1110.C. *Feirmeoireacht ainmhithe*

Féadfar pórú, beathú agus tithíocht ainmhithe a bheith san áireamh le hoiliúint ar fheirmeoireacht ainmhithe. Ní chuirtear san áireamh léi leas ainmhithe, rud is gá a thuairisciú faoi TR.TT.1120.C. Leas ainmhithe

TR.TT.1120.C. *Leas ainmhithe*

Cuimsítear le leas agus sláinte ainmhithe bearta/gealltanas maidir le dálaí tithíochta (liúntas spáis, aeráil, solas, teocht, bogthaise etc.), rochtain ar innilt amuigh faoin aer agus ar spás amuigh faoin aer, teorainneacha ar úsáid ábhar frithmhiocróbach.

TR.TT.1130.C. *Eile*

Ábhair oiliúna nach liostaítear thuas.

TáblaSA

Sábháilteacht

Struchtúr an tábla

Catagóirí saoráidí agus sábháilteachta		Cód (*)
		Colúin
Grúpaí faisnéise		Cód
		C
SA	**Sábháilteacht**	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

		Grúpa	Cód
Cód	Tuairisc ar na catagóirí		C
100	Plean sábháilteachta na feirme	SA	
200	Tionóiscí ag an obair	SA	

Ba cheart na sonraí seo a leanas a sholáthar:

SA.SA.100.C. *Plean sábháilteachta na feirme*

Tá sé le sonrú cé acu a rinne nó nach ndearna an fheirm measúnú riosca san ionad oibre arbh é ab aidhm dó na guaiseacha a bhaineann leis an obair a laghdú, measúnú as ar tháinig doiciméad i scríbhinn (amhail 'plean sábháilteachta feirme'). Déanfar sonraí a thuairisciú sna tuairisceáin feirme gach bliain. Mar sin féin, féadfar sonraí a thiomsú nó a bhailiú ar mhinicíocht níos ísle, ar choinníoll go ndéanfar é sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Ní dhearna

1 Rinne

SA.SA.200.C.: *Tionóiscí ag an obair*

Tá sé le sonrú cé acu a bhain nó nár bhain tionóisc ag an obair don sealbhóir/do na sealbhóirí agus/nó don bhainisteoir/do na bainisteoirí nó do na hoibrithe le linn na bliana tuairiscithe (a raibh lá amháin neamhláithreachta ón obair nó níos mó mar thoradh air). Is é is timpiste ag an obair ann 'teagmhas scoite a tharlaíonn le linn na hoibre as a dtagann díobháil choirp nó intinne'.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Níor bhain

1 Bhain

Tábla SI

Cuimsiú sóisialta

Struchtúr an tábla

	Catagóirí cuimsithe shóisialta	Cód (*)
		Colúin
		Cód
Grúpaí faisnéise		C
SF	Feirmeoireacht shóisialta	

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	Grúpa	C
100	Gníomhaíochtaí feirmeoireachta sóisialta a bheith ann	**SF**	

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA SI

SI.SF.100.C: *Feirmeoireacht shóisialta*

Is éard atá i gceist le feirmeoireacht shóisialta úsáid acmhainní talmhaíochta agus timpeallacht nádúrtha na feirme chun gníomhaíochtaí cúraim agus seirbhísí sóisialta a sholáthar do dhaoine leochaileacha (daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas etc.) agus iad a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht feirmeoireachta san am céanna.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 Ní hea

1 Is ea

Tábla SE

Seirbhísí a bhfuil rochtain ag feirmeoirí orthu

Struchtúr an tábla

Catagóirí seirbhísí		Cód (*)	
		Colúin	
		Cumhdach	Síntiús
		C	S
Grúpaí faisnéise		Cuir isteach an cód	Cuir isteach an cód
IC	**Nasc idirlín**		

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc ar na catagóirí	Grúpa	C	S
100	**Leathanbhanda fosaithe**	**IC**		
200	**Leathanbhanda móibíleach**	**IC**		

GRÚPAÍ AGUS CATAGÓIRÍ FAISNÉISE I dTÁBLA SE

Maidir leis na pointí sonraí seo a leanas, tuairisceofar sonraí sna tuairisceáin feirme go bliantúil. Mar sin féin, féadfar sonraí a thiomsú nó a bhailiú ar mhinicíocht níos ísle, ar choinníoll go ndéanfar é sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

SE.IC.100.C. *Cumhdach le nasc idirlín leathanbhanda fhosaithe*

Tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an bhfeirm ar nasc idirlín leathanbhanda fhosaithe amhail DSL, ADSL, VDSL, cábla, snáithín optúil, satailít nó naisc Wi-Fi phoiblí.

Na cóid atá le húsáid:

0 Níl

1 Tá

SE.IC.100.S. *Síntiús le nasc idirlín leathanbhanda fhosaithe*

Tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an bhfeirm ar nasc idirlín leathanbhanda fhosaithe amhail DSL, ADSL, VDSL, cábla, snáithín optúil, satailít nó naisc Wi-Fi phoiblí.

Níor cheart é sin a iarraidh ach amháin i gcás gabháltas a bhfuil rochtain orthu trí bhíthin nasc idirlín leathanbhanda fhosaithe (freagra ar SE.IC.100.C.=1).

Na cóid atá le húsáid:

0 Níl

1 Tá

SE.IC.200.C. *Cumhdach le nasc idirlín leathanbhanda mhóibíligh*

Tá sé le sonrú cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ag an bhfeirm ar nasc idirlín leathanbhanda mhóibíligh (trí líonra fón póca, 4G ar a laghad).

Na cóid atá le húsáid:

0 Níl

1 Tá, go páirteach

2 Tá

SE.IC.200.S. *Síntiús le nasc idirlín leathanbhanda mhóibíligh*

Tá sé le sonrú cé acu a ghlac nó nár ghlac an fheirm síntiús le nasc idirlín leathanbhanda mhóibíligh (trí líonra fón póca, 4G ar a laghad).

Níor cheart é sin a iarraidh ach amháin i gcás gabháltas a bhfuil rochtain orthu trí bhíthin nasc idirlín leathanbhanda mhóibíligh (freagra ar SE.IC.200.C.=1 nó 2).

Na cóid atá le húsáid:

0 Níor ghlac

1 Ghlac

Tábla GR

Athnuachan ó ghlúin go glúin

Struchtúr an tábla

	Catagóirí bainistíochta agus comharbaí	Cód (*)	

		Colúin	
Grúpaí faisnéise		Cód	Bliain
		C	Y
GR	**Athnuachan ó ghlúin go glúin**		

Tá na catagóirí le roghnú ón liosta thíos:

Cód (*)	Tuairisc	Grúpa	C	Y
100	An bhliain ar thóg an sealbhóir an fheirm ar láimh	**GR**	—	
200	Tarchur	**GR**		—
300	Pleananna chun deireadh a chur leis an ngníomhaíocht	**GR**		—

GRÚPAÍ FAISNÉISE I dTÁBLA GR

GR.GR.100.Y. *An bhliain ar thóg an sealbhóir an fheirm ar láimh*

Tá sé le sonrú cén bhliain ar thóg an sealbhóir atá ann faoi láthair an fheirm ar láimh (sealbhóir/bainisteoir nó sealbhóir/nach bainisteoir é), agus an méid sin le taifeadadh san fhormáid 'BBBB'.

I gcás ina bhfuil níos mó ná sealbhóir/bainisteoir amháin nó sealbhóir amháin/nach bainisteoir é ag oibriú ar an bhfeirm (agus an méid sin á thuairisciú i dTábla C dá bhrí sin), tagróidh an bhliain don chéad sealbhóir/bainisteoir a thóg an gabháltas ar láimh.

Níor cheart é sin a iarraidh ach amháin i gcás ina bhfuil sealbhóir/bainisteoir(í) nó sealbhóir/nach bainisteoir(í) é/iad tuairiscithe ag an bhfeirm i dTábla C.

Déanfar sonraí a thuairisciú sna tuairisceáin feirme gach bliain. Mar sin féin, féadfar sonraí a thiomsú nó a bhailiú ar mhinicíocht níos ísle, ar choinníoll go ndéanfar é sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

GR.GR.200.C. *Tarchur*

Tá sonraí le tabhairt faoin duine ónar aistríodh an gabháltas chuig an sealbhóir/bainisteoir nó sealbhóir/nach bainisteoir é atá ann faoi láthair, nuair a thóg an duine sin ar láimh é.

I gcás ina bhfuil níos mó ná sealbhóir/bainisteoir amháin nó sealbhóir amháin/nach bainisteoir é atá ag oibriú ar an bhfeirm (agus an méid sin á thuairisciú i dTábla C dá bhrí sin), tagrófar sa fhreagra don chéad sealbhóir/bainisteoir a thóg an gabháltas ar láimh.

I gcás ina bhfuil níos mó ná modh tarchurtha amháin ann, tuairisceofar an ceann is mó de réir luacha. Níor cheart é sin a iarraidh ach amháin i gcás ina bhfuil sealbhóir/bainisteoir(í) nó sealbhóir/nach bainisteoir(í) é/iad tuairiscithe ag an bhfeirm i dTábla C.

Déanfar sonraí a thuairisciú sna tuairisceáin feirme gach bliain. Mar sin féin, féadfar sonraí a thiomsú nó a bhailiú ar mhinicíocht níos ísle, ar choinníoll go ndéanfar é sin uair amháin gach 5 bliana ar a laghad.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 neamhbhainteach (níl aon sealbhóir/bainisteoir – sealbhóir/nach bainisteoir é ag an bhfeirm)

1 aistríodh an fheirm ó bhall teaghlaigh (trí thabhartas, comharbas nó ar bhealaí eile)

2 aistríodh an fheirm ó dhuine nár bhall teaghlaigh é

3 is é an sealbhóir/bainisteoir nó an sealbhóir/nach bainisteoir é atá ann faoi láthair a chruthaigh an fheirm

GR.GR.300.C. *Pleananna chun deireadh a chur leis an ngníomhaíocht*

Ní mór a shonrú cé acu atá nó nach bhfuil pleananna sonracha déanta ag an sealbhóir/bainisteoir nó ag an sealbhóir/nach bainisteoir é maidir leis an gcaoi a mbainisteofar acmhainní na feirme nuair a chuirfidh siad deireadh lena ngníomhaíocht (e.g. tar éis scoir).

Níor cheart é sin a iarraidh ach amháin i gcás ina bhfuil an sealbhóir/bainisteoir nó an sealbhóir/nach bainisteoir é atá tuairiscithe i dTábla C níos sine ná 60 bliain d'aois.

I gcás ina bhfuil níos mó ná modh tarchurtha amháin ann, tuairisceofar an ceann is mó de réir luacha.

Tá na códuimhreacha seo a leanas le húsáid:

0 neamhbhainteach (níl aon sealbhóir/bainisteoir nó sealbhóir/nach bainisteoir é ag an bhfeirm)

1 níl aon phlean ann i láthair na huaire

2 aistreofar an fheirm go ball teaghlaigh (trí thabhartas, comharbas nó ar bhealaí eile)

3 aistreofar an fheirm go duine nach ball teaghlaigh é

4 tá sé beartaithe ag an sealbhóir/bainisteoir nó ag an sealbhóir/nach bainisteoir é an fheirm/an talamh feirme a ligean ar cíos

5 eile

COLÚIN I dTÁBLA GR

Tagraíonn colún C don chód, tagraíonn colún Y don bhliain.

IARSCRÍBHINN IX

Tráthchlár chun na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a thíolacadh agus díolúintí maidir le hathróga sonracha dá dtagraítear in Airteagal 12

Sa cholún 'tábla Iarscríbhinn VIII' is féidir táblaí LSCF atá ann cheana (cód 1 dhigit ó A go M) agus táblaí agus athróga LSIF a tugadh isteach le déanaí a shainaithint:

— léirítear táblaí LSIF nua mar línte agus sainaithnítear iad trí chóid 2-dhigit nó 3-dhigit,

— athróga nua LSIF i dtáblaí LSCF atá ann cheana, léirítear iad trí chód na hathróige sonraí mar línte breise faoin tábla LSCF comhfhreagrach.

I gcás táblaí LSCF atá ann cheana, ní féidir díolúintí a iarraidh ach amháin le haghaidh athróga nua LSIF, a thugtar le fios go sainráite i ndáil le táblaí LSCF atá ann cheana.

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a chur isteach (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla A - Faisnéis ghinearálta maidir leis an ngabháltas	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
A.CL.142.DT. An bhliain inar thosaigh an fheirm ag tiontú go feirmeoireacht orgánach			An Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic in 2026 An Rómáin in 2027
A.CL.145.C. An sciar de tháirgí feirmeoireachta orgánaí a dhíoltar mar tháirgí orgánacha i bhfeirmeacha deimhnithe			An Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic, an tSualainn in 2026 An Rómáin in 2027
A.OT.240.C Rannpháirtíocht i gcistí frithpháirteacha			An Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic, an tSualainn in 2026 An Rómáin in 2027
A.OT.241.C Cúiteamh as caillteanais			An Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic, an tSualainn in 2026 An Rómáin in 2027
Tábla B - Cineál gairme	X		Neamhbhainteach
Tábla C - Lucht saothair	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
C.EX Oibrithe seachtracha			An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil, an tSualainn in 2026 An Rómáin, an Laitvia in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Colún G – Inscne (maidir le hoibrithe)			An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil in 2026 An Rómáin, an Laitvia in 2027
Colúin AW - Pá agus costais slándála sóisialta in aghaidh na bliana / in aghaidh na huaire			An Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil in 2026 An Rómáin, Málta, an Laitvia, an tSualainn in 2027
Colún R - Scor			An Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil in 2026 An Rómáin, Málta, an Laitvia in 2027

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a chur isteach (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla D - Sócmhainní agus infheistíochtaí	X		Neamhbhainteach
Tábla E - Cuótaí agus cearta eile	X		Neamhbhainteach
Tábla F - Fiachais/creidmheasanna	X		Neamhbhainteach
Tábla G - Cáin bhreisluacha (CBL)	X		Neamhbhainteach
Tábla H - Ionchuir	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
5035. Ar breoslaí de thionscnamh eile iad			An Ghréig, an Chipir in 2026 An Rómáin, Málta in 2027
Tábla I - Úsáid talún agus barra	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
Colúin ‘an chuid de atá go hiomlán orgánach – an chuid de atá á tiontú go horgánach’			An Ghréig, an Chipir in 2026 An Rómáin, an Laitvia in 2027 Lucsamburg in 2028
Tábla J - Táirgeadh beostoic	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
J. OR Orgánach - J. CO atá á thiontú go horgánach			An Fhrainc, an Ghréig, an Chipir in 2026 An Rómáin, an tSlóvaic, an Laitvia, an Chróit in 2027
L.DL Líon básanna, lena n-áirítear maruithe éigeandála			An Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 An Rómáin in 2027
J.TH Cineál tithíochta			An Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 An Rómáin, an Laitvia in 2027
J. TO Am a caitheadh faoin aer			An Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 An Rómáin, an Laitvia in 2027
Tábla K - Táirgí agus seirbhísí ainmhithe	X		Neamhbhainteach
Tábla L - GSE a bhaineann go díreach leis an bhfeirm	X		Neamhbhainteach
Tábla M - Fóirdheontais	X		Neamhbhainteach ach amháin maidir leis an méid seo a leanas:
3770 - Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise			An Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic in 2026 An Rómáin, Málta in 2027
3780 - Comhar			An Ghearmáin, an Fhrainc, an Ghréig, an Chipir, an tSlóvaic in 2026 An Rómáin, Málta in 2027

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a chur isteach (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla MI - Comhtháthú margaidh	X		An Ghearmáin, an Fhrainc, an tSeicia, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil, an tSualainn in 2026 An Bheilg, an Rómáin, an tSlóvaic, Málta, an Laitvia, an Chróit in 2027
Tábla DI – Nuálaíocht agus digitiú		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla OF - Sciar táscach d'ioncam lasmuigh den fheirm		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla FP1 - Cleachtais feirmeoireachta	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an Phortaingéil, an tSualainn in 2026 An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Rómáin, an tSlóvaic, an Laitvia, an Chróit in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla FP2 - Cleachtais feirmeoireachta		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla NM1 - Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Stóráil aoiligh	X		An Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an Laitvia, an tSualainn in 2026 An tSeicia, an Rómáin, an tSlóvaic, an Chróit in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla NM2 - Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Stóráil aoiligh	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an Laitvia, an tSualainn in 2026 An Bheilg, an Eastóin, an tSeicia, an Rómáin, an tSlóvaic, an Chróit in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla NM3 - Úsáid agus bainistiú cothaitheach – Ionchur beatha		X	An Fhrainc, Málta, an Spáinn in 2028
Tábla ST - Tástáil ithreach (roghnach)	X		
Tábla BD1 – Bithéagsúlacht – Gnéithe tírdhreacha	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir in 2026 An Rómáin in 2027 An Fhrainc, Lucsamburg, Málta in 2028
Tábla BD2 - Bithéagsúlacht – Rialú bitheolaíoch agus bainistiú féarthalún		X	An Fhrainc, Lucsamburg, Málta in 2028
Tábla WT - Bainistíocht uisce		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla I2 - Úsáid táirgí cosanta plandaí		X	An Fhrainc, Málta, an Spáinn in 2028
Tábla J1 - Úsáid fhrithmhiocróbach		X	An Fhrainc, Málta, an Spáinn in 2028
Tábla CS - Scéimeanna deimhniúcháin don chomhshaol	X		An Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 An Rómáin, an tSlóvaic, Málta in 2027
Tábla EN - Fuinneamh		X	An Fhrainc, Málta in 2028

Táblaí Iarscríbhinn VIII agus athróga nua LSIF	An chéad bhliain tuairiscithe		Díolúintí ó athróga sonracha a chur isteach (sonraítear an chéad bhliain tuairiscithe)
	2025	2027	
Tábla FL - Caillteanas táirgeachta ar an bhfeirm le haghaidh úsáidí bia agus beatha		X	An Fhrainc, Lucsamburg, Málta, an Chróit in 2028
Tábla TR - Oiliúint		X	An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla SA - Sábháilteacht	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir in 2026 An Rómáin in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla SI - Cuimsiú sóisialta	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir in 2026 An Rómáin in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028
Tábla SE - Seirbhísí a bhfuil rochtain ag feirmeoirí orthu	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 An Rómáin, Málta in 2027
Tábla GR - Athnuachan ó ghlúin go glúin	X		An Ghearmáin, an Ghréig, an Chipir, an tSualainn in 2026 An Rómáin, an tSlóvaic in 2027 An Fhrainc, Málta in 2028

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2746/oj

IARSCRÍBHINN X

An méid is iníoctha leis na Ballstáit, in EUR (i bpraghsanna reatha), le haghaidh na mblianta tuairiscithe 2025, 2026 agus 2027, dá dtagraítear in Airteagal 17

	Bliain tuairiscithe 2025				Bliain tuairiscithe 2026				Bliain tuairiscithe 2027		
	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid
AN BHEILG	198 000	397 600	136 702	732 302	198 000	374 816	182 270	755 086	198 000	501 241	699 241
AN BHULGÁIR	396 360	352 436	501 697	1 250 493	396 360	352 436	501 697	1 250 493	396 360	1 003 394	1 399 754
AN tSEICIA	230 760	386 620	185 874	803 254	230 760	373 343	212 427	816 530	230 760	584 174	814 934
AN DANMHAIRG	261 000	400 883	300 331	962 214	261 000	400 883	300 331	962 214	261 000	660 727	921 727
AN GHEARMÁIN	919 980	1 985 289	105 861	3 011 130	919 980	1 455 983	1 164 475	3 540 438	919 980	2 328 950	3 248 930
AN EASTÓIN	104 400	223 399	108 119	435 918	104 400	223 399	108 119	435 918	104 400	264 291	368 691
ÉIRE	162 000	368 882	205 053	735 935	162 000	368 882	205 053	735 935	162 000	410 107	572 107
AN GHRÉIG	533 880	1 013 146	61 433	1 608 459	533 880	705 980	675 765	1 915 625	533 880	1 351 529	1 885 409
AN SPÁINN	1 566 000	1 606 195	1 982 182	5 154 377	1 566 000	1 606 195	1 982 182	5 154 377	1 566 000	3 423 769	4 989 769
AN FHRAINC	1 368 000	2 553 255	472 244	4 393 499	1 368 000	2 474 548	629 659	4 472 207	1 368 000	629 659	1 997 659
AN CHRÓIT	225 180	372 981	181 379	779 540	225 180	372 981	181 379	779 540	225 180	544 137	769 317
AN IODÁIL	1 695 240	1 623 948	2 145 769	5 464 957	1 695 240	1 623 948	2 145 769	5 464 957	1 695 240	4 291 538	5 986 778
AN CHIPIR	90 000	265 654	10 356	366 010	90 000	213 873	113 919	417 792	90 000	227 837	317 837
AN LAITVIA	180 000	295 256	144 987	620 243	180 000	274 543	186 412	640 955	180 000	455 674	635 674
AN LIOTUÁIN	180 000	306 954	227 837	714 791	180 000	306 954	227 837	714 791	180 000	455 674	635 674
LUCSAMBURG	81 000	201 967	93 206	376 173	81 000	201 967	93 206	376 173	81 000	177 091	258 091
AN UNGÁIR	342 000	463 433	432 890	1 238 323	342 000	463 433	432 890	1 238 323	342 000	865 781	1 207 781
MÁLTA	96 480	251 602	11 102	359 184	96 480	251 602	11 102	359 184	96 480	44 408	140 888
AN ÍSILTÍR	270 000	702 640	341 756	1 314 396	270 000	702 640	341 756	1 314 396	270 000	683 511	953 511

	Bliain tuairiscithe 2025				Bliain tuairiscithe 2026				Bliain tuairiscithe 2027		
	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (b)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (a)	Méid dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointe (c)	Uasmhéid
AN OSTAIR	324 000	367 386	410 107	1 101 493	324 000	367 386	410 107	1 101 493	324 000	820 213	1 144 213
AN PHOLAINN	1 620 000	1 377 272	2 050 533	5 047 805	1 620 000	1 377 272	2 050 533	5 047 805	1 620 000	4 101 066	5 721 066
AN PHORTAINGÉIL	414 000	553 417	428 748	1 396 165	414 000	505 779	524 025	1 443 804	414 000	1 048 050	1 462 050
AN RÓMÁIN	918 000	1 359 686	105 634	2 383 320	918 000	1 359 686	105 634	2 383 320	918 000	2 323 938	3 241 938
AN tSLÓIVÉIN	163 440	258 693	206 876	629 009	163 440	258 693	206 876	629 009	163 440	413 752	577 192
AN tSLÓVAIC	101 160	280 835	58 202	440 197	101 160	280 835	58 202	440 197	101 160	256 089	357 249
AN FHIONLAINN	117 000	275 514	148 094	540 608	117 000	275 514	148 094	540 608	117 000	296 188	413 188
AN tSUALAINN	184 500	377 326	84 921	646 747	184 500	303 020	233 533	721 053	184 500	467 066	651 566
Iomlán don AE	12 742 380	18 622 269	11 141 893	42 506 542	12 742 380	17 476 591	13 433 252	43 652 223	12 742 380	28 629 854	41 372 234
Cúlchiste le haghaidh réamhsheachadtaí				2 493 458				1 347 777			

IARSCRÍBHINN XI

Foirm agus leagan amach na sonraí atá le hasbhaint as na tacair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18

Tugtar tuilleadh treoraíochta sa téacs seo maidir le sonraí imdhealaithe faoi idirghabhálacha agus tairbhithe a thíolacadh agus sainítear ann foirm agus ábhar na sonraí sin.

Agus na Ballstáit á dtreorú chuig Airteagal 4a (1), pointe (a) de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 agus é d'aidhm leis sin gabháltais tuairisceáin LSIF a nascadh le comhaid chomhfhreagracha na dtairbhithe, lena n-áirítear sonraí imdhealaithe maidir le tairbhithe, agus comhaid idirghabhála, lena n-áirítear sonraí imdhealaithe maidir le hidirghabhálacha, a chuimsítear sna sonraí le haghaidh an tacair sonraí faireacháin agus meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn IV de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 ón gCoimisiún ([1]), roghnóidh siad ceann amháin de na roghanna seo a leanas.

Rogha 1: Má roghnaíonn na Ballstáit an t-aitheantóir tairbhí a bhaineann leis an ngabháltas tuairisceáin a chur ar fáil don Choimisiún, roinnfear na sonraí seo a leanas ó na comhaid idirghabhála agus tairbhí:

M030 / B010 aitheantas uathúil tairbhí dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475.

Uimhir LSIF: Soláthróidh na Ballstáit uimhir LSIF an ghabháltais tuairisceáin, agus an méid sin nasctha leis an aitheantas uathúil tairbhí.

Is féidir roinnt iontrálacha a dhéanamh, ós rud é go bhféadfadh níos mó ná tairbhí amháin a bheith bainteach le gabháltas LSIF amháin agus go bhféadfadh tairbhí amháin a bheith bainteach le roinnt gabháltas LSIF.

Rogha 2: Má roghnaíonn an Ballstát na sonraí a bhaineann leis an ngabháltas tuairisceáin a chur ar fáil don Choimisiún go díreach, roinnfear na sonraí seo a leanas ó na comhaid idirghabhála agus tairbhí:

Uimhir LSIF: Soláthróidh an Ballstát uimhir LSIF an ghabháltais tuairisceáin, agus an méid sin nasctha leis na sonraí.

Is féidir roinnt iontrálacha a dhéanamh, ós rud é go bhféadfadh roinnt tairbhithe a bheith bainteach le gabháltas LSIF amháin agus go bhféadfadh tairbhí amháin a bheith bainteach le roinnt gabháltas LSIF.

SONRAÍ IMDHEALAITHE FAOI IDIRGHABHÁLACHA

Uimhir	Tuairisc
Athróga faireacháin chun faisnéis riaracháin a thuairisciú	
M010	cód na gníomhaireachta íocaíochta
M020	cód uathúil le haghaidh iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta le haghaidh idirghabhála
M040	cód buiséid
Athróga faireacháin chun na méideanna a caitheadh a thuairisciú	
M050	méid iomlán ó chistí an Aontais
M060	caiteachas poiblí iomlán
M070	iomlán an mhaoinithe náisiúnta bhreise

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meastóireacht ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta (IO L 232, 7.9.2022, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1475/oj).

Uimhir	Tuairisc
Athróga faireacháin chun an limistéar incháilithe arna chinneadh a thuairisciú	
M080	líon heicteár de limistéar incháilithe arna chinneadh roimh na teorainneacha a chur i bhfeidhm, cé is moite d'fhoraoiseacht
M085	líon heicteár de limistéar incháilithe foraoiseachta arna chinneadh roimh na teorainneacha a chur i bhfeidhm
M090	líon heicteár de limistéar incháilithe cé is moite d'fhoraoiseacht
M095	líon heicteár de limistéar incháilithe foraoiseachta arna chinneadh tar éis na teorainneacha a chur i bhfeidhm
Athróga faireacháin chun aonaid arna n-íoc a thuairisciú	
M100	líon heicteár de limistéar incháilithe arna íoc
M101	líon heicteár de limistéar talún arúla incháilithe arna íoc as cleachtais chun limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil, mar shampla, talamh a fhágtar branair
M102	líon heicteár de limistéar talún arúla incháilithe arna íoc as cleachtais chun gnéithe tírdhreacha nua a bhunú mar a leagtar síos in Airteagal 31(1a) de Rialachán (AE) 2021/2115
M110	líon na gceann ainmhithe arna n-íoc
M120	líon na n-aonad beostoic arna n-íoc
M130	líon na n-oibríochtaí arna n-íoc
M140	líon na bhfeirmeacha a fhaigheann tacaíocht
M150	líon na gcistí frithpháirteacha arna n-íoc
M160	líon na n-aonad eile arna n-íoc – aonad tomhais
M161	líon na n-aonad eile arna n-íoc – aschur a ghintear
Athróga faireacháin lena dtuairiscítear cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníoll	
M170	infheistíocht a bhfuil glanmhéadú ar an limistéar uiscithe mar thoradh uirthi
M180	infheistíocht a bhfuil feabhas ar shuiteálacha uiscithe atá ann cheana mar thoradh uirthi
M190	infheistíocht in úsáid uisce athshlánaithe
M200	infheistíocht i leathanbhanda
M210	infheistíocht i mbithmheatán

SONRAÍ IMDHEALAITHE FAOI THAIRBHITHE

Uimhir	Tuairisc
B020	inscne
B030	feirmeoir óg
B040	suíomh geografach – bardas
B050	limistéir a bhfuil srianta nádúrtha nó srianta sonracha eile orthu
B060	crios ar riosca dó an níotráit
B070	saintréithe shuíomh na feirme i bplean bainistíochta abhantraí
B080	Limistéar NATURA 2000
B090	feirm orgánach

Uimhir	Tuairisc
B100	líon heicteár de thalamh arúil a dearbhaíodh
B110	líon heicteár d'fhéarthailte buana a dearbhaíodh
B120	líon na heicteár ar dearbhaíodh barra buana a bheith iontu
B130	líon heicteár de limistéir eile atá incháilithe d'íocaíochtaí díreacha
B141	GAEC 2 – líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh – féarthailte buana
B142	GAEC 2 – líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh – talamh arúil
B143	GAEC 2 – líon heicteár de bhogach agus tailte portaigh – barra buana
B170	GAEC 9 – líon na heicteár atá faoi réir an toirmisc ar athchóiriú nó ar threabhadh
B171	GAEC 9 — líon heicteár d'fhéarthailte buana i láithreáin Natura 2000
B172	GAEC 9 — líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de i láithreáin Natura 2000 a chosnaítear faoi GAEC 9 agus a ndearbhaíonn feirmeoirí ina leith
B180	líon heicteár d'fhéarthailte buana a ainmnítear mar fhéarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de lasmuigh de láithreáin Natura 2000, ar féarthailte buana iad a chosnaítear faoi raon feidhme GAECanna agus a ndearbhaíonn feirmeoirí ina leith, i gcás inarb infheidhme

IARSCRÍBHINN XII

Foirm agus leagan amach na sonraí atá le hasbhaint as na tacair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 20

Tugtar tuilleadh treoraíochta sa téacs seo maidir le tíolacadh sonraí imdhealaithe ón gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Cinnfidh na Ballstáit go gcomhfhreagróidh Uimhreacha Aitheantais (IDanna) an ghabháltais tuairisceáin sna córais CCRR agus LSIF dá chéile, agus áiritheoidh siad go dtagraíonn na huimhreacha don eintiteas céanna.

Maidir le hAirteagal 4a(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, roghnóidh na Ballstáit ceann amháin de na roghanna 1, 2.1 nó 2.2 seo a leanas.

Rogha 1: Má roghnaíonn an Ballstát na haitheantóirí dáileachta talún a bhaineann leis an ngabháltas tuairisceáin a chur ar fáil don Choimisiún, roinnfear na sonraí seo a leanas ó chóras CCRR:

I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit an rogha sin, soláthróidh siad don Choimisiún na haitheantóirí seo a leanas ó CCRR atá nasctha le ID LSIF: uimhir aitheantais uathúil (ID) na ndáileachtaí talún tagartha, na ndáileachtaí talmhaíochta agus na limistéar neamhthalmhaíochta a mheasann na Ballstáit a bheith incháilithe chun tacaíocht a fháil le haghaidh na n-idirghabhálacha limistéarbhunaithe, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 agus Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173.

Is féidir roinnt iontrálacha a dhéanamh, toisc go bhféadfadh gabháltas LSIF amháin roinnt dáileachtaí talún tagartha, dáileachtaí talmhaíochta gaolmhara agus limistéir neamhthalmhaíochta a bheith aige, a mheasann an Ballstát a bheith incháilithe.

Rogha 2: Má roghnaíonn an Ballstát na sonraí a bhaineann leis an ngabháltas tuairisceáin a chur ar fáil don Choimisiún go díreach, roinnfear na sonraí spásúla seo a leanas ón gcóras CCRR:

Rogha 2.1

I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit an rogha sin, soláthróidh siad don Choimisiún an tacar sonraí spásúla seo a leanas maidir le dáileachtaí talún tagartha agus dáileachtaí talmhaíochta, dá dtagraítear i dTreoir 2007/2/CE ([2]) agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ([3]), lena n-áirítear na tréithe seo a leanas:

— Geoiméadracht (teorainn agus achar gach dáileachta talún): dáileachtaí talún tagartha, dáileachtaí talmhaíochta agus aonaid talún ina bhfuil limistéir neamhthalmhaíochta a mheasann an Ballstát a bheith incháilithe mar a thuairiscítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 agus Airteagal 8(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173.

— Úsáidí talún (barra nó grúpaí barr).

— Gnéithe tírdhreacha, dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173.

— Limistéar faoi fheirmeoireacht orgánach, dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173.

Soláthróidh na Ballstáit uimhir LSIF an ghabháltais tuairisceáin, agus an méid sin nasctha le sonraí spásúla an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR).

([1]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

([2]) Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/2/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2022 lena leagtar síos liosta de thacair sonraí shonracha ardluacha agus na socruithe maidir lena bhfoilsiú agus lena n-athúsáid (IO L 19, 20.1.2023, lch. 43).

Is féidir roinnt iontrálacha a dhéanamh, toisc go bhféadfadh gabháltas LSIF amháin roinnt dáileachtaí talún tagartha, dáileachtaí talmhaíochta gaolmhara agus limistéir neamhthalmhaíochta a bheith aige, a mheasann an Ballstát a bheith incháilithe.

Rogha 2.2

I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit an rogha sin, cuirfidh siad na táscairí seo a leanas ar fáil don Choimisiún:

— Ilroinnt an ghabháltais: líon na ndáileachtaí talmhaíochta, meánmhéid na ndáileachtaí, an t-achar uasta idir dáileachtaí is faide óna chéile, an meánachar idir dáileachtaí, líon na mbraislí dáileachtaí laistigh de mhaolán 1 km go 10 km.

— Athrú ar an úsáid talún: tiontú talún ón mbliain roimhe go dtí na catagóirí úsáide talún seo a leanas: talamh foraoise, talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí agus talamh eile dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2018/841 ([4]).

— Gnéithe tírdhreacha: Soláthrófar na limistéir gnéithe tírdhreacha a áirítear in Iarscríbhinn VIII - Tábla BD1 - Bithéagsúlacht - Gnéithe tírdhreacha.

([4]) Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj).